

**Aibreán 2024**
Holly Morrin
An Dr. Bernie O'Donoghue Hynes
An Dr. Des Delaney
Ailish Mitchell

# 2023 Rialtas Áitiúil Tuarascáil Seirbhísí:

## Feasacht, Rannpháirteachas, Sásamh agus Meon maidir le Seirbhísí

LGMA
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government Management Agency

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

2023 Tuarascáil Seirbhísí Rialtais Áitiúil: Feasacht, Rannpháirteachas, Sásamh agus Meon maidir le Seirbhísí.

Aibreán 2024

Taighde GBRÁ

ISBN: 978-1-911692-07-2

Ba cheart go luafaí an doiciméad seo mar seo a leanas:

Morrin, H., O'Donoghue Hynes, B., Delaney, D agus Mitchell, A. (2024). 2023 Tuarascáil Seirbhísí Rialtais Áitiúil: Feasacht, Rannpháirteachas, Sásamh agus Meon Baile Átha Cliath. LGMA

# Buíochas

Sonraítear sa tuarascáil seo torthaí maidir leis an mbliain dheireanach de chlár oibre trí bliana a bhí á maoirsiú ag Grúpa Comhairleach Taighde Coiste Chorparáidigh (RAG). Ba mhaith leis na húdair a mbuíochas a ghabháil le gach ball den ghrúpa a thug a gcuid ama go fial agus a thug aiseolas comhthéacsúil mionsonraithe chun eolas a thabhairt do thoradh na hoibre.

Glactar buíochas freisin le gach duine a chomhlánaigh na ceistneoirí náisiúnta agus a ghlac páirt i ngrúpaí fócais chomh maith leis na baill foirne a sholáthraíonn seirbhísí údaráis áitiúil. Ba mhian linn buíochas ó chroí a ghabháil, le foireann an údaráis áitiúil, go háirithe, a thacaíonn le leabharlanna 'Guth an Chustaiméara' agus a chuireann suirbhéanna cothabhála ar fáil mar aon leis an bhfoireann a chuir cásanna staidéir ar fáil. Buíochas le húsáideoirí leabharlainne agus tionóntaí thithíocht sóisialta a chuir iarratais chothabháil tithíochta isteach agus a chuir suirbhéanna sásamh custaiméirí i gcrích.

Buíochas leis an mBainisteoir Tionscadal Grúpa Oibre KPI Gníomhú ar son na hAeráide, Breda Maher, as cuidiú le dearadh na gceisteanna suirbhé a raibh téama gníomhaithe ar son na haeráide ann agus an achoimre an fhócas grúpa. Anuas air sin, an fhoireann in REDC, go háirithe Bryan Cox agus Colm O'Cleary a bhí rannpháirteach leis an GBRÁ chun an suirbhé feasachta náisiúnta a athrú agus tabhairt faoi.

Ar deireadh, buíochas le Diane Richmond ó Unique Insights a chuir na grúpaí fócaisi gcrích.

**CBCC Baill Ghrúpa Comhairleach Taighde Coiste Chorparáidigh**

Brian Barrett, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, **(Cathaoirleach & ionadaí ón gCoiste Corparáideach CCMA)**

Mairin O'Sullivan, Comhairle Contae Chorcaí

Pauline Treacy, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Ms. Karen Boyle, Comhairle Contae Chill Mhantáin

Suzanne Duffy, Comhairle Contae Liatroma

**Baill roimhe seo**

Ruth McNally, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, **Cathaoirleach**

Clare Curley, Comhairle Contae Thiobraid Árann, **Cathaoirleach**

Ms. Gemma Whitty, Comhairle Contae Chill Mhantáin

Brenda Hegarty, Comhairle Contae Liatroma

# Brollach

Is í seo an tríú bliain ag earnáil an rialtais áitiúil tuarascáil ar sheirbhís do chustaiméirí a fhoilsiú. Léirítear sa tuarascáil treochtaí maidir le feasacht faoi sheirbhísí údaráis áitiúil a sholáthraítear, na bealaí a mbaineann an pobal úsáid astu chun imeacht i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla, seirbhísí is minice a mbaineann an pobal úsáid astu, leibhéil sásaimh leis na seirbhísí seo, agus meoin ghinearálta an phobail maidir le húdaráis áitiúla.

Tá sé soiléir go bhfuil leibhéil feasachta maidir le seirbhísí an údaráis áitiúil spreagtha ag úsáid ach ag leibhéil aird na meán a tharraingítear le roinnt seirbhísí freisin. Mar shampla, tá leibhéil arda feasachta ag daoine go soláthraíonn údaráis áitiúla seirbhísí amhail leabharlanna, boscaí bruscair, nó cosáin toisc go mbaineann go leor daoine úsáid astu ar bhonn laethúil. Tá leibhéil arda feasachta ag daoine freisin mar gheall ar sheirbhísí údaráis áitiúil nach mbíonn baint ag go leor daoine go díreach leo ar bhonn rialta, amhail pleanáil nó tithíocht shóisialta, ach is topaicí iad a ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu sna meáin ar bhonn leanúnach. Tá cásanna eile nach bhfuil feasacht chomh hard sin, is dóchúil gur mar thoradh ar chineál sainréimse na seirbhíse, mar shampla na tacaíochtaí gnó a chuireann Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna) an údaráis áitiúil ar fáil. Tá foireann cumarsáide an údaráis áitiúil ag baint úsáid as an bhfaisnéis seo chun cuidiú lenár gcumarsáid agus teagmháil leis an bpobal agus spriocghrúpaí a fheabhsú, mar tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil daoine a dteastaíonn na seirbhísí uatha á gcoimeád ar an eolas. Bogtar ar aghaidh sa tuarascáil le breithniú a dhéanamh maidir leis na seirbhísí a bhaineann an pobal úsáid astu agus leibhéil sásaimh leis na seirbhísí. Is iad seo a leanas na seirbhísí príomhúla a tuairiscítear go leanúnach a úsáidtear gach bliain; boscaí bruscair, ionaid athchúrsála, páirceáil, bailiúchán mótarchánach, leabharlanna agus fóntais fóillíochta taobh amuigh amhail páirceanna, clós súgartha nó fóntais spóirt. Tá seirbhísí ann freisin ina léiríonn an pobal leibhéil arda sásaimh leo. Bhí toradh amháin a bhain le húsáid seirbhíse i 2023, nach raibh soiléir blianta roimhe sin. Bhí athrú suntasach i bpróifíl na n-úsáideoirí bóthair, bhain daoine óga agus fir úsáid ní ba mhó as bóithre ná daoine breacaosta agus mná, patrún is dóchúil mar thoradh ar phatrúin oibre ag athrú tar éis na paindéime.

Léirítear leis na torthaí go mbraitheann daoine go bhfuil feabhsuithe curtha i bhfeidhm ag údaráis áitiúla maidir le soláthar sheirbhísí ar líne agus nuálaíochtaí le dhá bhliain anuas. Tharraing daoine aird freisin ar fheabhsú foriomlán maidir le seirbhísí le trí bliana anuas mar aon le sásamh maidir le cé chomh éasca atá sé rochtain a bheith ar sheirbhísí an údaráis áitiúil.

Príomhthéama a ndearnadh fiosrú mion air sa bhliain 2023 ná gníomhú ar son na haeráide. Léirítear leis na torthaí an tsuim mhór atá ag an bpobal sa réimse seo. Iarradh ar údaráis áitiúla príomhról

a ghlacadh chun na páirtithe leasmhara seo a leanas a thabhairt le chéile, amhail ranna rialtais, gníomhaireachtaí, pobail áitiúla agus an pobal feirmeoireachta chun obair i gcomhar le chéile chun dul i ngleic le dúshláin mhóra a chruthaítear leis an athrú aeráide. Bhí tacú láidir maidir le bearta tógtha ag na húdaráis áitiúla go dtí seo agus spreagadh chun ár n-obair a leathnú sa réimse seo.

Ceann de na moltaí a rinne rannpháirtithe grúpaí fócais ná go mbaineann údaráis áitiúla úsáid as PTFanna chun dul chun cinn a rianú agus chun an méid oibre atá á chur i gcrích ag na húdaráis áitiúla a chur in iúl. Baineadh amach an beart seo toisc gur fhoilsigh GBRÁ an chéad Tuarascáil PFT Gníomhú ar son na haeráide Údaráis Áitiúil 2022 i mí na Nollag 2023 agus foilseofar an dara tuarascáil do 2023 i lár na bliana 2024.

Tá áthas orainn tabhairt faoi deara go bhfuil dearcadh níos dearfaí maidir le húdaráis áitiúla acu siúd a bhaineann úsáid as seirbhísí an údaráis áitiúil ná iad siúd nár bhain úsáid as an seirbhís. Léirítear leis seo go dtagann feabhas ar thuairimí maidir le húdaráis áitiúla tar éis teagmháil dhíreach lenár seirbhísí agus ár bhfoireann. Sna suirbhéanna sásamh custaiméirí spriocdhírithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2023 le custaiméirí maidir le húsáid leabharlanna agus tionóntaí ag cur isteach iarratais maidir le cothabháil tithíochta, léiríodh sna suirbhéanna sin go raibh leibhéil an-arda sásaimh leis an bhfoireann, beag beann ar an tseirbhís a bhí in úsáid ag na daoine. Léirítear sa tuarascáil freisin go mbíonn sásamh níos mó le soláthar seirbhíse dóibh siúd a bhfuil braistint cómhuintearais acu lena gceantar áitiúil i gcomparáid leo siúd nach bhfuil braistint muintearais acu. Tá sé tábhachtach go dtuigeann údaráis áitiúla é seo toisc go dtacaíonn sé leis an bhfócas láidir maidir le bunú áite agus is bonn eolais é sin do phríomhthionscnaimh a spreagann na húdaráis áitiúla amhail Lár Bailte ar dTús. Is é príomhaidhm na n-údarás áitiúil tacú le pobail láidre agus an timpeallacht ina chónaíonn siad, ina oibríonn siad agus ina ndéantar sóisialú a mhúnlú mar aon le tacú leis an bpobal gnó agus páirtithe leasmhara eile chun teacht le chéile chun tacú leis an sprioc seo.

Is teachtaireachtaí maithe é seo don earnáil, ach tá a fhios againn freisin gur ghá dúinn leanúint le féachaint chun ár gcumarsáid a fheabhsú le daoine agus obair i gcomhar le páirtithe leasmhara chomh éifeachtach agus is féidir. Trí húsáid leanúnach an tsuirbhé seirbhís custaiméara náisiúnta seo agus grúpaí fócais, déanfaimid monatóireacht agus measúnú ar ár bhfeidhmíocht ionas go ndéanfar ár seirbhísí a chur chun cinn go leanúnach agus go bhfeabhsófar ár soláthar seirbhíse foriomlán.

Kieran Kehoe Cathaoirleach
**Coiste Corparáideach CBCC**

Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

# Clár Ábhair


**Buíochais** 3
**Brollach** 4
**Achoimre Feidhmiúcháin** 9
**Réamhrá** 14
**Cúlra agus comhthéacs** 14
**Modheolaíocht** 15
**Cuspóirí taighde** 15
**Dearadh agus modhanna taighde** 15
**Cur chuige de mhodhanna measctha** 16
**Torthaí** 18
**Próifíl na bhfreagróirí** 18
Aois, inscne agus réigiún 18
Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil 19
Fad cónaithe i gceantar an údaráis áitiúil 21
**Feasacht** 23
Feasacht fhoriomlán faoi seirbhíse 23
Feasacht de réir chatagóir aoise 24
Feasacht de réir inscne 25
Feasacht de réir réigiúin 26
**Úsáid Seirbhísí** 28
Úsáid fhoriomlán seirbhísí 28
Úsáid seirbhíse de réir chatagóir aoise 29
Úsáid seirbhíse de réir inscne 30
Úsáid seirbhíse de réir réigiúin 30
**Sásaimh leis na seirbhísí a úsáideadh** 32
Méid an tsampla agus seirbhís 33
Suirbhéanna spriocdhírithe 35
**Cainéil theagmhála** 37
Bealaí rannpháirteachais de réir aoise 38
Bealaí rannpháirteachais de réir inscne 38
Bealaí rannpháirteachais de réir réigiúin 39
Bealaí rannpháirteachais thar 12 mhí 39
**Foinsí faisnéise** 40
Foinse eolais de réir aoise 41
Foinse eolais de réir inscne 42
Foinse eolais de réir réigiúin 42
**Meon** 43
Cumarsáid agus soláthar seirbhíse 46
Comhionannas agus rochtain 46
Feabhsúcháin ar sheirbhísí do chustaiméirí 47
**Léargais Bhreise** 48
Meon úsáideoirí seirbhísí i gcomparáid le daoine nár úsáid seirbhísí 48
Tionchar braistint chómhuintearais ar scóir mheoin 49
**Téama Speisialta an tSuirbhé: Seirbhísí digiteacha** 50
Éascaíocht rochtana don údarás áitiúil seirbhísí digiteacha 50
Bacainní rochtana 51
Tacaíocht don Údaráis Áitiúil 52
**Téama Speisialta an tSuirbhé: Gníomhú ar son na hAeráide** 53
Feasacht maidir le soláthar/freagracht ghníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil 53
Tionscnaimh ar chóir don údarás a bheith níos baintí iontu 54
Gníomhaíochas freagróirí maidir le gníomhú ar son na haeráide 55
Topaicí gníomhaithe ar son na haeráide ar chóir don údarás áitiúil a chur in iúl ní ba mhinice 56
Bealaí oiriúnacha cumarsáid a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide 57
**Téama Speisialta na nGrúpaí Fócais Gníomhú ar son na haeráide** 58
Torthaí fócasghrúpaí: 58
**Conclúidí** 64
**Cásanna staidéar** 65
Cás-staidéar a hAon 66
Cás-staidéar a Dó 70
Cás-staidéar a Trí 73
Cás-staidéar a Ceathair 76
**Leabharliosta** 81

**Foscríbhinn** 82
Foscríbhinn 1 Seirbhísí Digiteacha Aois, Inscne agus Réigiún 82
Foscríbhinn 2 - Gníomhú ar son na haeráide Aois, Inscne agus Réigiún 84

**Fíor 1:** Próifíl aoise na bhfreagróirí 19
**Fíor 2:** Seirbhísí údaráis áitiúil a úsáideadh le 12 mhí anuas 29
**Fíor 3:** 2023 Leibhéil sásaimh le seirbhísí údaráis áitiúil - 200+ úsáideoirí seirbhíse 34
**Fíor 4:** Torthaí suirbhé leabharlainne spriocdhírithe 2023 35
**Fíor 5:** Torthaí suirbhé chothabháil tithíochta spriocdhírithe 2023 36
**Fíor 6:** Bealaí rannpháirteachais a úsáideadh le cúig bliana anuas 2023 37
**Fíor 7:** Bealaí rannpháirteachais a úsáideadh le bliain anuas 2021-2023 39
**Fíor 8:** Foinse eolais faoi údaráis áitiúla 2023 40
**Fíor 9:** Freagraí ar ráitis mheoin 2023 44
**Fíor 10:** Aontú meoin 2021-2023 45
**Fíor 11:** Líon na bhfreagróirí sna ráitis mheoin a fuarthas in 2021, 2022 agus in 2023 a bhí ar aon fhocal faoi chumarsáid agus faoi sholáthar seirbhíse 2023 46
**Fíor 12:** Líon na bhfreagróirí sna ráitis mheoin a fuarthas in 2021, 2022 agus in 2023 a bhí ar aon fhocal faoi chomhionannas agus faoi rochtain 47
**Fíor 13:** Líon na ráiteas a bhí ar aon fhocal faoi sheirbhís do chustaiméirí níos fearr a bheith ann in 2021, 2022 agus in 2023 48
**Fíor 14:** Éascaíocht rochtana do sheirbhísí digiteacha an údaráis áitiúil 51
**Fíor 15:** Bacainní rochtana do sheirbhísí digiteacha an údaráis áitiúil 52
**Fíor 16:** Tacaíochtaí an údaráis áitiúil chun rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha 52
**Fíor 17:** Feasacht maidir le soláthar/ freagracht ghníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil 53
**Fíor 18:** Tionscnaimh ar chóir don údarás a bheith ní ba bhaintí iontu 54
**Fíor 19:** Gníomhaíochas freagróirí maidir le gníomhú ar son na haeráide 55
**Fíor 20:** Topaicí gníomhaithe ar son na haeráide ar chóir don údarás áitiúil a chur in iúl ní ba mhinice 56
**Fíor 21:** Bealaí oiriúnacha cumarsáid a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide 57

**Tábla 1:** Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir inscne 2023 20

**Tábla 2:** Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir aoise 2023 20

**Tábla 3:** Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir réigiúin 2023 21

**Tábla 4:** Blianta de chónaí sa cheantar áitiúil de réir inscne 2023 21

**Tábla 5:** Blianta ina gcónaí sa cheantar áitiúil de réir aoisghrúpa 2023 22

**Tábla 6:** Blianta de chónaí sa cheantar áitiúil de réir réigiúin 2023 22

**Tábla 7:** An céatadán de fhreagróirí ab eol dóibh go soláthraíonn údaráis áitiúla an tseirbhís 23

**Tábla 8:** Feasacht ar sheirbhísí údaráis áitiúil de réir aoise 2023 24

**Tábla 9:** Éagsúlachtaí maidir le feasacht seirbhíse de réir inscne 2023 25

**Tábla 10:** Feasacht ar sheirbhísí údaráis áitiúil de réir réigiúin 2023 27

**Tábla 11:** Na seirbhísí údaráis áitiúil is mó a úsáideadh 2021, 2022 agus 2023 28

**Tábla 12:** Seirbhísí a úsáideadh le 12 mhí anuas de réir aoise 2023 30

**Tábla 13:** Éagsúlacht maidir le húsáid seirbhíse de réir inscne 2023 31

**Tábla 14:** Seirbhísí a úsáideadh le 12 mhí anuas de réir réigiúin 2023 32

**Tábla 15:** Sásamh Custaiméirí 2023 33

**Tábla 16:** Seirbhísí a bhfuil na leibhéil is airde sásaimh acu 2023 34

**Tábla 17:** Bealaí rannpháirteachais a úsáideadh de réir thréimhse ama 2023 37

**Tábla 18:** Bealaí rannpháirteachais le húdaráis áitiúla de réir aoisghrúpa 2023 38

**Tábla 19:** Bealaí rannpháirteachais le húdaráis áitiúla de réir inscne 2023 38

**Tábla 20:** Foinse faisnéise faoi údaráis áitiúla de réir aoisghrúpa 2023 41

**Tábla 21:** Foinse faisnéise faoi údaráis áitiúla de réir réigiúin 42

**Tábla 22:** Meon maidir le seirbhísí digiteacha 2021, 2022 agus 2023 47

**Tábla 23:** Meon úsáideoirí seirbhísí agus daoine nár bhain úsáid as seirbhísí 2023 49

**Tábla 24:** Comhaontú meoin agus an bhraistint chómhuintearais 2023 50

**Tábla 25:** Éascaíocht rochtana do sheirbhísí digiteacha an údaráis áitiúil de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin 82

**Tábla 26:** Bacainní rochtana de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin 82

**Tábla 27:** Tacaíochtaí an údaráis áitiúil de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin 83

**Tábla 28:** Feasacht maidir le soláthar/freagracht gníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin 84

**Tábla 29:** Tionscnaimh ar chóir don údarás a bheith ní ba bhaintí iontu de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin 85

**Tábla 30:** Gníomhaíochas freagróirí maidir le gníomhú ar son na haeráide de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin 86

**Tábla 31:** Topaicí gníomhaithe ar son na haeráide ar chóir don údarás áitiúil a chur in iúl ní ba mhinice de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin 86

**Tábla 32:** Bealaí oiriúnacha cumarsáid a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin 87

# Achoimre Feidhmiúcháin

**Próifíl na bhfreagróirí**

- Ghlac 2,066 rannpháirtí páirt sa suirbhé ar sheirbhís do chustaiméirí 2023 Ba ionadaíocht chionmhar é an sampla ar an daonra ginearálta de réir inscne aois agus méid dhaonra an údaráis áitiúil.
- Bhí braistint chómhuintearais ag 72% de fhreagróirí go dtí a gceantar áitiúil agus bhí 68% ina gcónaí ina gceantar áitiúil ar feadh ní ba mhó ná 20 bliain, nó a saol iomlán.

**Feasacht ar sheirbhísí áitiúla**

Sonraíodh 29 seirbhís, agus fiafraíodh de na freagróirí an raibh siad ar an eolas gur sholáthair údaráis áitiúla an tseirbhís.

- Ba eol do 99% de na freagróirí gur sholáthair údaráis áitiúla cuid den 29 seirbhís a bhí liostaithe nó iad go léir.
- D'ardaigh leibhéil feasachta sa bhliain 2023 i gcomparáid le 2022le haghaidh 15 seirbhís.
- Ní raibh athrú ar bith do sheacht seirbhís agus bhí laghdú mion feasachta maidir leis an seacht seirbhís a bhí fágtha.
- Léirigh freagróirí a bhí 55+ na leibhéil is airde feasachta thar 23 den 29 seirbhís. Bhí na leibhéil feasachta is ísle acu siúd idir 18-25 seachas maidir le hionaid spóirt, fóillíochta, pobail, agus óige agus seirbhísí turasóireachta.
- Bhí fir ní b'fheasaí gur sholáthair na húdaráis áitiúla ionaid spóirt, fóillíochta, pobail, agus óige, mar aon leis an Scéim Athnuachana Uirbeach agus Sráidbhaile, seirbhísí dóiteáin agus seirbhísí tacaíochta gnó, i gcomparáid le freagróirí baininscneacha.
- Bhí na leibhéil feasachta ab airde ag freagróirí i gCúige Mumhan le haghaidh 17 de na 29 seirbhís. Tugadh éagsúlachtaí réigiúnach faoi deara maidir le mótarcháin, bhí feasacht ní ba ísle i mBaile Átha Cliath go soláthraíonn na húdaráis áitiúla an tseirbhís seo. Tuairiscíodh leibhéil arda maidir le reiligí i gCúige Mumhan agus ba dhóchúil go raibh Baile Átha Cliath feasach go soláthraíonn údaráis áitiúla ionaid spóirt, fóillíochta, pobal agus óige.

**29 Seirbhís Údaráis Áitiúil**

**Cosáin**
**Glanadh Sráideanna**
**Soilsiú Sráideanna**
**Rialú Bruscair Bóithre**
**Seirbhísí Leabharlainne**
**Tithíocht**
**Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh**
**Seirbhísí Athchúrsála**
**Tacaíochtaí Pobail Draenáil**
**Uisce/Cois an Bhóthair**
**Pleanáil & Forbairt**
**Páirceáil & Sábháilteacht ar Bhóithre**
**Seirbhís Maorachta Madraí**
**Tacaíocht Forbartha Tithíochta Nua**
**Forbairt Contae a Chur Chun Cinn**
**Reiligí agus Ionaid Adhlactha**
**Clár na dToghthóirí/Toghcháin**
**Cóiríocht don Lucht Siúil**
**Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Com/Óige**
**Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean**
**Seirbhísí Dóiteáin**
**Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte**
**Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta**
**Cosaint/Feasacht/Forfheidhmiú Comhshaoil**
**Turasóireacht/ Imeachtaí**
**Bailiú Mótarchánach**
**Monatóireacht ar Uiscebhealaí/Thránna**
**Seirbhísí Tacaíochta Gnó**

### Úsáid seirbhíse thuairiscithe

Rinneadh iarracht sa suirbhé a aithint cé mhéad freagróir a d'úsáid aon cheann de na 26[1] seirbhís a shonraítear sa chuid seo, sa bhliain roimhe.

- Bhain 96% de na freagróirí úsáid as seirbhís údaráis áitiúil amháin ar a laghad sna 12 mhí roimhe sin.
- Ba iad na sé sheirbhís údaráis áitiúil ba mhó a d'úsáid custaiméirí ná: boscaí bruscair, ionaid athchúrsála, páirceáil, bailiú mótarchánach, seirbhísí leabharlainne, agus áiseanna fóillíochta áitiúla lasmuigh, na seirbhísí céanna agus a aithníodh in 2021 agus 2022.
- Maidir le freagróirí os cionn 55 bliana d'aois, ba mhó seans go mbainfí úsáid as ionaid athchúrsála, mótarcháin agus reiligí agus ionad adhlactha. Thuairiscigh an cohórt aoise is ísle (18-24) an úsáid is mó maidir le bóithre, páirceáil agus seirbhísí spóirt, fóillíochta, pobail agus óige.
- Thuairiscigh fir úsáid ní ba mhó maidir le bóithre, ionaid spóirt, fóillíochta, pobail agus óige agus clár na dtoghthóirí agus thuairiscigh céatadán ní b'airde de mhná úsáid leabharlanna.
- Tugadh rátaí ní b'airde maidir le húsáid seirbhísí sa chuid eile de Chúige Laighean agus Cúige Mumhan maidir le mótarcháin agus páirceáil. Thuairiscigh freagróirí i réigiún Bhaile Átha Cliath an úsáid ba lú maidir leis na seirbhísí seo ach úsáid ní b'airde maidir le boscaí bruscair, seirbhísí leabharlainne agus áiseanna fóillíochta lasmuigh áitiúla.

### Sásamh le seirbhísí a úsáideadh

Iarradh ar fhreagróirí a thuairiscigh a bheith rannpháirteach i seirbhís amháin nó níos mó a leibhéal sásaimh a

- Bhí rátaí sásaimh níos mó ná 70% do naoi seirbhís agus 50% nó níos airde do 20 seirbhís.
- Bhí an sásamh is láidre do sheirbhísí leabharlainne (90%) agus ina dhiaidh sin, reiligí agus ionad adhlactha (82%), seirbhísí ealaíon agus oidhreachta (82%), clár na dtoghthóirí (81%), agus ionaid athchúrsála(78%).
- Maidir le torthaí ó dhá shuirbhé bhreise spriocdhírithe i ranna leabharlanna agus cothabháil tithíochta, tacaítear leis an tuairim go mbíonn na torthaí is iontaofa ón suirbhé sásamh custaiméirí náisiúnta nuair a bhíonn méid an tsampla mór (i.e., íosmhéid 200+ úsáideoirí seirbhíse).

### Cainéil theagmhálan

Fiafraíodh de na freagróirí na bealaí a roghnú a d'úsáid siad le teagmháil a dhéanamh le húdarás áitiúil le cúig bliana anuas.

- Thuairiscigh 70% de fhreagróirí gur úsáid siad suíomhanna gréasáin chun teagmháil a dhéanamh lena n-údarás áitiúil le cúig bliana anuas.
- Na céad bealaí teagmhála is coitianta eile ná ar líne, i bpearsa, thar an bhfón agus ríomhphost, bhí réimse idir 48% agus 43% ann. Bhí líon na ndaoine a rinne teagmháil trí úsáid a bhaint as tríú páirtithe, cruinnithe poiblí agus foláirimh téacs ní b'ísle.
- Bhí teagmháil le suíomhanna gréasáin ní ba shuntasaí le dhá bhliain anuas. Roimhe seo, ba é teagmhálacha pearsanta leis an bhfoireann, a bhí mar an rogha modh teagmhála roimhe sin. Tháinig méadú ar theagmháil ag baint úsáide as ríomhphost, seirbhísí ar líne, na meáin shóisialta agus foláirimh théacs le himeacht ama agus tháinig laghdú ar theagmháil i gcruinnithe poiblí agus trí litreacha a sheoladh.

[1] Baineadh cosáin, glanadh sráide agus soilsiú sráide ón liosta de 29 seirbhís.

### Foinsí faisnéise

Shainaithin na freagróirí na foinsí éagsúla faisnéise faoi sheirbhísí údaráis áitiúil.

- Ba iad suíomhanna gréasáin an phríomhfhoinse faisnéise agus 49% de dhaoine ag baint úsáide as suíomhanna gréasáin údaráis áitiúil agus 8% díobh ag baint úsáide as suíomhanna gréasáin eile. Ba iad an nuachtán áitiúil (30%) agus teaghlach agus cairde (28%) an dara agus tríú foinse faisnéise is coitianta.
- Bhain céatadán ní b'airde de mhná ná fir úsáid as Facebook mar fhoinse faisnéise.
- B'fhearr leis na cohóirt bí ba shine (65+) foinse faisnéise ní ba thraidisiúnta a úsáid amhail nuachtáin áitiúla, raidió áitiúil, nó imeacht i dteagmháil le comhairleoirí nó baill foirne an údaráis áitiúil i gcomparáid le cohóirt aoise eile.
- Maidir le freagróirí idir 18-24 bliana d'aois, ba lú seans go n-úsáidfí aon bhealach ar bith (go háirithe suíomhanna gréasáin) ach ba mhó seans go n-úsáidfí Twitter agus póstaeir agus bileoga. Ar an iomlán, bhí teagmháil trí na meáin shóisialta ní b'airde dóibh siúd idir 25-44 bliana d'aois.
- Ba mhó seans go bhfaigheadh freagróirí i gCúige Mumhan a gcuid faisnéise ó raidió áitiúil, nuachtán áitiúil, nó teagmháil aghaidh ar aghaidh, i gcomparáid le réigiúin eile. Maidir le freagróirí Bhaile Átha Cliath ba lú an seans go n-úsáidfí nuachtáin áitiúla nó raidió agus ba mhó an seans go bhfaigheadh siad eolas ó phóstaeir agus ó bhileoga, an teilifís agus nuachtáin náisiúnta. Bhain freagróirí i gCúige Laighean úsáid as suíomhanna gréasáin údaráis áitiúil ar ráta ní b'airde ná réigiúin eile.

### Meon

Rinneadh leibhéil chomhaontaithe a thaifeadadh do 12 ráiteas faoi thrí théama.

- Na ráitis ina raibh an leibhéal comhaontaithe is airde bainteach le húdaráis áitiúla (i)seirbhísí ar líne a fheabhsú (51%), (ii) éirí níos núálaí (45%) agus (iii) a bheith simplí agus éasca teagmháil a dhéanamh linn (43%).
- Bhí leibhéil ní b'airde neodrachta ná mar a bhí easaontú thar 10 as 12 den mheoin. Bhí an t-easaontú i airde maidir le (i) údaráis áitiúla ag coimeád daoine ar an eolas (40%) agus (ii) aithne mhaith a bheith ar an údarás áitiúil trí fhógraíocht agus teagmháil a dhéanamh leo (32%).
- Bhí ardú maidir le comhaontú thar na trí bliana, do cheithre do na meoin: (i) éasca teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla; (ii) údaráis áitiúla ag caitheamh le daoine ar bhonn cothrom agus comhionann; (iii) feabhsú foriomlán maidir le seirbhísí; agus (iv) aithne mhaith ar an údarás áitiúil.
- D'fhan leibhéil chomhaontaithe seasmhach thar na trí bliana do thrí de na meoin: (i) coimeádann an t-údarás áitiúil ar an eolas mé; (ii) táthar tar éis rochtain ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí a fheabhsú do mhionlaigh; agus (iii) táthar tar éis rochtain ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas.
- Do cheithre mheoin, rinneadh taifeadadh ar thitim maidir le comhaontú idir 2022 agus 2023.
- B'fheabhsúcháin iad na leibhéil chomhaontaithe i 2023 i gcomparáid le 2021, áfach. Bhí an méid seo a leanas i gceist leis na meoin seo (i) tá údaráis áitiúla níos dírithe ar chustaiméirí (ii) tá siad níos nuálaí, (iii) tá siad tar éis feabhas a chur ar sheirbhísí ar líne agus (v) tá custaiméirí sásta faoin tslí ar ndearnadh na fiosrúcháin a láimhseáil. Tógadh an meon maidir le húdaráis áitiúla a bheith níos aoisbháúla isteach sa bhliain 2022. Tháinig laghdú ar chomhaontú maidir leis an meon seo go 25% i 2023 ó 32% i 2022.

### Léargais Bhreise

- Maidir le freagróirí a thuairiscigh úsáid a bhaint as seirbhísí an údaráis áitiúil ag pointe áirithe le linn na bliana, bhí siad ní ba dhearfaí maidir le húdaráis áitiúla agus bhí rátaí comhaontaithe ní b'airde leis na meoin shásaimh ar fad acusan i gcomparáid le freagróirí nár bhain úsáid as seirbhísí an údaráis áitiúil.
- Bhí leibhéil ní b'airde comhaontaithe ag freagróirí a raibh braistint láidir chómhuintearais acu lena gceantar áitiúil maidir le gach ráiteas meoin i gcomparáid leo siúd nach raibh braistint láidir chómhuintearas acu lena gceantar áitiúil.

### Téama speisialta: Seirbhísí digiteacha

- Mheas 47% de fhreagróirí go raibh sé éasca rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha an údaráis áitiúil. Mheas 7% go raibh sé deacair rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha, d'fhreagair an chuid eile de na freagróirí go neodrach (46%).
- Na príomhbhacainní a bhí ann chun rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha ná easpa eolais maidir le seirbhísí ar líne (48%) agus míchompord maidir le húsáid teicneolaíochta (41%).
- Léirigh freagróirí fonn maidir le tacaíocht mhéadaithe chun úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne in oifigí údaráis áitiúil (50%), fógraíocht níos fearr maidir le seirbhísí ar líne (49%) agus tacaíocht ar an nguthán chun úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne (47%).

**Bacainní rochtana maidir le húsáid sheirbhísí digiteacha**

- **Easpa faisnéise maidir le seirbhísí ar líne**
- **Míchompordach maidir le teicneolaíocht a úsáid**
- **Deacair an tseirbhís a úsáid/ a threorú**
- **Ní maith liom mo shonraí a thabhairt ar líne**
- **Easpa rochtana ar an idirlíon**
- **Easpa rochtana ar ghléas**
- **Easpa tacaíochtaí inrochtaineachta**

### Gníomhú ar son na haeráide: Torthaí an tSuirbhé

- Bhí leibhéil éagsúla feasachta maidir leis na 11 réimse oibre údaráis áitiúil a aithníodh maidir le gníomhú ar son na haeráide. Bhí an fheasacht is airde ann (53%) maidir leis an seirbhís bainistíochta aimsire éigeandála/tromchúiseach.
- As an 11 réimse oibre, ba é cur chun cinn na bithéagsúlachta a bhí chun tosaigh mar rogha maidir le méadú rannpháirtíochta an údaráis áitiúil. Bhí réimse ann do na torthaí idir 52% ar son chur chun cinn na bithéagsúlachta go 38% do réitigh nádúrbhunaithe a chur chun cinn chun gníomhaíochtaí aeráide a mhaolú.
- Ba iad seo a leanas na trí ghníomhaíocht a bhí chun tosaigh ina raibh freagróirí rannpháirteach go gníomhach iontu; laghdú úsáid fuinnimh sa bhaile (90%), siopadóireacht a dhéanamh chun tacú le táirgeoirí áitiúla (81%) agus úsáid a bhaint as taisteal inbhuanaithe (61%).
- D'aontaigh ní ba mhó ná trí cheathrú de fhreagróirí (76%) gur chóir go ndéanfadh údaráis áitiúla cumarsáid ní ba mhó a dhéanamh maidir le hullmhú le haghaidh aimsir thromchúiseach.
- Roghnaigh 78% de fhreagróirí an nuachtán/ raidió mar an bealach is fearr don údarás áitiúil cumarsáid a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus díreach ina dhiaidh sin, na meáin shóisialta (75%).

**Gníomhú ar son na haeráide; Fócasghrúpaí**

- Bhí daoine feasach go forleathan maidir leis an bpríomhról a bhí ag údaráis áitiúla maidir le creimeadh cósta agus saincheisteanna abhann agus pléadh go leor samplaí dearfacha. Theastaigh ó dhaoine go n-ardódh na húdaráis áitiúla obair sa réimse seo. Mheas freagróirí go raibh ní ba mhó comhsmaonteoireachta ag teastáil chun dul ngleic le saincheisteanna tuilte mar aon le spleáchas ar armúr carraige/ innealtóireacht liath agus ardú in úsáid réitigh nádúrbhunaithe.
- Bhí leibhéil arda feasachta mar gheall ar an réimse oibre atá na húdaráis áitiúla freagrach as bainteach le bainistíocht theagmhais adhaimsire agus freagairt di. Thug daoine aiseolas dearfach maidir le freagrúlacht na n-údaráis áitiúla ach bhí fócas ní ba mhó ag teastáil uatha maidir le gníomhartha réamhghníomhacha agus pleanáil maidir le teaghmhais adhaimsire. Moladh cur chuige ní ba chomhoibrí mar aon le hardú i gcumarsáid le pobail leochaileacha maidir le conas ar chóir freagairt do theagmhais aimsire éigeandála agus conas ullmhú dóibh.
- Ba théama é an bithéagsúlacht ar bhreathnaigh formhór na rannpháirtithe air go dearfach, luaigh go leor daoine samplaí d'athdhúlrú, ceantair ghlasa nó tionscnaimh a raibh siad feasach fúthu. Mhol siad cumarsáid inmheánach ní b'fhearr taobh istigh d'údaráis áitiúla agus le conraitheoirí chun a chinntiú go raibh siad ag cloí le srianta agus beartais. Tharraing feirmeoirí aird ar na tairbhí a bhaineann le cur chuige comhpháirtíochta agus cuid de na tionchair phraiticiúla a bhaineann le bithéagsúlacht á spreagadh agus ag dul i ngleic leo.
- Bhí faisnéis teoranta maidir leis an réimse gníomhartha a bhfuil údaráis áitiúla rannpháirteach iontu chun astaíochtaí a laghdú. Bhí an méid ba mhó feasachta ag daoine maidir le cur crann agus cothabháil fhál sceach mar aon le gníomhartha taistil ghníomhacha. Bhraith roinnt daoine go raibh deathionchar ag na glasbhealaí ar thurasóireacht áitiúil ach níl mórán tionchair acu ar roghanna timaistrithe do phobail faoin tuath. Bhraith rannpháirtithe go bhféadfaí dlús a chur leis an leathadh amach, go ginearálta, agus go raibh níos mó comhordaithe ag teastáil, agus aitheantas á thabhairt do a chonspóidí atá roinnt cinntí. Bhí fonn ar fheirmeoirí go háirithe, a bheith rannpháirteach i bplé fiúntach maidir leis na glasbhealaí.
- Bhí go leor feasachta agus aiseolas dearfach maidir le obair na n-údarás áitiúil i mbainistíocht dramhaíola agus athchúrsáil. Bhí fonn ar daoine leathnú a fheiceáil maidir le roghanna athchúrsála poiblí agus gníomhartha chun cur leis an athchúrsáil chónaithe. Bhí suim ag feirmeoirí, a bhfuil tionchar ag dumpáil mhídhleathach orthu comhpháirtíocht a dhéanamh chun dul i ngleic le diúscairt earraí móra toirtiúla.
- Bhrath rannpháirtithe go raibh go leor tionscnaimh an-dearfacha atá á stiúradh ag na húdaráis áitiúla ar ghá a chur chun cinn agus a úsáid chun tuilleadh rannpháirtíochta i measc réimse páirtithe leasmhara a spreagadh, go háirithe grúpaí pobail, chun dul i ngleic le hathrú aeráide.
- Moladh a thuilleadh comhairliúcháin agus comhpháirtíochta lena gcinntítear níos chomhsmaointeoireachta agus chun rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara riachtanacha a uasmhéadú. D'aithin rannpháirtithe nárbh ach páirtí leasmhar amháin iad na húdaráis áitiúla agus nárbh fhéidir leo an t-athrú riachtanach a dhéanamh gan rannpháirtíocht agus tiomantas comhpháirtithe rialtais eile.

# Réamhrá

## Cúlra agus Comhthéacs

Chuir an GBRÁ tús le gnéithe éagsúla de sholáthar seirbhís do chustaiméirí a rianúi ndiaidh don Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) an fhreagracht seo a tharmligean ar an GBRÁ sa bhliain 2020. Ba é cur chuige a rinne an Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC) a fhormheas do 2021-2023 ná tabhairt faoi na tascanna seo a leanas go bliantúil agus na torthaí a scríobh in aon tuarascáil amháin:

- Suirbhé náisiúnta bliantúil ar an bpobal a chur i gcrích chun measúnacht a dhéanamh ar leibhéil feasachta, rannphháirtíocht agus sásamh le seirbhísí an údaráis áitiúil, modhanna teagmhálacha leis na húdaráis áitiúla agus leibhéil mheoin maidir le soláthar sheirbhíse do chustaiméirí i gcoitinne.
- Fócasghrúpaí a dhéanamh chun téamaí agus torthaí atá ag teacht chun cinn a fhiosrú níos doimhne.
- Léargas a fháil ar chás-staidéir chun samplaí dea-chleachtais maidir le seirbhís do chustaiméirí a léiriú.

Rinne Grúpa Comhairleach Taighde maoirseacht ar sholáthar an chláir oibre agus tuairiscíodh chuig an gCoiste Corparáideach CBCC é. Rinneadh comhairliúchán freisin le CNMI chun athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí agus téamaí speisialta a aithint a ndéanfaí mionfhiosrúchán go bliantúil.

Cé go bhfuil torthaí shuirbhé 2023 ar fáil i dtuarascáil 2023, tá anailís ar threochtaí leis andá bhliain roimhe sin ann freisin, nuair is iomchuí. Leis seo, éascaítear rianú athraithe thar am ina raibh fonn ar an gCoiste Corparáideach CBCC léargas a fháil orthu.

Sa tuarascáil, soláthraítear torthaí thar a bheith suimiúla agus iontaofa maidir le leibhéil feasachta faoi ról na n-údarás áitiúil i bpríomhsheirbhísí a sholáthar, leibhéil teagmhála leis na seirbhísí sin, na bealaí a mbaineann úsáideoirí seirbhíse úsáid astu agus ab fhearr leo agus conas a bhraitheann daoine faoi sheirbhísí go foriomlán. Dearbhaítear iontaofacht na sonraí leis an leanúnachas a bhaineann leis na torthaí thar thrí thréimhse ama éagsúla. Tugtar faoi deara sa tuarascáil, áfach, go bhfuil torthaí a bhaineann le sásamh inghinearálaithe do sheirbhísí ina bhfuil líon ard freagróirí amháin.

Áirítear fiosrú sonrach sa tuarascáil seo maidir le topaic ghníomhú ar son na haeráide trí cheisteanna suirbhé agus réimse fócasghrúpaí. Leis na torthaí, léirítear an fhíorshuim agus fonn atá ann i measc an phobail chun dul i ngleic le fadhb an athraithe aeráide. Tá aitheantas láidir ann maidir leis an ról atá ag na húdaráis áitiúla sa réimse seo agus iarratas maidir le rannphháirtíocht méadaithe sa réimse seo.

Ar deireadh, soláthraítear cás-staidéir inaléirítear an obair atá ar siúl chun dul i ngleic le hathrú aeráide thar an gceithre réigiúin arna dtacú ag Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide. (ORGAnna)[2].

[2] ORG Bord Farraige Atlantach Thuaidh (lonnaithe i gComhairle Contae Mhaigh Eo), ORG an Oirthir agus Lár Tíre (lonnaithe i gComhairle Contae Chill Dara), ORG Chathair Bhaile Átha Cliath (lonnaithe i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) agus ORG Bord Farraige Atlantach Theas (lonnaithe i gComhairle Contae Chorcaí)

# Modheolaíocht

## Cuspóirí taighde

Is é príomhaidhm thaighde seirbhísí custaiméara GBRÁ ná measúnacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na hearnála maidir le feasacht seirbhíse, rannpháirtíocht, sásamh, agus meon. Tá sé mar aidhm freisin na bealaí is éifeachtúla a aithint inar féidir le húdaráis áitiúla cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí seirbhíse agus an pobal níos leithne. Baineann earnáil na n-údarás áitiúil úsáid as na torthaí a ghintear chun cuidiúle soláthar feidhmiúil agus éifeachtach sheirbhísí do bhaill uile an phobail.

Níos sonraí, is iad seo a leanas na cuspóirí:

a. Leibhéil sásaimh, rannpháirtíochta agus feasachta custaiméirí a chinneadh maidir le seirbhísí a sholáthraíonn údaráis áitiúla chomh maith le tuairimí maidir le seachadadh seirbhíse.

b. Na cúiseanna atá taobh thiar de na freagraí sin a fhiosrú.

c. Cabhrú leis an earnáil seirbhísí agus oiliúint foirne in údaráis áitiúla a fheabhsú agus cur leo.

d. Measúnú a dhéanamh ar cé acu an ndearna nó nach ndearna feabhsuithe le himeacht ama i.e., anailís ar threochtaí.

## Dearadh agus modhanna taighde

Coimisiúnaíodh athbhreithniú litríochta chun scrúdú a dhéanamh ar na bealaí is éifeachtaí chun faisnéis a bhailiú faoi eispéiris na gcustaiméirí i suíomh earnála poiblí (Boyle, 2020). Úsáideadh é seo chun bonn eolais a chur faoi chur chuige modhanna measctha, ina raibh trí chomhpháirt ar leith:

- **Suirbhé Náisiúnta**
Príomhbhuntáiste a bhaineann leis an suirbhé náisiúnta is ea gur féidir dul i ngleic le samplaí ionadaíocha móra de na custaiméirí ag pointe áirithe amháin. Agus na sonraí cainníochtúil, leis na suirbhéanna, éascaítear táirgeadh thorthaí intomhaiste agus forbairt shonraí treochta thar am. Ní uirlis chuí iad, áfach, chun ceisteanna 'cén fáth' mionsonraithe nó casta a fhiosrú.

- **Fócasghrúpaí**
Úsáidtear fócasghrúpaí chun ceisteanna 'cén fáth' a fhiosrú agus chun soláthar faisnéise breise a éascú do rannpháirtithe chun cabhrú le tuiscint ar an topaic a fháil, más gá. Tá teorainn le líon na rannpháirtithe ionas go mbeidh go leor ama ag gach rannpháirtí labhairt faoin topaic go mion.

- **Cás-staidéir**
Leis na cás-staidéir, soláthraítear deis chun léargas a fháil maidir leis an gcaoi a bhfuil soláthar seirbhíse á chur i gcrích. Sonraítear an tionchar atá ag údaráis áitiúla iontu freisin mar aon le foghlaim gur féidir a roinnt le páirtithe leasmhara eile chun labhairt faoin topaic go mion.

## Cur chuige modhanna measctha

### Suirbhé náisiúnta 2022

Rinne REDC an tríú suirbhé náisiúnta bliantúil ar sheirbhís do chustaiméirí don GBRÁ idir 24 Aibreán agus 18 Bealtaine, 2023. Chríochnaigh formhór na bhfreagróirí an suirbhé trí ollsuirbhé ar líne REDC, ach riaradh suirbhéanna treisithe breise chun íoschuóta de 50 duine in aghaidh an údaráis áitiúil a áirithiú. Cuireadh rialuithe cuóta i bhfeidhm chun Cuireadh rialuithe cuóta i bhfeidhm chun a áirithiú go raibh sampla ionadaíoch ann de dhaoine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine as Poblacht na hÉireann. Rinneadh na sonraí a bailíodh a ualú bunaithe ar inscne, aois, réigiún agus aicme shóisialta chun a áirithiú gur léirigh siad an daonra náisiúnta de réir fhigiúirí.

Dhaonáireamh 2022 na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO). Freagraíonn na ceithre réigiún geografacha a úsáideadh sa tuarascáil le haghaidh anailíse do na réigiúin chéanna a roghnaíodh anuraidh, i.e., Baile Átha Cliath, an chuid eile de Chúige Laighean, de Chúige Mumhan, agus de Chúige Chonnacht/Uladh mar go raibh méid comhchosúil daonra iontu.Rinneadh athbhreithniú ar theimpléad suirbhé náisiúnta 2022, agus rinneadh modhnuithe chun torthaí an tsuirbhé roimhe seo, forbairtí nua seirbhíse agus beartais, agus iarratais ar fhaisnéis bhreise a chur san áireamh. Gach bliain, aithníonn an CNMI téama breise le fiosrú a dhéanamh air tríd an suirbhé ar sheirbhís do chustaiméirí agus fócasghrúpaí. Sa bhliain 2023, roghnaíodh gníomhú ar son na haeráide agus rochtain ar sheirbhísí digiteacha. Bhí ocht gceist nua san áireamh i suirbhé 2023 a bhain leis na téamaí seo.

### Fócasghrúpaí 2023

Ba é an gníomhú ar son na haeráide an príomhthéama a fiosraíodh tríd na fócasghrúpaí. Bhí an GBRÁ tar éis taighde cuimsitheach a chur i crích cheana féin i réimse dhigitiú sheirbhísí mar chuid dá n-obair maidir le forbairt Straitéis Dhigiteach agus TFC na nÚdarás Áitiúil (2023), dá bhrí sin ní raibh a thuilleadh fiosrúcháin ag teastáil trí na fócasghrúpaí. Forbraíodh ábhar na bhfócasghrúpaí i gcomhairle le baill foirne ORG an údaráis áitiúil.. Sna fócasghrúpaí rinneadh leibhéil feasachta a fhiosrú i measc an phobail faoin obair a bhíonn ar siúl ag údaráis áitiúla maidir le gníomhú ar son na haeráide, na réimsí a mheas siad ar chóir do na húdaráis áitiúla tús áite a thabhairt dóibh, cén faisnéis ar chóir d'údaráis áitiúla a scaipeadh, agus cad iad na gníomhartha a bhí á dhéanamh ag daoine iad féin chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic le hathrú aeráide.

Reáchtáladh ocht bhfócasghrúpa ar bhonn náisiúnta idir 18 Bealtaine agus 7 Meitheamh, 2023. Ar an iomlán, bhí seasca a haon duine rannpháirteach sna fócasghrúpaí gníomhaithe ar son na haeráide, daichead a dó bean agus naoi bhfear déag. Bhí díreach ní ba lú ná leath (46%) os cionn 65 bliana d'aois. D'fhreastail daoine ó aon chontae dhéag ar na fócasghrúpaí: Ceatharlach, Corcaigh, An Clár, Baile Átha Cliath, Dún na nGall, Cill Chainnigh, Luimneach, An Longfort, An Mhí, Tiobraid Árann agus Sligeach. Bhí trí fhócasghrúpa dírithe ar daoine breacaosta (uirbeach agus tuath) agus bhí ceann amháin dírithe ar an bpobal feirmeoireachta, príomhpháirtí leasmhar. Rinneadh sé fhócasghrúpa a reáchtáil ar líne ag baint úsáide as Zoom. Rinneadh dhá fhócasghrúpa a reáchtáil i bpearsa.

Rinneadh gach fócasghrúpa a thaifeadadh agus a thrascríobh, agus baineadh leas as MAXQDA chun anailís a dhéanamh ar a gcuid tuairimí. (Bogearraí anailíse sonraí cáilíochtúla is ea MAXQDA a chabhraigh leis an aiseolas a chódú agus le hanailís a dhéanamh air). Le daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh ann, tugadh dearbhán One4All arbh fhiú €25 do gach rannpháirtí tar éis an fhócasghrúpa.

**Cás-staidéir 2023**

Roghnaíodh ceithre chás-staidéir chun samplaí gníomhaithe ar son na haeráide de chuid an údaráis áitiúil a léiriú. Ainmníodh cás-staidéar amháin ó gach ceann de na ceithre ORGAnna:

1. Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh
2. Bord Farraige an Atlantaigh Theas
3. Cathair Bhaile Átha Cliath
4. Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre

Soláthraíodh teimpléid ionas go bhféadfaí an t-eolas a chur i láthair ar bhonn comhsheasmhach. Fuarthas faisnéis sa teimpléad maidir leis an tionscnamh, na cuspóirí, agus conas a forbraíodh é, an amlíne, na torthaí agus príomhfhoghlaim agus nó constaicí.

# Torthaí

Sa chaibidil seo léirítear torthaí na tuarascála faoi na téamaí seo a leanas::

- Próifíl an fhreagróra (inscne, aoisghrúpa, réigiún cónaithe, braistint chómhuintearais leis an gceantar, fad cónaithe sa cheantar)
- Leibhéil feasachta maidir le seirbhísí an údaráis áitiúil
- Leibhéil úsáide seirbhíse údaráis áitiúil le 12 mhíanuas
- Leibhéil sásaimh le seirbhísí údaráis áitiúil a úsáideadh
- Bealaí teagmhála leis na húdaráis áitiúla le cúig bliana anuas
- Foinsí faisnéise maidir le húdaráis áitiúla
- Meon faoi sholáthar seirbhíse údaráis áitiúil

Faoi gach téama, déantar an t-eolas a chur i láthair faoi cheithre théama (i) na torthaí foriomlána do gach rannpháirtí, (ii) inscne, (iii) aois agus (iv) réigiún. Nuair is cuí, cuirtear comparáid le torthaí suirbhé 2021 agus 2022 san áireamh.

Sa tuarascáil, déantar a thuilleadh léargais a phlé agus cuirtear na torthaí i láthair a bhaineann le téamaí speisialta 2023 gníomhú ar son na haeráide agus rochtain ar sheirbhísí digiteacha.

## Próifíl na bhfreagróirí


Ghlac 2,066 rannpháirtí san iomlán páirt sa suirbhé a riaradh idir 24 Aibreán agus 18 Bealtaine, 2023. Léirítear ardú i líon na rannpháirtithe leis seo, i gcomparáid le suirbhéanna ó 2022 agus 2021, inar dtug 1,858 agus 1,744 rannpháirtí freagra faoi seach.

### Aois, inscne, agus creideamh

Bhí gach freagróir os cionn 18 mbliana d'aois agus rangaíodh iad faoi sé aoisraon. Bhí na líonta a earcaíodh faoi gach aoisraon i gcomhréir leis na líonta a tuairiscíodh do na haoisbhandaí sin i bhfigiúirí Dhaonáireamh 2022 de chuid an CSO.

Ba iad siúd 35-44 bliana d'aois an grúpa ba mhó de rannpháirtithe agus b'ionann iad agus 21% de na freagróirí. B'ionann iad siúd 65+ bliana d'aois an agus 19% den sampla. Bhí ocht déag faoin gcéad idir 45-54 agus bhí 17% san aoisghrúpa 25-34. B'ionann freagróirí sa chohórt aoise 55-64 agus 14% den sampla. Ba é an t-aoisghrúpa 18-24 bliana d'aois an grúpa ba lú ionadaíochta, ag 11% de na freagróirí.

Ba iad na mná caoga a haon gcéad de fhreagróirí agus ba iad na fir 49% díobh. Ar bhonn réigiúin, bhí 29% de fhreagróirí as réigiún Bhaile Átha Cliath; 27% as an gcuid eile de Chúige Laighean; 27% as Cúige Mumhan agus 18% as réigiún Chonnacht/Uladh.



Fíor 1: Próifíl aoise na bhfreagróirí

### Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil

Sa suirbhé, fiafraíodh de na freagróirí maidir lena mbraistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil agus cé chomh fada agus a bhí cónaí orthu sa cheantar. Ba é an cuspóir ná na sonraí sin a úsáid chun a mheas cé acu an raibh nó nach raibh aon chomhghaol ann idir braistint chómhuintearais nó fad cónaithe i gceantar agus an chaoi ar fhreagair rannpháirtithe do ráitis a bhain le seirbhísí údaráis áitiúil.

Sa bhliain 2023, bhí braistint chómhuintearais láidir ag 72% de na freagróirí maidir lena gceantar áitiúil, ní raibh braistint láidir chómhuintearas ag 10% díobh agus bhí 18% díobh neodrach ina mbraistint chómhuintearas lena gceantar áitiúil. Tugadh fíorbheag difríochtaí faoi deara idir na hinscní. Bhí na torthaí seo comhchosúil leo siúd a cuireadh i láthair i dtorthaí 2022.

Tháinig méadú ar bhraistint chómhuintearais na bhfreagróirí de réir a chuaigh siad in aois. Thuairiscigh ochtó faoin gcéad díobh siúd 65+ bliana d'aois braistint chómhuintearais láidir lena gceantar áitiúil i gcomparáid le 71% díobh siúd idir 18 agus 24. Bhí seans ní ba mhó go mbeadh braistint chómhuintearais lag (13%) lena gceantar áitiúil acu siúd idir 18-34 bliana d'aois i gcomparáid le 5% díobh siúd 65+.

Tábla 1: Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir inscne 2023

| | Gach freagróir | Fear | Bean |
|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 1,011 | 1,051 |
| Glanláidir | 72% | 71% | 72% |
| Glanlag | 10% | 18% | 19% |
| Glan-neodrach | 18% | 11% | 9% |

Tábla 2: Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir aoise 2023

| | Gach freagróir | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 226 | 352 | 435 | 371 | 288 | 392 |
| Glanláidir | 72% | 71% | 61% | 70% | 71% | 75% | 80% |
| Glanlag | 10% | 13% | 13% | 12% | 11% | 8% | 5% |
| Glan-neodrach | 18% | 16% | 26% | 17% | 18% | 17% | 15% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Ar bhonn réigiúin, thuairiscigh iad siúd i gCúige Mumhan (77%) agus Cúige Chonnacht/ Uladh (75%) an bhraistint chómhuintearais ba láidre i gcomparáid leis an dá réigiún eile. Tuairiscíonn seasca a hocht faoin gcéad de fhreagróirí i gceantar Bhaile Átha Cliath braistint chómhuintearais láidir agus 67% sa chuid eile de Chúige Laighean. Is comparáid é seo de 72% san iomlán thar gach freagróir. Bhí claonadh orthu siúd sa chuid eile de Chúige Laighean agus Baile Átha Cliath braistint chómhuintearais neodrach a bheith acu. Maidir le braistint chómhuintearais lag, bhí éagsúlacht thar na réigiúin, bhí raon céatadáin ó 8% i gCúige Mumhan go 13% sa chuid eile de Chúige Laighean.

## Fad cónaithe i gceantar údaráis áitiúil

Bhí daichead a ceathair faoin gcéad de na freagróirí ina gcónaí ina gceantar áitiúil ar feadh a saoil, agus bhí 24% díobh ina gcónaí go háitiúil le breis agus fiche bliain. Bhí ceathair déag faoin gcéad déag de na freagróirí ina gcónaí ina gceantar idir 11 agus 20 bliana agus bhí 19% díobh ina gcónaí ina gceantar ar feadh 10 mbliana nó ní ba lú. Bhí fíorbheagán difríochtaí idir mná agus fir. Bhí na torthaí seo beagnach díreach mar an gcéanna leis na torthaí ó shuirbhé 2022.

Thar gach aoisghrúpa, ba é 'mo shaol ar fad' an fad ama is coitianta a bhí daoine ina gcónaí ina gceantar, bhí raon ó 41% dóibh siúd a bhí 65+, go 49% dóibh siúd idir 18 agus 24 bliana d'aois. Bhí beagnach leath na bhfreagróirí a bhí 65+ bliana d'aois ina gcónaí ina gceantar áitiúil do bhreis agus 20 bliain (48%). Dóibh siúd a bhí ina gcónaí ina gceantar idir 11 agus 20 bliain bhí céatadáin chomhchosúla thar na haoisghrúpaí seo a leanas 18-24 (21%), 35-44 (20%) agus 45-54 (19%).

Tábla 3: Braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil de réir réigiúin 2023

| | Gach Ceann | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Chúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht/ Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 597 | 554 | 552 | 362 |
| Glanláidir | 72% | 68% | 67% | 77% | 75% |
| Glanlag | 10% | 9% | 13% | 8% | 12% |
| Glan-neodrach | 18% | 24% | 20% | 15% | 13% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Tábla 4: Blianta de chónaí sa cheantar áitiúil de réir inscne 2023

| | Gach freagróir | Fear | Bean |
|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 1,010 | 1,052 |
| Níos lú ná dhá bhliain | 3% | 2% | 3% |
| Idir 2 bhliain agus 5 bliana | 8% | 8% | 7% |
| Idir 6 bliana agus 10 mbliana | 8% | 7% | 8% |
| 11-20 bliain | 14% | 15% | 12% |
| Níos mó ná 20 bliain | 24% | 24% | 25% |
| Mo shaol ar fad | 44% | 43% | 45% |

Bhí iad siúd idir 25-34 bliana d'aois sa ghrúpa ba fhorleithne i measc iad siúd a raibh cónaí orthu i gceantar ar feadh níos lú ná 5 bliana, i gcomparáid le cohóirt aoise eile. Ba é seo an grúpa a thuairiscigh braistint chómhuintearais lag lena gceantar áitiúil a bheith acu freisin.

Bhí caoga a hocht faoin gcéad de fhreagróirí i gCúige Mumhan ina gcónaí ina gceantar feadh a saoil, 14 phointe céatadáin níos airde ná an t-iomlán do gach freagróir. I gcomparáid leis seo, bhí 38% dóibh siúd i gConnachta/ Uladh ina gcónaí ina gceantar áitiúil feadh a saoil. Maidir leo siúd a bhí ina gcónaí ina gceantair thar 20 bliain ní raibh éagsúlacht mhór i gceist leis na torthaí thar na réigiúin. Bhí céatadáin ábhairín ní b'airde ag an gcuid eile de Chúige Laighean maidir le freagróirí a bhí ina gcónaí ina gceantair idir 11 agus 20 bliain agus ní ba mhó ná 20 bliain. Bhí na céatadáin is airde i mBaile Átha Cliath agus Connachta/ Uladh maidir le daoine a bhí ina gcónaí ina gceantair idir 2 bhliain agus 5 bliana. Tugadh fíorbheagán éagsúlachta faoi deara thar na réigiúin maidir leo siúd a bhí ina gcónaí ina gceantair ar feadh ní ba lú na dhá bhliain.

Tábla 5: Blianta ina gcónaí sa cheantar áitiúil de réir aoisghrúpa 2023

| | Gach Ceann | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 227 | 352 | 436 | 370 | 288 | 392 |
| Níos lú ná dhá bhliain | 3% | 5% | 6% | 3% | 1% | 0% | 1% |
| Idir 2 bhliain agus 5 bliana | 8% | 9% | 20% | 7% | 4% | 5% | 1% |
| Idir 6 bliana agus 10 mbliana | 8% | 8% | 12% | 11% | 4% | 6% | 4% |
| 11-20 bliain | 14% | 21% | 8% | 20% | 19% | 11% | 5% |
| Níos mó ná 20 bliain | 24% | 8% | 9% | 12% | 29% | 35% | 48% |
| Mo shaol ar fad | 44% | 49% | 45% | 47% | 42% | 42% | 41% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Tábla 6: Blianta ina gcónaí sa cheantar áitiúil de réir réigiúin 2023

| | Gach Ceann | Baile Átha Cliath | An Chuid Eile de Cúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht /Cúige Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 597 | 554 | 553 | 362 |
| Níos lú ná dhá bhliain | 3% | 3% | 3% | 2% | 3% |
| Idir 2 bhliain agus 5 bliana | 8% | 10% | 6% | 4% | 10% |
| Idir 6 bliana agus 10 mbliana | 8% | 8% | 9% | 5% | 9% |
| 11-20 bliain | 14% | 14% | 17% | 10% | 16% |
| Níos mó ná 20 bliain | 24% | 24% | 27% | 22% | 25% |
| Mo shaol ar fad | 44% | 41% | 39% | 58% | 38% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

## Feasacht

Local authorities offer a wide range Soláthraíonn údaráis áitiúla réimse leathan seirbhísí don phobal. Rinneadh measúnú sa suirbhé maidir le feasacht na bhfreagróirí maidir le freagracht údaráis áitiúla i soláthair 29 bpríomhsheirbhís.

### Feasacht fhoriomlán faoi sheirbhísí

Sa bhliain 2023, ba eol do nócha-naoi faoin gcéad de na freagróirí gur sholáthair údaráis áitiúla cuid de na 29 seirbhís a bhí liostaithe nó iad go léir. Bhí rátaí feasachta thar 50% do sheirbhísí ar fad, seachas Seirbhísí Tacaíochta Gnó.

Bhí na seirbhísí a raibh na leibhéil feasachta ab airde acu comhsheasmhach thar na blianta: cosáin; glantachán sráide; soilsiú sráide; agus rialú bruscair. Ar an iomlán, tá cuma air gur tháinig méadú ginearálta ar leibhéil feasachta in 2023 nuair a chuirtear i gcomparáid le 2022 agus 2021 iad.

Bhí cúig cinn déag de na 29 seirbhís sa chatagóir feasachta airde (i.e. ba eol do 70% nó ní ba mhó de fhreagróirí gur sholáthair údaráis áitiúla an tseirbhís), in 2023 agus 2022, i gcomparáid le 12 sheirbhís in 2021. D'ardaigh leibhéil feasachta sa bhliain 2023 i gcomparáid le 2022 le haghaidh 14 seirbhís. Ní raibh athrú ar bith d'ocht seirbhís agus bhí laghdú mion feasachta maidir leis an seacht seirbhís a bhí fágtha.

Tábla 7: An céatadán de fhreagróirí ab eol dóibh go soláthraíonn údaráis áitiúla an tseirbhís

| Seirbhís Údaráis Áitiúil | N= | 2023 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| Cosáin | 1,898 | 92% ↑ | 90% | 87% |
| Glantachán Sráide | 1,870 | 91% ↑ | 88% | 86% |
| Soilsiú Sráide | 1,820 | 88% ↑ | 87% | 82% |
| Rialú Bruscair | 1,777 | 86% = | 86% | 81% |
| Tithíocht | 1,737 | 84% ↑ | 82% | 79% |
| Bóithre | 1,704 | 83% = | 83% | 76% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 1,698 | 82% = | 82% | 78% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 1,678 | 81% ↑ | 79% | 78% |
| Tacaí Pobail | 1,634 | 79% ↑ | 77% | 77% |
| Pleanáil, Forbairt & Forfheidhmiú | 1,596 | 77% ↑ | 76% | 74% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 1,577 | 76% = | 76% | 72% |
| Seirbhísí athchúrsála | 1,564 | 76% ↓ | 78% | 74% |
| Páirceáil & Sábháilteachtar Bhóithre | 1,528 | 74% ↑ | 72% | 63% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 1,522 | 74% ↑ | 71% | 67% |
| Seirbhís Maor Madraí | 1,471 | 71% ↓ | 72% | 65% |
| Reiligí agus Ionaid Adhlactha | 1,342 | 65% ↑ | 63% | 58% |
| Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Ionaid Phobail/Óige | 1,299 | 63% ↑ | 60% | 61% |
| Forbairt Chontae | 1,286 | 62% ↓ | 64% | 58% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 1,261 | 61% ↓ | 63% | 59% |
| Cóiríocht don Lucht Siúil | 1,254 | 61% = | 61% | 58% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 1,208 | 58% ↑ | 57% | 52% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 1,200 | 58% = | 58% | 53% |
| Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean | 1,199 | 58% ↓ | 59% | n/a |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 1,165 | 56% ↓ | 57% | 60% |
| Cosaint/Feasacht Chomhshaoil | 1,141 | 55% = | 55% | 48% |
| Bailiú Mótarchánach | 1,126 | 54% ↑ | 52% | 52% |
| Turasóireacht/Imeachtaí | 1,117 | 54% ↑ | 53% | 45% |
| Monatóireacht ar Uiscebhealaí/Thránna | 1,032 | 50% ↓ | 51% | 45% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 931 | 45% = | 45% | 52% |

***Eochair Eolais***

Feasacht ard 70% + | Feasacht mheasartha 50-69% | Feasacht íseal 49 + ní b'ísle

↑ Méadú ó 2022 | = Gan aon athrú idir 2022 agus 2023 | ↓ Laghdú ó 2022

### Feasacht de réir chatagóir aoise

Na leibhéil feasachta ab airde i measc na n-aoisghrúpaí níos sine agus ní b'ísle i measc aoisghrúpaí níos óige, toradh atá comhsheasmhach le suirbhéanna 2022 agus 2021. Léirigh freagróirí a bhí 55-64agus 65+ na leibhéil ab airde feasachta thar 23 den 29 seirbhís. Os a choinne sin, léirigh daoine aonair 18-24 bliana d'aois agus 24-34 bliana d'aois na leibhéil ab ísle d'fheasacht maidir le 24 sheirbhís. É sin ráite, léirigh daoine 18-24 bliana d'aois na leibhéil ab airde feasachta maidir le tacaíochtaí pobail (84%), ionaid spóirt/ fóillíochta & ionaid phobail/óige (67%), agus turasóireacht/ imeachtaí (60%).

Bhí na difríochtaí ba shuntasaí maidir le leibhéil feasachta thar aoisghrúpaí i gceist dochlár na dtoghthóirí/toghcháin. Bhí seasca a haon faoin gcéad de fhreagróirí feasach gur sholáthair údaráis áitiúla an tseirbhís seo i gcomparáid le 33% díobh siúd idir 18-24 bliana d'aois agus 73% dóibh siúd 65+.

Tábla 8: Feasacht ar sheirbhísí údaráis áitiúil de réir aoise 2022

| Seirbhís | Gach Ceann | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 227 | 352 | 435 | 371 | 289 | 392 |
| Cosáin | 92% | 81% | 87% | 93% | 94% | 95% | 97% |
| Glantachán Sráide | 91% | 81% | 88% | 89% | 95% | 94% | 94% |
| Soilsiú Sráide | 88% | 78% | 86% | 90% | 90% | 88% | 92% |
| Rialú Bruscair | 86% | 78% | 76% | 86% | 91% | 92% | 92% |
| Tithíocht | 84% | 62% | 75% | 83% | 90% | 94% | 93% |
| Bóithre | 83% | 69% | 80% | 86% | 86% | 82% | 85% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 82% | 68% | 74% | 80% | 85% | 91% | 91% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 81% | 61% | 78% | 82% | 83% | 87% | 89% |
| Tacaí Pobail | 79% | 84% | 80% | 73% | 81% | 84% | 78% |
| Pleanáil, Forbairt & Forfheidhmiú | 77% | 63% | 71% | 72% | 81% | 89% | 86% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 76% | 70% | 72% | 76% | 81% | 77% | 80% |
| Seirbhísí athchúrsála | 76% | 68% | 73% | 73% | 76% | 81% | 82% |
| Páirceáil & Sábháilteachtar Bhóithre | 74% | 64% | 70% | 73% | 74% | 77% | 81% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 74% | 64% | 69% | 68% | 79% | 77% | 82% |
| Seirbhís Maor Madraí | 71% | 41% | 58% | 72% | 79% | 84% | 83% |
| Reiligí agus Ionaid Adhlactha | 65% | 41% | 51% | 67% | 72% | 74% | 76% |
| Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Ionaid Phobail/Óige | 63% | 67% | 65% | 60% | 63% | 61% | 64% |
| Forbairt Chontae | 62% | 61% | 61% | 59% | 61% | 60% | 71% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 61% | 33% | 52% | 63% | 65% | 70% | 73% |
| Cóiríocht don Lucht Siúil | 61% | 43% | 47% | 60% | 63% | 74% | 71% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 58% | 56% | 55% | 56% | 62% | 57% | 64% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 58% | 45% | 44% | 49% | 61% | 68% | 79% |
| Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean | 58% | 52% | 52% | 60% | 58% | 64% | 61% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 56% | 51% | 54% | 56% | 59% | 58% | 59% |
| Cosaint/Feasacht Chomhshaoil | 55% | 57% | 50% | 52% | 59% | 56% | 59% |
| Bailiú Mótarchánach | 54% | 26% | 39% | 54% | 60% | 69% | 69% |
| Turasóireacht/Imeachtaí | 54% | 60% | 52% | 55% | 51% | 55% | 54% |
| Monatóireacht ar Uiscebhealaí/ Thránna | 50% | 52% | 48% | 53% | 51% | 47% | 48% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 45% | 44% | 43% | 46% | 44% | 46% | 46% |
| Gan aon cheann acu seo | 1% | 3% | 2% | 0% | 0% | 0% | 0% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

### Feasacht de réir inscne

Bhí na leibhéil fheasachta mar an gcéanna le haghaidh fear agus ban don chuid is mó de sheirbhísí. Bhí ceithre sheirbhís ina raibh éagsúlacht de chúig faoin gcéad nó níos mó idir na hinscní. Sa bhliain 2023, bhí feasacht ní b'airde ag fir maidir le (i) ionaid spóirt/fóillíocht & ionaid phobail/óige (ii) athnuachan uirbeach agus sráidbhailte, (iii) seirbhísí dóiteáin agus (iv) seirbhísí tacaíochta gnó, i gcomparáid le mná.

Tábla 9: Éagsúlachtaí maidir le feasacht seirbhíse de réir inscne 2023

| | Gach Ceann | Fear | Bean |
|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 1,010 | 1,052 |
| Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Ionaid Phobail/Óige | 63% | 68% | 58% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 58% | 62% | 55% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 58% | 62% | 54% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 45% | 48% | 42% |



### Feasacht de réir réigiúin

Bhí na leibhéil feasachta ab airde ag freagróirí i gCúige Mumhan le haghaidh 17 de na 29 seirbhís, toradh comhchosúil le 2022. Léiríodh na leibhéil feasachta ab ísle i gConnachta/ Uladh agus réigiún Bhaile Átha Cliath do 15 agus 13 sheirbhís faoi seach.

Ar an iomlán, bhí cúig sheirbhís ina raibh éagsúlacht mhór acu idir na rátaí náisiúnta agus réigiúnacha. Tugadh éagsúlacht +/- 10 pointe céatadáin do na seirbhísí seo a leanas:

(i) Bhí an fheasacht ab airde maidir le hionaid spóirt/ fóillíochta & ionaid phobail/óige i Réigiún Bhaile Átha Cliath (74%), 11 phointe céatadáin ní b'airde ná an t-iomlán do gach freagróir, agus an fheasacht ab ísle sa chuid eile de Chúige Laighean ag 57%.

(ii) Bhí feasacht maidir le reiligí agus ionaid Adhlactha 77% i gCúige Mumhan i gcomparáid le 65% do gach freagróir agus 58% i réigiún Bhaile Átha Cliath.

(iii) Maidir le mótarcháin, léiríodh leibhéil feasachta arda i gConnachta/ Uladh (65%), i gcodarsnacht le leibhéil feasachta ísle i réigiún Bhaile Átha Cliath (37%). Difríocht de +11 agus -17 pointe céatadáin ón iomlán do gach freagróir faoi seach.

(iv) Bhí an fheasacht ab ísle maidir le Clár na dToghthóirí/Toghcháin i réigiún Bhaile Átha Cliath, áit a raibh 51% feasach gur sholáthair na húdaráis áitiúla an tseirbhís seo, 10 bpointe céatadáin níos ísle ná an t-iomlán náisiúnta.

(v) Bhí caoga a hocht faoin gcéad de fhreagróirí feasach faoi athnuachan uirbeach agus sráidbhailte, 10 bpointe céatadáin níos airde ná i réigiún Bhaile Átha Cliath, áit a raibh feasacht i measc fhreagróirí ag 48%.

Tábla 10: Feasacht ar sheirbhísí údaráis áitiúil de réir réigiúin 2023

| Seirbhís | Gach Ceann | Baile Átha Cliath | An Chuid Eile de Cúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht/ Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 597 | 554 | 552 | 363 |
| Cosáin | 92% | 92% | 91% | 93% | 90% |
| Glantachán Sráide | 91% | 91% | 88% | 95% | 86% |
| Soilsiú Sráide | 88% | 89% | 88% | 87% | 88% |
| Rialú Bruscair | 86% | 85% | 86% | 89% | 83% |
| Tithíocht | 84% | 80% | 85% | 86% | 86% |
| Bóithre | 83% | 79% | 82% | 86% | 84% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 82% | 85% | 82% | 82% | 79% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 81% | 82% | 83% | 81% | 78% |
| Tacaí Pobail | 79% | 81% | 83% | 76% | 74% |
| Pleanáil, Forbairt & Forfheidhmiú | 77% | 76% | 80% | 78% | 74% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 76% | 71% | 78% | 82% | 74% |
| Seirbhísí athchúrsála | 76% | 76% | 74% | 78% | 74% |
| Páirceáil & Sábháilteachtar Bhóithre | 74% | 73% | 72% | 79% | 71% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 74% | 70% | 74% | 76% | 76% |
| Seirbhís Maor Madraí | 71% | 67% | 72% | 74% | 73% |
| Reiligí agus Ionaid Adhlactha | 65% | 58% | 64% | 77% | 60% |
| Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Ionaid Phobail/Óige | 63% | 74% | 57% | 60% | 58% |
| Forbairt Chontae | 62% | 60% | 67% | 62% | 58% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 61% | 51% | 65% | 65% | 66% |
| Cóiríocht don Lucht Siúil | 61% | 55% | 61% | 65% | 63% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 58% | 48% | 62% | 66% | 60% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 58% | 54% | 62% | 59% | 59% |
| Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean | 58% | 54% | 60% | 59% | 60% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 56% | 55% | 56% | 60% | 53% |
| Cosaint/Feasacht Chomhshaoil | 55% | 54% | 59% | 55% | 53% |
| Bailiú Mótarchánach | 54% | 37% | 63% | 58% | 65% |
| Turasóireacht/Imeachtaí | 54% | 52% | 57% | 56% | 50% |
| Monatóireacht ar Uiscebhealaí/Thránna | 50% | 46% | 51% | 57% | 44% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 45% | 40% | 47% | 48% | 47% |
| Gan aon cheann acu seo | 1% | 1% | 1% | 1% | 0% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

## Úsáid seirbhísí

### Úsáid fhoriomlán seirbhísí

D'fhéach an suirbhé le leibhéil rannpháirtíochta na bhfreagróirí le seirbhísí a údaráis áitiúil a mheas le linn na 12 mhí roimhe sin. Laghdaíodh an bunliosta de 29 seirbhís go 26 sheirbhís chun díriú isteach ar sheirbhísí ina raibh rannpháirtíocht ghníomhach de dhíth uatha, dá bhrí sin, baineadh cosáin, soilse sráide agus glantachán sráide.

Bhain nócha faoin gcéad de fhreagróirí úsáid as ar a laghad ceann amháin de na seirbhísí, suas pointe céatadáin amháin i gcomparáid le 2022. Níor athraigh na sé sheirbhísí ba choitianta a úsáideadh in thar na trí bliana.

Ba iad sin (i) ionaid athchúrsála; (ii) araidí bruscair; (iii) páirceáil; (iv) bailiú mótarchánach; (v) seirbhísí leabharlainne agus (vi) áiseanna fóillíochta áitiúla lasmuigh. Seachas araidí bruscair, bhí ardú leanúnach maidir le húsáid na gcúig sheirbhís a bhí fágtha idir 2021 agus 2022, de réir mar a tháinig maolú ar srianta a bhain leis an bpaindéim. Ar an iomlán, is beag an difríocht a bhí idir 2022 agus 2023.


Ba iad ionaid athchúrsála an tseirbhís ba mhó úsáide i 2023, bhain 68% de fhreagróirí úsáid as an tseirbhís seo. Úsáid Bhoscaí Bruscair díreach ina dhiaidh sin 67%, síos 3% ó 2022. Bhain 65% de fhreagróirí úsáid as seirbhísí páirceála agus bhain 49% úsáid as seirbhísí mótarchánach. Bhain tríocha a naoi faoin gcéad de fhreagróirí úsáid as leabharlanna, bhaine 37% úsáid as saoráidí taobh amuigh agus bhain 35% úsáid as seirbhísí bainteach le bóithre.

Bhí ocht seirbhís ina raibh úsáid seirbhísí i measc fhreagróirí idir 7% agus 21%. Áirítear leis na seirbhísí sin (i) reiligí agus ionad adhlactha, (ii) ionaid spóirt/ fóillíochta agus ionaid phobail/óige, (iii) turasóireacht agus imeachtaí, (iv) clár na dtoghthóirí/toghcháin, (v) seirbhísí ealaíon agus oidhreachta, (vi) seirbhísí pobail, (vii) draenáil uisce/ cois bóthair agus (viii) seirbhísí tithíochta.

Do 11 sheirbhís, bhí úsáid seirbhíse 5% nó ní ba lú. Ba iad seo a leanas na seirbhísí sin (i) forbairt phleanála agus forfheidhmiú, (ii) tacaíochtaí do forbairt tithíochta nua, (iii) caomhnú comhshaoil, feasacht, agus forfheidhmiú, (iv) monatóireacht ar uiscebhealaí agus tránna, (v) seirbhís maor madraí, (vi) seirbhísí tacaíochta gnó (vii) scéim athnuachana uirbeach agus sráidbhailte, (viii) seirbhísí dóiteáin, (ix) forbairt chontae, (x) tacaíochtaí do dhaoine gan dídean agus (xi) cóiríocht don lucht siúil.

Tábla 11: Na seirbhísí údaráis áitiúil ba mhó a úsáideadh 2021, 2022 agus 2023

| Seirbhís | 2021 | 2022 | Méadú |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí athchúrsála | 64% | 68% | 68% |
| Boscaí Bruscair | 64% | 70% | 67% |
| Páirceáil & Sábháilteachtar Bhóithre | 51% | 64% | 65% |
| Bailiú Mótarchánach | 43% | 48% | 49% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 31% | 38% | 39% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 33% | 37% | 37% |



Fíor 2: Seirbhísí údaráis áitiúil a úsáideadh le 12 mhí anuas

## Úsáid seirbhísí de réir chatagóir aoise

Léiríodh i sonraí 2023 patrúin éagsúla úsáid seirbhíse thar na haoisraonta. Bhain céatadán ní b'airde a bhí 55+ bliana d'aois úsáid as ionaid athchúrsála, mótarcháin, agus reiligí agus ionad adhlactha i gcomparáid le cohóirt eile. Thuairiscigh iad siúd a bhí 18-24 bliana d'aois úsáid ní b'airde maidir le seirbhísí páirceála, bóithre, agus ionaid spóirt/ fóillíochta agus ionaid phobail i gcomparáid le cohóirt níos sine. Bhí ceithre sheirbhís ann a raibh éagsúlacht de +/- 10 bpointe céatadáin eatarthu nuair a cuireadh i gcomparáid iad leis na figiúir le haghaidh na bhfreagróirí go léir.

(i) Bhí úsáid sheirbhís athchúrsála 11 faoin gcéad ní b'airde dóibh siúd 65+ bliana d'aois. Bhain seachtó a naoi faoin gcéad de fhreagróirí sa chohórt aoise seo úsáid as seirbhísí athchúrsála i gcomparáid le 68% de fhreagróirí uile.

(ii) Bhain daichead a naoi faoin gcéad de fhreagróirí úsáid as mótarcháin, agus raon ann ó 27% dóibh siúd 18-24 bliana d'aois go 63% dóibh siúd 55-64 bliana d'aois.

(iii) Bhí úsáid seirbhíse do bhóithre ní b'airde dóibh siúd 18-24 bliana d'aois ag 50%, 15 phointe céatadáin níos airde ná an t-iomlán do fhreagróirí uile. Tuairiscíodh ráta úsáid seirbhíse ní b'ísle i measc fhreagróirí 65+ bliana d'aois agus 21% ag baint úsáide as bóithre.

(iv) Bhí an úsáid ab airde maidir le hionaid spóirt, fóillíochta agus ionaid phobail agus óige i gceist do fhreagróirí 18-24 bliana d'aois. Thuairiscigh tríocha a sé faoin gcéad úsáid a bhaint as an tseirbhís seo, 16 phointe céatadáin níos airde ná an t-iomlán do fhreagróirí uile.

Tábla 12: Seirbhísí a úsáideadh le 12 mhí anuas de réir aoise 2023

| | Gach Ceann | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 227 | 352 | 435 | 371 | 289 | 392 |
| Ionaid Athchúrsála | 68% | 59% | 51% | 66% | 70% | 78% | 79% |
| Boscaí Bruscair | 67% | 72% | 64% | 70% | 65% | 65% | 65% |
| Páirceáil & Sábháilteachtar Bhóithre | 65% | 67% | 65% | 66% | 63% | 66% | 65% |
| Bailiú Mótarchánach | 49% | 27% | 38% | 51% | 53% | 63% | 58% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 39% | 38% | 34% | 42% | 40% | 41% | 39% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 37% | 41% | 44% | 42% | 33% | 32% | 29% |
| Bóithre | 35% | 50% | 48% | 40% | 32% | 26% | 21% |
| Reiligí agus Ionaid Adhlactha | 21% | 18% | 19% | 19% | 20% | 29% | 23% |
| Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Ionaid Phobail/Óige | 20% | 36% | 25% | 26% | 19% | 9% | 11% |
| Turasóireacht/Imeachtaí | 15% | 19% | 23% | 16% | 13% | 13% | 8% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 12% | 12% | 13% | 12% | 11% | 13% | 10% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 11% | 14% | 17% | 11% | 10% | 9% | 9% |
| Tacaí Pobail | 8% | 12% | 8% | 8% | 8% | 5% | 6% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 7% | 8% | 7% | 10% | 8% | 4% | 5% |
| Tithíocht | 7% | 7% | 7% | 11% | 7% | 6% | 4% |
| Pleanáil, Forbairt & Forfheidhmiú | 5% | 4% | 10% | 6% | 3% | 3% | 5% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 5% | 7% | 8% | 5% | 4% | 4% | 2% |
| Cosaint/Feasacht Chomhshaoil | 5% | 4% | 8% | 5% | 4% | 2% | 3% |
| Monatóireacht ar Uiscebhealaí/ Thránna | 4% | 8% | 5% | 5% | 3% | 3% | 1% |
| Seirbhís Maor Madraí | 4% | 2% | 4% | 4% | 4% | 5% | 3% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 3% | 6% | 5% | 2% | 2% | 1% | 2% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 2% | 3% | 5% | 3% | 2% | 1% | 1% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 2% | 5% | 4% | 2% | 2% | 2% | 1% |
| Forbairt Chontae | 2% | 3% | 6% | 2% | 1% | 1% | 1% |
| Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean | 2% | 3% | 3% | 1% | 1% | 1% | 1% |
| Cóiríocht don Lucht Siúil | 1% | 5% | 2% | 1% | 0% | 1% | 1% |
| Gan aon cheann acu seo | 4% | 6% | 6% | 4% | 3% | 4% | 4% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

## Úsáid seirbhíse de réir inscne

Bhí fíorbheagán difríochtaí idir mná agus fir i gcoitinne maidir le húsáid seirbhísí. Ní raibh ach ceithre sheirbhís ina raibh éagsúlacht de chúig faoin gcéad nó níos mó idir na hinscní soiléir. Thuairiscigh ní ba mhó fir (40%) úsáid a bhaint as bóithre i gcomparáid le mná (31%), éagsúlacht nárbh ann dó sa bhliain 2022. Lena chois sin, bhí úsáid ní b'airde ann d'ionaid spóirt/ fóillíochta agus ionaid phobail/ óige d'fhir (23%) ná mná (18%).

## Úsáid seirbhíse de réir réigiúin

Léiríodh sna sonraí na rátaí úsáid seirbhíse ar fud na gceithre réigiúin. Tugadh rátaí úsáid seirbhíse ní b'airde faoi deara i réigiún Bhaile Átha Cliath maidir le boscaí bruscair (71%) i gcomparáid le ráta ní b'ísle sa chuid eile de Chúige Laighean (61%). Ar an mbealach céanna, i réigiún Bhaile Átha Cliath, bhain 41% de fhreagróirí úsáid as saoráidí fóillíochta áitiúla lasmuigh i gcomparáid le 31% sa chuid eile de Chúige Laighean. Maidir le seirbhísí leabharlainne, bhí an úsáid ab airde i réigiún Bhaile Átha Cliath 43% agus ab ísle i gConnachta/ Uladh ag 33%. Maidir le hionaid spóirt/ fóillíochta agus ionaid phobail, bhí raon i gceist maidir le húsáid seirbhíse ó 25% i réigiúin Bhaile Átha Cliath go 16% sa chuid eile de Chúige Laighean.

Os a choinne sin, bhí úsáid seirbhíse maidir le mótarcháin ní b'ísle i réigiún Bhaile Átha Cliath, d'úsáid 41% de fhreagróirí an tseirbhís i gcomparáid le 54% i gCúige Mumhan. Ar an gcaoi chéanna, bhí úsáid páirceála i réigiún Bhaile Átha Cliath faoi bhun úsáid na réigiún eile agus 56% de fhreagróirí ag úsáid na seirbhíse sin i gcomparáid le figiúr idir 64% agus 72% ar fud na dtrí réigiúin eile. Tugadh patrúin chomhchosúla faoi deara i dtorthaí 2021 agus 2022.

Tábla 13: Éagsúlacht maidir le húsáid seirbhíse de réir inscne 2022

| Seirbhís a úsáideadh le 12 mhí anuas | Fear | Bean |
|---|---|---|
| Bóithre | 40% | 31% |
| Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Ionaid Phobail/Óige | 23% | 18% |

Tábla 14: Seirbhísí a úsáideadh le 12 mhí anuas de réir réigiúin 2023

| | Gach Ceann | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Chúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht/ Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 597 | 554 | 552 | 363 |
| Ionaid Athchúrsála | 68% | 69% | 68% | 68% | 65% |
| Boscaí Bruscair | 67% | 71% | 61% | 70% | 62% |
| Páirceáil & Sábháilteachtar Bhóithre | 65% | 56% | 72% | 70% | 64% |
| Bailiú Mótarchánach | 49% | 41% | 51% | 54% | 53% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 39% | 43% | 37% | 41% | 33% |
| Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 37% | 41% | 31% | 39% | 36% |
| Bóithre | 35% | 32% | 31% | 42% | 38% |
| Reiligí agus Ionaid Adhlactha | 21% | 22% | 18% | 25% | 18% |
| Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Ionaid Phobail/Óige | 20% | 25% | 16% | 21% | 18% |
| Turasóireacht/Imeachtaí | 15% | 13% | 13% | 17% | 17% |
| Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 12% | 13% | 8% | 14% | 12% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 11% | 12% | 10% | 13% | 10% |
| Tacaí Pobail | 8% | 7% | 7% | 8% | 9% |
| Draenáil Uisce/Cois bóthair | 7% | 8% | 6% | 8% | 6% |
| Tithíocht | 7% | 6% | 6% | 9% | 8% |
| Pleanáil, Forbairt & Forfheidhmiú | 5% | 5% | 5% | 6% | 4% |
| Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 5% | 6% | 4% | 4% | 5% |
| Cosaint/Feasacht Chomhshaoil | 5% | 5% | 4% | 5% | 5% |
| Monatóireacht ar Uiscebhealaí/Thránna | 4% | 5% | 3% | 4% | 4% |
| Seirbhís Maor Madraí | 4% | 4% | 3% | 4% | 5% |
| Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 3% | 3% | 3% | 3% | 2% |
| Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 2% | 2% | 2% | 3% | 3% |
| Seirbhísí Dóiteáin | 2% | 4% | 2% | 2% | 1% |
| Forbairt Chontae | 2% | 2% | 2% | 3% | 2% |
| Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean | 2% | 2% | 1% | 1% | 2% |
| Cóiríocht don Lucht Siúil | 1% | 2% | 1% | 1% | 1% |
| Gan aon cheann acu seo | 4% | 4% | 6% | 3% | 3% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

## Sásamh le seirbhísí a úsáideadh

Sa suirbhé, rinneadh fiosrú maidir le leibhéil sásaimh leis na seirbhísí ar baineadh úsáid astu. Iarradh ar fhreagróirí a thuairiscigh a bheith rannpháirteach i seirbhísí a leibhéal sásaimh a rátáil.

Den 26 sheirbhís ar bhain freagróirí úsáid astu, bhí na rátaí sásaimh ab airde ann do sheirbhísí leabharlainne ag 91%. Bhí na leibhéil sásaimh ab ísle i measc dhaoine a bhain úsáid as tacaíochtaí do dhaoine gan dídean ag 32%, le méid sampla de 34 duine, áfach, níl na torthaí chomh hiontaofa céanna.

Ar an iomlán, tuairiscíodh rátaí sásaimh de 70% nó ní ba mhó do naoi seirbhís agus idir 50% agus 69% do 11 sheirbhís. Thuairiscigh freagróirí nach raibh sásta leis na seirbhísí leibhéil neodrachta níos airde ná míshásamh, seachas maidir le maor madraí agus seirbhísí tithíochta. Bhí an neodracht ba mhó ann do fhreagróirí a bhain úsáid as cóiríocht don lucht siúil ag 45% agus do leabharlanna ag 7%. Maidir le míshásaimh leis na seirbhísí, bhí raon chomh hard le 33% do thithíocht agus seirbhísí tacaíochta do dhaoine gan dídean agus chomh híseal le 2% do sheirbhísí leabharlainne.

Tábla 15: Torthaí maidir le Sásamh Custaiméirí 2023

| N= | Satisfaction with Service Used | 2023 Glanfhigiúr Sásta | 2023 Glan-neodrach | 2023 Glanfhigiúr Míshásta |
|---|---|---|---|---|
| 813 | Seirbhísí Leabharlainne | 91% | 7% | 2% |
| 438 | Reiligí agus Ionaid Adhlactha | 82% | 15% | 3% |
| 235 | Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 82% | 14% | 5% |
| 241 | Clár na dToghthóirí/Toghcháin | 81% | 13% | 6% |
| 1,396 | Seirbhísí athchúrsála | 78% | 15% | 7% |
| 758 | Áiseanna Fóillíochta Áitiúla Lasmuigh | 74% | 19% | 6% |
| 423 | Ionaid Spóirt/Fóillíochta & Ionaid Phobail/ Óige | 74% | 20% | 6% |
| 160 | Tacaí Pobail | 74% | 17% | 9% |
| 1,018 | Bailiú Mótarchánach | 74% | 18% | 8% |
| 309 | Turasóireacht/Imeachtaí | 69% | 25% | 6% |
| 49 | Seirbhísí Dóiteáin | 64% | 30% | 6% |
| 49 | Forbairt Chontae | 63% | 22% | 15% |
| 60 | Seirbhísí Tacaíochta Gnó | 62% | 28% | 10% |
| 148 | Draenáil Uisce/Cois bóthair | 60% | 24% | 15% |
| 82 | Monatóireacht ar Uiscebhealaí/Thránna | 59% | 30% | 11% |
| 76 | Seirbhís Maor Madraí | 57% | 19% | 24% |
| 99 | Tacaí Nua um Fhorbairt Tithíochta | 57% | 32% | 10% |
| 49 | Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte | 55% | 33% | 12% |
| 1,377 | Boscaí Bruscair | 51% | 27% | 22% |
| 1,352 | Páirceáil | 50% | 33% | 17% |
| 111 | Pleanáil/ Forbairt/ Forfheidhmiú | 46% | 30% | 24% |
| 96 | Cosaint/Feasacht Chomhshaoil | 45% | 35% | 20% |
| 148 | Tithíocht | 44% | 23% | 33% |
| 27 | Cóiríocht don Lucht Siúil | 42% | 45% | 13% |
| 731 | Bóithre | 33% | 36% | 30% |
| 34 | Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean | 32% | 34% | 33% |


## Méid an tsampla agus cur síos ar an tseirbhís

Tá sé tógtha faoi deara cheana féin gur ghá a bheith ar an airdeall agus torthaí maidir le sásamh custaiméirí á mheas más rud é go raibh an úsáid seirbhíse san am atá caite. Dá fhad an bhearna ama is ea is mó neamhiontaofa na torthaí. Tá an litríocht soiléir go mbailítear na sonraí is cruinne ag an bpointe teagmhála (Boyle, 2020).

Anuas air sin, is saincheist thábhachtach é méid an tsampla agus athbhreithniú á dhéanamh ar thorthaí, mar dá mhéad méid an tsampla, is ea is mó iontaofa agus is mó inghinearálaithe na torthaí (Robson 2002). Sa tuarascáil seo, sáraítear 500 le méid an tsampla do sheacht de na 26 seirbhísí nó sáraítear 200 do 12 sheirbhís.

I bhfianaise seo, ní mór a bheith ar an airdeall maidir le líon íseal na bhfreagróirí agus torthaí á léirmhíniú. Anuas air seo, tá ainmneacha ginearálta na seirbhísí a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na seirbhísí sa suirbhé. Mar shampla, bhain 148 duine úsáid as seirbhís tithíochta. Bhí daichead a ceathair faoin gcéad sásta, bhí 23% nach raibh sásta ná míshásta agus bhí 33% míshásta.

Is téarma ginearálta é tithíocht, áfach. Ní féidir a aithint cén seirbhís tithíochta a úsáideadh. Aithníodh 23 Sheirbhís Tacaíochta Tithíochta i gcatalóg seirbhísí



Fíor 3: 2023 Leibhéil sásaimh le seirbhísí údaráis áitiúil - 200+ úsáideoirí seirbhíse

an rialtais áitiúil[3], 21 Scéim Tithíochta, 5 Scéim Chothabháil Tithíochta, 6 Dheontas Tithíochta. 8 Seirbhís Sholáthar Tithíochta, agus Seirbhís Caighdeáin Tithíochta agus Foirgníochta amháin. Féadfaidh gur bhain na 148 freagróir úsáid as aon cheann de na seirbhísí taobh istigh den bhliain roimhe sin.

Bhí breis agus 200 freagra i gceist le hathbhreithniú maidir leis an gcúig sheirbhís a raibh na rátaí sásaimh ab airde acu, dá bhrí sin tá leibhéil iontaofachta ard a dhóthain. Ba iad seo a leanas na seirbhísí sin (i) leabharlanna, (ii) reiligí agus ionad adhlactha, (iii) seirbhísí ealaíon agus oidhreachta, (iv) clár na dtoghthóirí/toghcháin agus (v) ionaid athchúrsála. Nuair a dhéantar comparáid le 2022, an chéad bhliain a bailíodh na torthaí, bhí ardú ann maidir leis na leibhéil sásaimh thar ceithre as cúig de na seirbhísí, go háirithe do na seirbhísí ealaíon agus oidhreachta ina raibh ardú ó 72% sa bhliain 2022 go 82% sa bhliain 2023. Chonacthas laghdú beag maidir le hathchúrsáil ó 80% sásamh go 78%.

Bhí an ráta sásaimh ab airde ann do sheirbhísí leabharlainne i 2022 agus 2023 araon. Tháinig méadú ceithre phointe céatadáin ar shásaimh le reiligí agus ionad adhlactha nuair a chuirtear i gcomparáid le 2022 é. Tuairiscíodh ardú maidir le sásamh freisin maidir le clár na dtoghthóirí/toghcháin, seacht bpointe ní b'airde ná 2022. Bhí ionaid athchúrsála sa chúig sheirbhís ab fhearr don dhá bhliain, agus bhí laghdú beag de dhá phointe céatadáin maidir le sásamh i 2023.

Tábla 16: Seirbhísí a bhfuil na leibhéil is airde sásaimh acu

| | 2023 | | 2022 | | Difríocht |
|---|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí** | **n=** | **%** | **n=** | **%** | |
| Seirbhísí Leabharlainne | 813 | **91%** | 702 | **90%** | +1% |
| Reiligí agus Ionaid Adhlactha | 438 | **82%** | 387 | **78%** | +4% |
| Seirbhísí Ealaíon & Oidhreachta | 235 | **82%** | 236 | **72%** | +10% |
| Clár na dToghthóirí | 241 | **81%** | 205 | **75%** | +7% |
| Ionaid Athchúrsála | 1,396 | **78%** | 1,259 | **80%** | -2% |

[3] https://services.localgov.ie/en-ie/Options/Categories

## Suirbhéanna spriocdhírithe

Cé go bhféadfadh na rátaí sásaimh suirbhé náisiúnta a bheith ina dtomhas úsáideacha do sheirbhísí ar bhain céatadán mór den phobal úsáid rialta astu (e.g. leabharlanna nó athchúrsáil), ní raibh na torthaí chomh húsáideach céanna maidir le seirbhísí a raibh líon ní b'ísle úsáideoirí seirbhísí acu (m.sh. tacaíocht ghnó nó seirbhísí do dhaoine gan dídean) nó nuair a bhí go leor pointí rannpháirtíocht seirbhíse féideartha faoi théama seirbhíse (m.sh. tithíocht).


Chun sonraí níos cruinne a bhailiú, agus chun cruinneas thorthaí an tsuirbhé náisiúnta a thástáil, dháil an GBRÁ suirbhéanna spriocdhírithe breise thar dhá sheirbhís in 2023. Ba é leabharlanna an chéad seirbhís, príomhsheirbhís a bhfuil líon mór úsáideoirí aici. Ba é Iarratais Chothabháil Tithíochta an dara seirbhís, seirbhís tithíochta spriocdhírithe a bhíonn in úsáid ag tionóntaí tithíochta.

I mí an Mhárta 2023, cuireadh tús le suirbhé choicíse i 60 leabharlann, díríodh ar dhaoine a raibh cuairt á tabhairt acu ar foirgnimh leabharlainne (ní úsáideoirí seirbhísí ar líne). Thar an tréimhse coicíse, comhaireadh gur thug beagnach 124,000 duine cuairt ar na leabharlanna seo agus chomhlíon 9, 159 an suirbhé, ráta freagartha 7%. Sa suirbhé féachadh le measúnú a dhéanamh ar leibhéil sásaimh le rannpháirtíocht foirne, an t-eispéireas maidir le leabharlann fhisiciúil a úsáid agus éascaíocht úsáide foriomlán.


Dearbhaítear na torthaí ó fhionnachtana an tsuirbhé náisiúnta go raibh sásamh ginearálta leis na seirbhísí leabharlainne agus éascaíocht úsáide ard ag 90%. Léirítear leis an suirbhé spriocdhírithe go raibh foireann leabharlainne lárnach maidir le leibhéil arda sásaimh, ach chomh maith céanna, rinneadh athbhreithniú dearfach ar na leabharlanna.

An gcuma chéanna, thar thréimhse coicíse i mí Aibreáin 2023, tugadh an deis do thionóntaí tithíocht sóisialta a raibh iarratais chothabháil tithíochta á gcur isteach acu suirbhé ar sheirbhís do chustaiméirí a chomhlíonadh. Den 7,112 duine a bhain úsáid as an seirbhís, chomhlíon 409 acu an suirbhé, ráta freagartha 6%.

Bhí líon na bhfreagróirí ní b'ísle don seirbhís seo i gcomparáid le seirbhís na leabharlanna, ach ní raibh an ráta freagartha ach beagáinín ní b'ísle (6% do chothabháil tithíochta i gcomparáid le 7% do leabharlanna). Anuas air sin, le líon na bhfreagraí, sáraítear iad siúd don suirbhé náisiúnta (409 freagra spriocdhírithe i gcomparáid le 148 freagraí náisiúnta faoi theideal ginearálta na tithíochta).




Fíor 4: Torthaí suirbhé leabharlainne spriocdhírithe 2023



Fíor 5: Torthaí suirbhé chothabháil tithíochta spriocdhírithe 2023

Leis na torthaí, tugtar léirmhíniú níos caolchúisí maidir le conas a rátáladh seirbhísí tithíochta áirithe. Léirigh an suirbhé náisiúnta go raibh 44% de 148 úsáideoir seirbhís tithíochta sásta agus bhí 33% míshásta. Bhí na torthaí maidir leis an suirbhé chothabháil tithíochta spriocdhírithe ní ba dhearfaí, agus thug siad léargas ní ba mhó maidir le gnéithe de rannpháirtíocht seirbhísí ina raibh daoine sásta leo.


Bhí sásamh maidir le heolas na mball foirne agus cúirtéiseacht ag 67% agus 71% faoi seach. Cé nach raibh sé chomh hard céanna leis na leabharlanna, maidir leo siúd nach raibh sásta, bhí claonadh acu a bheith neodrach (28% agus 25% faoi seach) seachas a bheith míshásta (5% agus 4% faoi seach).

Bhí an patrún céanna soiléir maidir le timpeallacht agus leagan amach na hoifige. Bhí caoga a cúig faoin gcéad sásta le timpeallacht na hoifige agus 54% leis an leagan amach agus bhí 3% de fhreagróirí míshásta leis an timpeallacht, agus 7% míshásta leis an leagan amach.

Ba fhreagraí neodracha iad 42% díobh siúd a bhí ag freagairt do shásamh maidir leis an timpeallacht oifige agus 39% do leagan amach na hoifige.

Maidir le héascaíocht foriomlán iarratas chothabháil tithíochta a dhéanamh, bhí 70% sásta go raibh sé éasca agus chuir 11% míshásamh in iúl agus bhí 19% neodrach. Maidir le suirbhé leabharlainne spriocdhírithe 2023, tugadh tacaíocht do thorthaí ón suirbhé náisiúnta mar gur léiríodh rátaí arda sásaimh sa dá cheann, agus bhí líon mór freagróirí ag an dá cheann freisin. Ní raibh torthaí an tsuirbhé chothabháil tithíochta ag teacht le torthaí an tsuirbhé náisiúnta maidir le sásaimh le tithíocht. Sa chás seo, bhí méid an tsampla d'úsáideoirí tithíochta don suirbhé náisiúnta beag, mar sin féadfaidh nach bhfuil sé ionadaíoch. Ina theannta sin, ní raibh soiléireacht ann maidir le cén seirbhís tithíochta ar bhain freagróirí an tsuirbhé náisiúnta úsáid astu, agus mar sin bhí luach teoranta do na torthaí, agus a infheidhmeacht maidir le feabhsú seirbhíse.

Leis na torthaí seo, tarraingítear aird ar an riachtanas léirmhíniú airdeallach a bheith ann maidir leis na torthaí sásaimh áit a bhfuil líon na n-úsáideoirí seirbhíse íseal agus áit a bhfuil sé míshoiléir cad é an tseirbhís áirithe atá á mheas. I bhfianaise an méid seo, leanfaidh an GBRÁ a bheith ag obair i gcomhar le hionadaithe earnála chun sonraí a bhailiú chomh cóngarach den pointe seirbhíse rannpháirtíochta agus is féidir. Is príomhdheis é leathadh amach straitéis dhigiteach agus TFC an rialtais áitiúil chun seirbhísí a dhigitiú agus saoráid a chur san áireamh chun sonraí sásaimh a ghabháil mar chuid den phróiseas.



Fíor 6: Bealaí rannphháirteachais a úsáideadh le cúig bliana anuas 2023

## Cainéil theagmhála

Fiafraíodh de na freagróirí cén bealaí a d'úsáid siad le teagmháil nó plé a dhéanamh le húdarás áitiúil. Le cúig bliana anuas, ba é suíomhanna gréasáin an bealach rannpháirtíochta ba mhó úsáide. Bhain seachtó faoin gcéad de fhreagróirí úsáid as suíomhanna gréasáin chun dul i dteagmháil lena n-údarás áitiúil. Na céad bealaí teagmhála is coitianta eile ná ar líne, i bpearsa, thar an bhfón agus ríomhphost, bhí réimse idir 48% agus 43% ann. Bhain tríocha faoin gcéad de fhreagróirí úsáid as na meáin shóisialta agus bhain 29% úsáid as litreacha. Ba iad 23% agus 16% na céatadáin de dhaoine a raibh teagmháil á déanamh acu ag úsáid tríú páirtí nó idirghabhálaí, (i.e. comhairleoir, ateangaire, ball den teaghlach), cruinnithe poiblí agus foláirimh théacs.

Rinneadh athbhreithniú ar na sonraí de réir thréimhse ama freisin. Bhí teagmháil le suíomhanna gréasáin ní ba shuntasaí le dhá bhliain anuas. Tháinig méadú 13% ar an ráta úsáide dá mba rud é go raibh do freagróirí i dteagmháil 1 go 2 bhliain ó shin, go 20% do a bhí ar siúl idir 6-12 mhí roimhe sin agus ar deireadh go 30% nuair a bhí an teagmháil le linn na sé mhí roimhe sin.

Roimhe sin, i.e. níos mó ná 2 bhliain ó shin, ba iad teagmhálacha i bpearsa an cineál teagmhála ba choitianta. Tháinig méadú ar mhodhanna leictreonacha le himeacht ama. Bhí úsáid ríomhphoist, sheirbhísí ar líne, meán sóisialta agus fholáirimh théacs ní b'airde taobh istigh den dhá bhliain roimhe sin. Ag an am céanna, tháinig laghdú ar theagmháil i gcruinnithe poiblí agus trí litreacha thar an tréimhse ama céanna.

Tábla 17: Bealaí teagmhála a úsáideadh de réir thréimhse ama 2023

| | Suíomh gréasáin | Ar Líne | I bPearsa | Thar an nGuthán | Ríomh-phost | Na Meáin Shóisialta | Litir | Tríú Páirtí | Cruinniú Poiblí | Foláirimh Téacs |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **N=** | **1,445** | **982** | **929** | **924** | **883** | **611** | **597** | **481** | **359** | **322** |
| **0-6 mhí** | 30% | 18% | 13% | 14% | 13% | 15% | 8% | 7% | 3% | 7% |
| **6-12 mhí** | 20% | 13% | 10% | 12% | 12% | 8% | 7% | 6% | 3% | 4% |
| **1-2 bhliain** | 13% | 11% | 10% | 10% | 11% | 5% | 8% | 5% | 5% | 3% |
| **2-5 bliana** | 7% | 6% | 11% | 9% | 8% | 2% | 6% | 5% | 6% | 2% |
| **5 bliana +** | 6% | 6% | 14% | 12% | 9% | 2% | 14% | 9% | 11% | 2% |
| **Gan aon cheann acu seo** | 25% | 47% | 41% | 44% | 49% | 68% | 57% | 67% | 71% | 82% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

### Cainéil teagmhála de réir aoise

Thar na grúpaí aoise, ba i measc na cohóirt aoise is sine agus is óige a bhí na foircinn ba mhó soiléir. Ba iad siúd a bhí 65 agus níos sine ba lú dóchúlacht de na grúpaí aoise chun úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne nó na meáin shóisialta. Thuairiscigh an cohórt aoise 18-25rannpháirtíocht íseal trí shuíomh gréasáin, i bpearsa agus an guthán, i gcomparáid le haoisghrúpaí eile. Ba iad an aoisghrúpa 25-34 ba mhó dóchúlacht freastal ar chruinnithe poiblí mar aon le húsáid a bhaint as seirbhísí ar líne, ríomhphost agus meáin shóisialta.

### Cainéil teagmhála de réir inscne

Bhí roinnt éagsúlachtaí maidir le cainéil ar bhain inscní úsáid astu. Ba dhóchúil go ndéanfadh fir teagmháil le húdaráis áitiúla ar líne, i bpearsa, trí ríomhphost agus cruinniú poiblí. Ba dhóchúil go mbainfeadh mná úsáid níos mó as na meáin shóisialta nó teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla.

Tábla 18: Bealaí rannpháirteachais le húdaráis áitiúla de réir aoisghrúpa 2023

| Glan 5 bliana | Aois | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | All | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
| N= | 2,066 | 227 | 353 | 435 | 371 | 289 | 391 |
| Suíomh gréasáin | 70% | 54% | 69% | 77% | 75% | 69% | 69% |
| Ar Líne | 48% | 43% | 55% | 53% | 48% | 51% | 35% |
| I bPearsa | 45% | 36% | 45% | 46% | 47% | 47% | 46% |
| Ar an nguthán | 45% | 30% | 42% | 46% | 48% | 52% | 47% |
| Ríomhphost | 43% | 32% | 51% | 49% | 44% | 44% | 33% |
| Na Meáin Shóisialta | 30% | 36% | 38% | 36% | 28% | 24% | 17% |
| Litir | 29% | 23% | 33% | 34% | 28% | 28% | 23% |
| Tríú Páirtí | 23% | 19% | 28% | 26% | 20% | 22% | 23% |
| Cruinniú poiblí | 17% | 17% | 24% | 16% | 16% | 19% | 13% |
| Foláirimh théacs | 16% | 21% | 16% | 15% | 15% | 18% | 12% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Tábla 19: Bealaí rannpháirteachais le húdaráis áitiúla de réir inscne 2023

| Glan 5 bliana | Inscne | | |
|---|---|---|---|
| | Fear | Bean | Difríocht |
| N= | 1,010 | 1,051 | |
| Suíomh gréasáin | 70% | 69% | 1% |
| Ar Líne | 51% | 44% | 7% |
| I bPearsa | 48% | 42% | 6% |
| Ar an nguthán | 45% | 44% | 1% |
| Ríomhphost | 46% | 39% | 7% |
| Na Meáin Shóisialta | 27% | 32% | -5% |
| Litir | 30% | 28% | 2% |
| Tríú Páirtí | 25% | 22% | 3% |
| Cruinniú poiblí | 22% | 13% | 9% |
| Foláirimh théacs | 18% | 14% | 4% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

## Cainéil teagmhála de réir réigiúin


Bhí éagsúlacht shuntasach ar bhonn réigiúin. Ba iad freagróirí i réigiún Bhaile Átha Cliath ba lú dóchúlacht teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla i bpearsa nó thar an nguthán. Os a choinne sin, ba iad réigiún Chonnacht/Uladh ba mhó dóchúlacht teagmháil a dhéanamh i bpearsa nó thar an nguthán.

## Cainéil teagmhála thar 12 mhí

Rinneadh na sonraí do rannpháirteachas thar an dá mhí dhéag roimhe a chur i gcomparáid thar 2021, 2022 agus 2023. Ba é teagmháil i bpearsa an cainéal inar tháinig an méadú is suntasaí. Tháinig méadú air seo ó 14% sa bhliain 2021, le linn na paindéime, go 24% sa bhliain 2023, i ndiaidh na paindéime. Bhí teagmháil á déanamh ag thart ar aon cheathrú de fhreagróirí tríd an guthán agus trí ríomhphost le linn an tréimhse ama céanna.

Bhí líon na ndaoine a bhain úsáid as na cainéil seo comhsheasmhach thar trí bliana gan aon laghdú suntasach mar tháinig méadú ar teagmháil i bpearsa.


Bhí ardú de réir a chéile i rannpháirtíocht trí shuíomhanna gréasáin, ar líne agus na meáin shóisialta freisin thar an tréimhse ama céanna. I bhfianaise an ailínithe leis an tréimhse paindéime, ba dhóchúil gur bhain an t-ardú le rochtain laghdaithe ar sheirbhísí i bpearsa. Ar an iomlán, d'ardaigh daoine líon na gcineálacha a úsáidtear chun teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla.



Fíor 7: Cainéil rannpháirteachais le bliain anuas 2021-2023

## Foinsí faisnéise

Fiafraíodh de fhreagróirí cá háit ar bhfuair siad a gcuid eolais maidir lena n-údarás áitiúil. Sa bhliain 2023, ba iad suíomhanna gréasáin na n-údarás áitiúil na foinsí eolais ba choitianta ag 49%. Ba phríomhfhoinse eolais iad na Nuachtáin. Áitiúla do 30% de fhreagróirí agus bhraith 28% ar chairde agus comharsana. Ba iad na trí sheirbhís ba choitianta úsáide inchomparáide thar na trí bliana, agus tugadh arduithe faoi deara idir 2022 agus 2023 do nuachtáin áitiúla (+2%) agus cairde agus comharsana (+3%).




Fíor 8: Foinse eolais faoi údaráis áitiúla 2023

I measc na meán sóisialta, bhí Facebook ar an gceann ba mó a thaitníonn le daoine ag 19%. Baineadh úsáid níos lú as Twitter, Instagram agus LinkedIn, agus arduithe beaga tógtha faoi deara thar na trí bliana. Sa bhliain 2023, bhain 8% de fhreagróirí úsáid as Twitter (7% sa bhliain 2022 agus 6% sa bhliain 2021), tháinig méadú 6% ar úsáid Instagram go 6% (4% i 2022 agus 2021) agus bhain 2% de fhreagróirí úsáid as LinkedIn mar fhoinse eolais (1% i 2022 agus 2021.)

Is foinsí eolais tábhachtach i gcónaí iad raidió áitiúil (16%), dul i dteagmháil le comhairleoirí (16%), agus póstaeir/bileoga a fheiceáil (13%) do go leor daoine. Tháinig laghdú 10% ar dul i dteagmháil le baill foirne údaráis áitiúil chun eolas a fháil, síos ó 14% i 2021 agus 11% i 2022. Bhí ardú maidir le líon na bhfreagróirí a thuairiscigh an teilifís mar fhoinse eolais, ó 5% i 2022 go 10% i2023.

**Foinse faisnéise de réir aoise**

Léiríodh sna sonraí éagsúlachtaí maidir leis na foinsí eolais ab fhearr de réir cohórt aoise. Bhraith freagróirí 65+ bliana d'aois ní ba mhó ar fhoinsí eolais traidisiúnta amhail nuachtáin áitiúla, cairde agus comharsana, raidió áitiúil agus dul i dteagmháil le comhairleoirí. Bhain an éagsúlacht is mó le raidió áitiúil mar bhain 29% díobh siúd 65+ úsáid as an bhfoinse eolais seo i gcomparáid le 8% díobh siúd 18-24 bliana d'aois.

Bhí an méid rannpháirteachais ba mhó ag an cohórt ab óige (18-24) le póstaeir/ bileoga/ cláir fógraí(21%), Teilifís (14%) agus Twitter (21%). Ba lú dóchúlacht go n-úsáidfeadh siad suíomhanna gréasáin údaráis áitiúil agus nuachtáin mar fhoinsí eolais. Bhain tríocha a trí faoin gcéad díobh siúd 18-24 bliana d'aois úsáid as suíomhanna gréasáin i gcomparáid le 57% díobh siúd 35-44 bliana d'aois. Maidir le nuachtáin, bhí raon ann ó 19% don aoisghrúpa ab óige (18-24) go 45% i measc fhreagróirí 65+ bliana d'aois.

Tábla 20: Foinse faisnéise faoi údaráis áitiúla de réir aoisghrúpa 2023

| | Gach freagróir | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 227 | 352 | 435 | 371 | 289 | 392 |
| Suíomh Gréasáin Údaráis Áitiúil | 49% | 33% | 44% | 57% | 54% | 52% | 49% |
| Nuachtán Áitiúil | 30% | 19% | 25% | 23% | 29% | 35% | 45% |
| Cairde agus Comharsana | 28% | 32% | 24% | 23% | 29% | 29% | 35% |
| Facebook | 19% | 20% | 23% | 20% | 21% | 16% | 13% |
| Nuacht ar an Raidió Áitiúil | 16% | 8% | 10% | 13% | 13% | 20% | 29% |
| Chomhairleoirí | 16% | 9% | 12% | 13% | 14% | 17% | 26% |
| Póstaeir/Bileoga/Clár Fógraí | 13% | 21% | 13% | 11% | 11% | 13% | 13% |
| Baill Foirne Údaráis Áitiúil | 10% | 4% | 6% | 7% | 15% | 13% | 13% |
| Teilifís | 10% | 14% | 12% | 8% | 6% | 8% | 12% |
| Nuachtán Náisiúnta | 9% | 9% | 9% | 7% | 6% | 9% | 14% |
| Suíomhanna Gréasáin eile | 8% | 5% | 11% | 10% | 8% | 6% | 5% |
| Twitter | 8% | 21% | 13% | 9% | 5% | 4% | 1% |
| Raidió Náisiúnta | 6% | 6% | 7% | 4% | 3% | 7% | 9% |
| Nuachtlitir an Údaráis Áitiúil | 6% | 5% | 7% | 5% | 4% | 8% | 7% |
| Instagram | 6% | 12% | 14% | 6% | 3% | 2% | 0% |
| Foláirimh Théacs | 5% | 3% | 3% | 4% | 5% | 9% | 5% |
| Aipeanna Údaráis Áitiúil | 5% | 3% | 5% | 5% | 7% | 7% | 3% |
| LinkedIn | 2% | 10% | 4% | 1% | 1% | 0% | 0% |
| Eile | 1% | 2% | 1% | 1% | 1% | 1% | 2% |
| Gan aon cheann acu seo | 9% | 7% | 13% | 9% | 7% | 9% | 7% |

| *Eochair Eolais* | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

### Foinse eolais de réir inscne

Bhí beagáinín éagsúlachta maidir le foinsí eolais ar bhain fir agus mná úsáid astu, seachas Facebook. Bhain fiche a trí faoin gcéad de mhná úsáid as Facebook i gcomparáid le 14% d'fhir, toradh a bhí comhsheasmhach le torthaí 2022.

### Foinse eolais de réir réigiúin

I réigiún Bhaile Átha Cliath, bhraith freagróirí ar phóstaeir agus bileoga, teilifís agus nuachtáin áitiúla ar ráta ní b'airde ná réigiúnacha eile. Bhain seacht déag faoin gcéad úsáid as póstaeir agus bileoga mar fhoinse eolais i gcomparáid le 13% san iomlán do gach freagróir. Thuairiscigh 15% díobh siúd i mBaile Átha Cliath an teilifís mar fhoinse eolais i gcomparáid 5% sa chuid eile de Chúige Laighean agus 10% san iomlán do gach freagróir. B'fhoinse eolais iad na nuachtáin áitiúla do 14% de fhreagróirí i réigiún Bhaile Átha Cliath, bhí raon de 5% agus 8% i gceist do thorthaí na réigiúnacha eile.

Ba choitianta úsáid a bhaint as nuachtáin áitiúla agus Facebook taobh amuigh de réigiúin Bhaile Átha Cliath. Baineann fiche a haon faoin gcéad úsáid as nuachtáin áitiúla i mBaile Átha Cliath i gcomparáid le 36% i gCúige Mumhan, 32% sa chuid eile de Chúige Laighean agus 31% i gCúige Connachta/ Uladh. Thuairiscigh trí déag faoin gcéad de fhreagróirí i mBaile Átha Cliath úsáid a bhaint as Facebook mar fhoinse eolais, ocht bpointe céatadáin níos lú ná na réigiúnacha eile (21%).

Bhain freagróirí i gConnachta/ Uladh úsáid as suíomhanna gréasáin údaráis áitiúil ar ráta ní b'airde (53%). B'fhearr le freagróirí i gCúige Mumhan cumarsáid duine le duine chun eolas a fháil, toradh inchomparáide le 2022. Ba mhó dóchúlacht go rachaidís go cairde agus comharsana (34%), comhairleoirí (18%), agus baill foirne údarás áitiúil (14%) i gcomparáid le 26% agus 27% de fhreagróirí de fhreagróirí i réigiúnacha eile a d'úsáid cairde agus comharsana mar fhoinse eolais.

Tábla 21: Foinse eolais faoi údaráis áitiúla de réir réigiúin

| | Gach Ceann | Baile Átha Cliath | An Chuid eile de Chúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht /Uladh |
|---|---|---|---|---|---|
| N= | 2,066 | 597 | 554 | 552 | 363 |
| Suíomh Gréasáin Údaráis Áitiúil | 49% | 51% | 46% | 49% | 53% |
| Nuachtán Áitiúil | 30% | 21% | 32% | 36% | 31% |
| Cairde agus Comharsana | 28% | 27% | 26% | 34% | 26% |
| Facebook | 19% | 13% | 21% | 21% | 21% |
| Nuacht ar an Raidió Áitiúil | 16% | 5% | 17% | 22% | 22% |
| Chomhairleoirí | 16% | 16% | 15% | 18% | 12% |
| Póstaeir/Bileoga/Clár Fógraí | 13% | 17% | 10% | 13% | 12% |
| Baill Foirne Údaráis Áitiúil | 10% | 10% | 8% | 14% | 8% |
| Teilifís | 10% | 15% | 5% | 11% | 7% |
| Nuachtán Náisiúnta | 9% | 14% | 7% | 8% | 5% |
| Suíomhanna Gréasáin eile | 8% | 9% | 7% | 7% | 8% |
| Twitter | 8% | 9% | 7% | 8% | 7% |
| Raidió Náisiúnta | 6% | 7% | 5% | 7% | 5% |
| Nuachtlitir an Údaráis Áitiúil | 6% | 9% | 6% | 3% | 4% |
| Instagram | 6% | 8% | 6% | 4% | 5% |
| Foláirimh Théacs | 5% | 2% | 7% | 6% | 6% |
| Aipeanna Údaráis Áitiúil | 5% | 5% | 3% | 6% | 5% |
| LinkedIn | 2% | 4% | 2% | 1% | 3% |
| Eile | 1% | 3% | 1% | 0% | 1% |
| Gan aon cheann acu seo | 9% | 11% | 8% | 8% | 8% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

## Meon

Áiríodh 12 ráiteas meoin thar trí théama i suirbhé 2023. Fiafraíodh de fhreagróirí a mhéad a d'aontaigh nó a d'easaontaigh siad leis na ráitis. Soláthraítear léargas sna torthaí faoi mheon an phobail i leith na n-ábhar roghnaithe.

- Cumarsáid agus teagmháil le seirbhísí
  - Coimeádann m'údarás áitiúil **ar an eolas mé** faoi cad a bhíonn ar siúl acu
  - Idir fhógraí a fheicim agus an teagmháil a mbíonn agam leo, **tá aithne mhaith agam ar m'údarás áitiúil**
  - Táim **sásta leis an gcaoi** ina ndéileáiltear le **fiosruithe**
  - Tá sé **simplí agus éasca** dul i dteagmháil lem'údarás áitiúil

- Comhionannas agus rochtain
  - Caitheann m'údaráis áitiúlale **gach duine ar bhonn comhionann agus cothrom**
  - Táthar tar éis **rochtain** ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí a fheabhsú **do dhaoine faoi mhíchumas**
  - Táthar tar éis **rochtain** ar sheirbhísí agus ar dhéanamh cinntí a fheabhsú do **mhionlaigh**
  - Tá m'údarás áitiúil tar éis éirí níos aoisbháúla le 3 bliana anuas [4]

- Feabhsúcháin ar sheirbhísí do chustaiméirí
  - Is **mó** fonn atá ar m'údarás áitiúil chun friotháil **ar chustaiméirí** le 3 bliana anuas[5]
  - D'éirigh m'údarás áitiúil **níos nuálaíche** le 3 bliana anuas
  - Tá **feabhas** curtha ag m'údarás áitiúil ar **sheirbhísí digiteacha ar líne** le 3 bliana anuas[6]
  - Tá feabhas tagtha ar chaighdeán na seirbhísí atá á soláthar le 3 bliana anuas [7]


Sa bhliain 2023,ba iad na ráitis a raibh na leibhéil comhaontaithe ab airde acu ná seirbhísí ar líne feabhsaithe (51%), Tá an t-údarás áitiúil tar éis éirí níos núálaí (45%) agus Simplí agus éasca teagmháil a dhéanamh leis an údarás áitiúil (43%). Ba é an ráiteas leis an comhaontú ab ísle ná Tá m'údarás áitiúil tar éis éirí níos aoisbháúla (25%), bhí neodracht maidir leis an ráiteas seo ard, áfach (60%). Ar an iomlán, bhí leibhéil ní b'airde maidir le neodracht ná easaontú thar 10 den 12 de na ráitis seo. Bhí an t-easaontú ab airde ann maidir le Coimeádann m'údarás áitiúil ar an eolas mé (40%) agus Tá aithne mhaith agam ar m'údarás áitiúil (32%).

[4] Meon a cuireadh san áireamh i 2022

[5] Sa bhliain 2021, le 5 bliana anuas a bhí ann

[6] Sa bhliain 2021, le 5 bliana anuas a bhí ann

[7] In 2021 ba é an fhoclaíocht 'tá a dhóthain á dhéanamh ag m'údarás áitiúil chun seirbhísí digiteacha a sholáthar.' In 2021 ba é an fhoclaíocht 'tá m'údarás áitiúil ag déanamh jab maith le seirbhísí digiteacha ar líne a sholáthar.'





Fíor 9: Freagraí ar ráitis maidir le seintimint 2023

Léiríodh le scrúdú ar an tseintimint thar na trí bliana go raibh roinnt luaineachta ann. Tháinig méadú ar líon na ndaoine a d'aontaigh gach bliain maidir le ceithre sheintimint: (i) Tá sé simplí agus éasca bheith ag caidreamh leis an údarás áitiúil, (ii) Caitheann sé le daoine ar bhealach cóir cothrom, (iii) Seirbhísí feabhsaithe ar an iomlán agus (iv) Tá aithne mhaith agam ar m'údarás áitiúil.

Bhí na leibhéil aontaithe seasmhach i gcónaí thar na trí bliana do thrí sheintimint: (i) Coinníonn m'údarás áitiúil ar an eolas mé; (ii) Rochtain fheabhsaithe do mhionlaigh agus (iii) Rochtain fheabhsaithe do dhaoine faoi mhíchumas.

Do cheithre mheoin, rinneadh taifeadadh ar thitim maidir le comhaontú idir 2022 agus 2023. B'fheabhsúcháin iad na leibhéil aontaithe in 2023 i gcomparáid le 2021, áfach. (i) Díríonn na húdaráis áitiúla níos mó ar an gcustaiméir; (ii) Tá údaráis áitiúla níos nuálaí, (iii) Seirbhísí feabhsaithe ar líne agus (iv) Sásta leis an dóigh a láimhseáiltear fiosruithe.





Fíor 10: Aontú seintiminte 2021-2023

### Cumarsáid agus soláthar seirbhíse

Bhí méadú seasta ar na leibhéil aontaithe ó 2021 go 2023 maidir le dhá sheintimint maidir le cumarsáide agus soláthar seirbhíse. Mhéadaigh líon na ndaoine a d'aontaigh le 'simplí agus éasca bheith ag caidreamh leis an údarás áitiúil ó 33% in 2021 go 43% in 2023. Mhéadaigh líon na ndaoine a d'aontaigh le 'tá aithne mhaith agam ar m'údarás áitiúil ó 18% in 2021 go 26% in 2023.

Ba é 39% líon na ndaoine a d'aontaigh leis an dóigh a láimhseáiltear fiosruithe in 2023, laghdú pointe céatadáin amháin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí líon na ndaoine a d'aontaigh leis an tseintimint sin in 2023 fós ceithre phointe céatadáin ní b'airde ná 2021 (35%). In 2023, ba é 28% líon na ndaoine a d'aontaigh le 'Coinníonn m'údarás áitiúil ar an eolas mé, dhá phointe céatadáin ní b'ísle ná 2022 ach ar comhchéim leis na leibhéil aontaithe in 2021.





Fíor 11: Líon na ndaoine a d'aontaigh leis na ráitis seintiminte maidir le cumarsáid agus soláthar seirbhíse a fuarthas in 2021, 2022 agus 2023

### Comhionannas agus rochtain

Bhí méadú ar líon na ndaoine a d'aontaigh thar na trí bliana Go gcaitheann na húdaráis áitiúla le daoine ar bhealach cóir cothrom. In 2023, bhí méadú 38% ar líon na ndaoine a d'aontaigh leis an tseintimint sin, méadú ó 35% in 2021. Maidir le le rochtain fheabhsaithe do dhaoine faoi mhíchumas, taifeadadh difríochtaí beaga i líon na ndaoine a d'aontaigh thar na trí bliana. In 2023, ba é 39% líon na ndaoine a d'aontaigh leis an tseintimint sin, i gcomparáid le 38% in 2022 agus 40% in 2021.

In 2023, d'aontaigh 31% de na freagróirí leis an ráiteas maidir le rochtain fheabhsaithe do mhionlaigh. Bhí sé sin dhá phointe céatadáin ní b'airde ná 2022, i gcás gurbh é 29% na leibhéil aontaithe. Tháinig laghdú ar na leibhéil aontaithe gur éirigh an tÚdarás Áitiúil níos aoisbháúla. Ba é 25% líon na ndaoine a d'aontaigh leis an tseintimint sin in 2023, seacht bpointe céatadáin ní b'ísle ná 2022. Ba mhó an seans go raibh freagróirí neodrach (60%) in 2023 seachas míshásta (15%).




Fíor 12: Líon na ndaoine a d'aontaigh leis na ráitis seintiminte maidir le comhionannais agus rochtain a fuarthas in 2021, 2022 agus 2023

**Feabhsúcháin ar sheirbhísí do chustaiméirí**


I gcás trí cinn de na ceithre ráiteas seintiminte maidir le seirbhís do chustaiméirí, tháinig laghdú ar líon na ndaoine a d'aontaigh leo in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Leanann sin méadú maidir le gach uile sheintimint idir 2021 agus 2022.

Maidir le Tá an t-údarás áitiúil éirithenіos nuálaí, ba é 45% líon na ndaoine a d'aontaigh leis in 2023, i gcomparáid le 50% in 2022 agus 37% in 2021. Maidir le Díríonn an t-údarás áitiúil níos mó ar an gcustaiméir, ba é 37% líon na ndaoine a d'aontaigh in 2023, laghdú 40% in 2022 ach méadú ó 28% in 2021. Maidir le Seirbhísí feabhsaithe ar an iomlán, chonacthas méadú seasta ar líon na ndaoine a d'aontaigh thar na trí bliana, rud a fhágann é ag 36% in 2023. Is ionann é sin agus méadú de cheithre phointe céatadáin i gcomparáid le 2021 (32%).

Rinneadh nuashonrú suntasach ar fhoclaíocht na seintiminte maidir le seirbhísí digiteacha feabhsaithe ar líne in 2022 agus go méid ní ba lú in 2023. Tugadh faoi deara anuraidh gur dóigh go raibh tionchar ar an athrú ar an bhfoclaíocht ar an méadú ar na leibhéil aontaithe ó 26% in 2021 go 58% in 2022. Bhí na leibhéil aontaithe fós ard in 2023, ag 51%, ach is laghdú é ó 2022.

Tábla 22: Meon maidir le seirbhísí digiteacha 2021, 2022 agus 2023

| Bliain | Meon | Aontú |
|---|---|---|
| 2021 | Tá a dhóthain á dhéanamh ag m'údarás áitiúil chun seirbhísí digiteacha a sholáthar | 26% |
| 2022 | Tá m'údarás áitiúil ag déanamh jab maith le seirbhísí digiteacha ar líne a sholáthar | 58% |
| 2023 | Tá feabhas curtha ag m'údarás áitiúil ar sheirbhísí digiteacha ar líne le 3 bliana anuas | 51% |




Fíor 13: Líon na ndaoine a d'aontaithe leis na ráitis maidir le seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí in 2021, 2022 agus 2023

## Léargas Breise

In 2022 agus 2023, rinneadh tuilleadh iniúchta ar na sonraí chun ceisteanna a fhreagairt i ndáil leis an ngaol idir seintimint, úsáideoirí seirbhíse agus braistint chómhuintearais. Féachadh leis an athbhreithniú na ceisteanna seo a leanas a iniúchadh:

- An ionann na freagraí a thug úsáideoirí seirbhíse ar na ráitis tuairime agus na freagraí a thug an dream nár nós leo na seirbhísí sin a úsáid?
- An léir go ndeachaigh 'braistint chómhuintearais' nó i bhfeidhm ar an tseintimint a bhí ag rannpháirtithe i leith údaráis áitiúla?

### Seintimint úsáideoirí seirbhísí i gcomparáid le daoine nár úsáid seirbhísí

As an 2,066 duine a ghlac páirt sa suirbhé, ba úsáideoirí seirbhíse 96% acu (líon=1,981) agus ní nós leis an 4% eile seirbhísí a úsáid (líon=85). Nochtadh leis na sonraí nach raibh an oiread foinn ar na daoine nár bhain úsáid as seirbhísí le 12 mhí anuas aontú le haon cheann de na ráitis seintiminte faoi idir 6 agus 27 pointe céatadáin. Bhí meon níos dearfaí ag úsáideoirí seirbhíse i leith údaráis áitiúla ná iad siúd nár bhain úsáid as seirbhísí, rud nach ionadh nuair a bhí caoi níos fearr ag an gcéad dream tuairim chruinn a thabhairt ar a leithéid.

Tábla 23: Seintimint úsáideoirí seirbhísí i gcomparáid le daoine nár úsáid seirbhísí 2023

| A d'Aontaigh leis an tSeintimint | Úsáideoirí seirbhísí (n=1,981) | Daoine nár bhain úsáid as seirbhísí (n=85) | Difríocht sna Pointí Céatadáin |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí feabhsaithe ar Líne | 52% | 24% | -27% |
| Níos | 46% | 24% | -21% |
| Simplí agus Éasca Bheith ag Caidreamh leis an ÚÁ | 44% | 25% | -19% |
| Rochtain Fheabhsaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas | 40% | 15% | -24% |
| Sásta leis an Dóigh a Láimhseáiltear Fiosruithe | 39% | 33% | -6% |
| Tá an ÚÁ Cóir & Cothrom | 39% | 16% | -22% |
| Díríonn sé Níos Mó ar an gCustaiméir | 38% | 15% | -22% |
| Seirbhísí Feabhsaithe ar an Iomlán | 37% | 15% | -21% |
| Rochtain Fheabhsaithe do Mhionlaigh | 33% | 13% | -19% |
| Coinníonn sé Ar an Eolas Mé | 28% | 12% | -16% |
| Tá Aithne Mhaith Agam ar an ÚÁ - Fógraíocht & Teagmháil a Dhéanamh | 27% | 14% | -12% |
| Níos Aoisbháúla | 26% | 6% | -19% |

## An tionchar atá ag braistint chómhuintearais ar scóir sheintiminte

Cuireadh ceist ar fhreagróirí an tsuirbhé an raibh braistint chómhuintearas acu lena gceantar áitiúil. Tugtar le fios leis na sonraí go raibh tionchar láidir ag braistint chómhuintearais ar dhearcthaí na bhfreagróirí maidir le soláthar seirbhíse údaráis áitiúil.

Bhí rátaí comhaontaithe ní b'airde ag freagróirí a raibh braistint chómhuintearais láidir acu lena gceantar (n=898) maidir le gach ceann de na 12 sheintimint. Mar shampla, ba é 51% líon na ndaoine a d'aontaigh le Simplí agus éasca bheith ag caidreamh leis an údarás áitiúil dóibh siúd a raibh braistint chómhuintearais láidir acu lena gceantar áitiúil, ocht bpointe céatadáin ní b'airde ná an t-iomlán do na freagróirí go léir (43%).

Tábla 24: Aontú leis an tseintimint agus braistint chómhuintearais leis an gceantar áitiúil in 2023

| A d'Aontaigh leis an tSeintimint | Braistint chómhuintearais "láidir" leis an gCeantar ÚÁ | Scór Seintiminte na bhFreagróirí go Léir | Gan Braistint Chómhuintearais "Láidir" leis an gCeantar ÚÁ |
|---|---|---|---|
| N= | 898 | 1,858 | 108 |
| Seirbhísí feabhsaithe ar Líne | 56% | 51% | 29% |
| Níos | 49% | 45% | 30% |
| Simplí agus Éasca Bheith ag Caidreamh leis an ÚÁ | 51% | 43% | 17% |
| Rochtain Fheabhsaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas | 44% | 39% | 17% |
| Sásta leis an Dóigh a Láimhseáiltear Fiosruithe | 45% | 39% | 23% |
| Tá an ÚÁ Cóir & Cothrom | 43% | 38% | 21% |
| Díríonn sé Níos Mó ar an gCustaiméir | 43% | 37% | 19% |
| Seirbhísí Feabhsaithe ar an Iomlán | 43% | 36% | 11% |
| Rochtain Fheabhsaithe do Mhionlaigh | 33% | 32% | 18% |
| Coinníonn sé Ar an Eolas Mé | 31% | 28% | 9% |
| Tá Aithne Mhaith Agam ar an ÚÁ - Fógraíocht & Teagmháil a Dhéanamh | 31% | 26% | 12% |
| Níos Aoisbháúla | 30% | 25% | 10% |

## Téama Speisialta an tSuirbhé: Seirbhísí Digiteacha

Arna iarraidh don CNMI, rinneadh iniúchadh ar an téama speisialta maidir le rochtain ar sheirbhísí digiteacha trí thrí cheist bhreise i suirbhé 2023 inar clúdaíodh na téamaí seo a leanas:

- Rochtain éasca,
- Bacainní ar rochtain, agus
- Tacaíocht don údaráis áitiúil.


Tá na torthaí foriomlána léirithe thíos agus tá miondealú mionsonraithe de réir aoise, inscne agus réigiúin le fáil in Aguisín 1.

### Rochtain a éascú ar sheirbhísí digiteacha an údaráis áitiúil

Cuireadh ceist ar na freagróirí faoi rochtain a éascú ar sheirbhísí digiteacha an údaráis áitiúil. Léiríodh le torthaí an tsuirbhé gur cheap beagnach leath de na freagróirí (47%) go raibh sé éasca rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha na n-údarás áitiúil. Bhí deacracht ag seacht faoin gcéad de na freagróirí rochtain a fháil ar sheirbhísí den sórt sin agus thug líon mór freagróirí freagra neodrach (46%).

- Ba bheag difríocht a bhí idir fir agus mná ina bhfreagra ar Rochtain a fháil go héasca ar sheirbhísí ar líne.
- Bhain an céatadán b'airde freagróirí a raibh tuairim neodrach acu leis an aoisghrúpa 65+ (55%).
- Roghnaigh 54% de na freagróirí idir 34-44 bliain d'aois seirbhísí ar líne a Éasca rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne, seacht bpointe céatadáin ní b'airde ná an t-iomlán do na freagróirí go léir.
- Ar bhonn réigiúnach, bhí an scór ab airde ag freagróirí i Mumhain do Éasca rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne (49%). Bhí seans níos mó ann go dtabharfar na freagróirí sa Chuid eile de Cúige Laighean freagra neodrach (50%)

**Aguisín 1**




Fíor 14: Éascaíocht rochtana ar sheirbhísí digiteacha na n-údarás áitiúil

**Bacainní ar rochtain**


Léirítear leis na torthaí dearcthaí na bhfreagróirí maidir le bacainní ar rochtain ar sheirbhísí digiteacha na n-údarás áitiúil. Ba iad seo a leanas na bacainní a sainaithníodh sa suirbhé:

1. Easpa faisnéise maidir le seirbhísí ar líne
2. Míchompordach maidir le teicneolaíocht a úsáid
3. Deacair an tseirbhís a úsáid/ do bhealach a dhéanamh tríthi
4. Ní maith liom mo shonraí a thabhairt ar líne
5. Easpa rochtana ar an idirlíon
6. Easpa rochtana ar ghléas
7. Easpa tacaíochtaí inrochtaineachta

As na seacht mbacainn a liostaítear, ba í an bhacainn ba choitianta a sainaithníodh Easpa feasachta faoi sheirbhísí ar líne (48%) agus ina dhiaidh sin Míchompordach le húsáid a bhaint as an teicneolaíocht (41%), agus Deacair an tseirbhís a úsáid/ do bhealach a dhéanamh tríthi (34%). Níor aontaigh seacht faoin gcéad déag de na freagróirí sa sampla le haon cheann de na bacainní a bhí liostaithe.

- Bhí níos mó seans ann go mbeadh gaol ag mná leis na bacainní rochtana agus torthaí ní b'airde acu i sé cinn de na seacht mbacainn a bhí liostaithe.
- Bhain freagairt ní b'airde le freagróirí idir 18-24 bliana d'aois ar Easpa feasachta ar sheirbhísí ar líne (59%) agus Easpa tacaíochtaí inrochtaineachta (27%).
- Bhí ní ba mhó seans go mbeadh gaol ag daoine idir 55-64 bliana d'aois maidir le Bheith míchompordach ag úsáid na teicneolaíochta (48%) agus Easpa rochtana ar an idirlíon (38%).
- Ó dhearcadh réigiúnach de ní raibh mórán éagsúlachta ann, ach amháin sa Chuid eile de Chúige Laighean i gcás gur sainaithníodh an bhacainn Easpa feasachta níos minice ná mar a sainaithníodh i réigiúin eile.

**Aguisín 1**




Fíor 15: Bacainní rochtana do sheirbhísí digiteacha an údaráis áitiúil


## Tacaíocht don údarás áitiúil

Cuireadh liosta de sheacht dtacaíocht údaráis áitiúil i láthair na bhfreagróirí agus iarradh orthu cé acu ceann a d'éascódh rochtain nó úsáid níos éifeachtaí ar sheirbhísí digiteacha a chur in iúl.

Ba mhian le leath de na freagróirí tacaíocht a fháil chun seirbhísí ar líne a úsáid in oifigí údaráis áitiúil (50%) agus roghnaigh 49% Fógraíocht níos fearr ar sheirbhísí ar líne, príomh-mholadh a tugadh gurb é Easpa feasachta faoi sheirbhísí digiteacha an phríomhchúis a thug daoine nár bhain úsáid as an tseirbhís.

Roghnaigh idir 47% agus 40% de na freagróirí na réitigh eile. Dhírigh siad ar réitigh phraiticiúla amhail tacaíocht Fón, Tuilleadh roghanna Wi-Fi poiblí, Oiliúint i scileanna digiteacha saor in aisce, Comhrá ar líne, agus Rochtain phoiblí ar ríomhairí.

D'fhreagair dhá faoin gcéad de na freagróirí Eile, agus d'fhreagair seacht faoin gcéad Gan aon cheann acu sin.




Fíor 16: Tacaíochtaí an údaráis áitiúil chun rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha

## Téama Speisialta an tSuirbhé: Gníomhú ar son na hAeráide

In 2023, bhí gníomhú ar son na haeráide ar cheann den dá théama speisialta a roghnaigh CNMI lena chur sa suirbhé. Bhí cúig cheist sa suirbhé a bhain leis an ábhar maidir le gníomhú ar son na haeráide inar clúdaíodh na téamaí seo a leanas:

- Feasacht maidir le soláthar/ freagracht maidir le gníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil
- Tionscnaimh ar chóir don údarás áitiúil bheith níos rannpháirtí iontu
- Gníomhaíochas freagróirí maidir le gníomhú ar son na haeráide,
- Tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide ar chóir don údarás áitiúil a chur in iúl níos minice, agus
- Bealaí oiriúnacha cumarsáid a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide


Tá na torthaí foriomlána léirithe thíos agus tá miondealú mionsonraithe de réir aoise, inscne agus réigiúin le fáil in Aguisín 2.

### Feasacht maidir le soláthar/ freagracht maidir le gníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil

Cuireadh ceist ar na freagróirí faoina bhfeasacht ar fhreagracht na n-údarás áitiúil maidir le soláthar 11 seirbhíse maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide a shainaithint. Tríd is tríd, bhí éagsúlacht san fheasacht sna seirbhísí ar fad, ó 53% go 29%. Ba í an tseirbhís lenar bhain an fheasacht b'airde maidir le freagracht na n-údarás áitiúil bainistíocht éigeandála/ adhaimsire ag 53%. I measc na seirbhísí a raibh an fheasacht b'ísle orthu i measc na bhfreagróirí bhí Cur chun cinn réiteach dúlrabhunaithe agus Tacaíocht d'fhiontair ghlasa ag 29%.

- **Thuairiscigh fir go raibh feasacht níos airde acu ar bhainistíocht tuilte/ creimthe cósta ag 52%, 7% ní b'airde ná na mná.**
- **Thaispeáin freagróirí 65+ bliain d'aois feasacht níos airde ar sheirbhísí údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide ar an iomlán.**
- **Ba é an tionscnamh lenar bhain an difríocht ba mhó ar fud na réigiún bainistíocht tuilte/creimthe cósta ag 60% i gCúige Mumhan i gcomparáid le 43% sa chuid eile de Chúige Laighean.**

**Aguisín 2**





Fíor 17: Feasacht maidir le soláthar/ freagracht ghníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil

### Tionscnaimh ar chóir don údarás a bheith níos baintí iontu

Cuireadh liosta de 11 tionscnamh um ghníomhú ar son na haeráide i láthair na bhfreagróirí agus iarradh orthu cad iad na seirbhísí ar shíl siad gur cheart don údarás áitiúil a bheith níos rannpháirtí iontu a shainaithint. Bhí na na torthaí ó 52% ar son feabhas ar Bhithéagsúlacht go 38% ar son Réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun cinn chun gníomhaíochtaí aeráide a mhaolú. Thug naoi faoin gcéad de na freagróirí le fios nach raibh siad i bhfabhar aon cheann de na tionscnaimh a bhí liostaithe.

- **Léirigh mná ní ba mhó suime ná fir i rannpháirtíocht an údaráis áitiúil i bhfeasacht ar an athrú aeráide (48%) agus tacaíocht d'fhiontair ghlasa (46%).**
- **Ba mhó seans go gcreidfeadh freagróirí san aoisghrúpa 18-24 bliain d'aois gur cheart go mbeadh an t-údarás áitiúil níos rannpháirtí i méadú a dhéanamh ar theicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite (56%).**
- **Bhí suim ag daoine os cionn 65 bliain d'aois i ngníomhú na n-údarás áitiúil ar bhainistíocht éigeandálaí/aimsire (59%).**
- **Go réigiúnach, léirigh iad siúd i réigiún Bhaile Átha Cliath leibhéil ní b'ísle aontaithe maidir le rannpháirtíocht mhéadaithe údaráis áitiúil in ocht gcinn de na 11 tionscnamh a bhí liostaithe.**

**Aguisín 2**





Fíor 18: Tionscnaimh ar chóir don údarás a bheith níos rannpháirtí iontu

## Gníomhaíochas freagróirí maidir le gníomhú ar son na haeráide

Cuireadh ceist ar na freagróirí faoina rannpháirtíocht féin i ngníomhú ar son na haeráide. Ba é gníomhú ar son na haeráide an ghníomhaíocht ba choitianta a rinne freagróirí Úsáid fuinnimh tí a íoslaghdú (90%). I measc na ngníomhaíochta ba choitianta eile bhí Ceannaigh ó tháirgeoirí áitiúla/tacaigh le táirgeoirí áitiúla (81%) agus Taisteal inbhuanaithe a úsáid (61%). Tuairiscíodh na ceithre ghníomhaíocht eile i rátaí n b'ísle, ó 30% le haghaidh iarfheistiú Tí go 14% do thionscnaimh Aeráide sa phobal áitiúil. Ní raibh trí faoin gcéad de na freagróirí páirteach in aon cheann de na gníomhaíochtaí a bhí liostaithe.

- **Tháinig difríochtaí inscne níos mó ná 5% chun cinn do dhá ghníomhaíocht: fuinneamh tí a íoslaghdú agus iarfheistiú tí.**
- **Ba mhó seans go n-úsáidfeadh freagróirí níos óige (18-24) taisteal inbhuanaithe (78%).**
- **Thuairiscigh freagróirí idir 55-64 bliain d'aois leibhéil airde rannpháirtíochta in úsáid fuinnimh tí a íoslaghdú (95%).**
- **Thuairiscigh daoine 65+ bliain d'aois rannpháirtíocht ní ba mhó le Ceannaigh ó tháirgeoirí áitiúla/ tacaigh le táirgeoirí áitiúla (88%) agus iarfheistiú tí (40%).**
- **Ar bhonn réigiúnach, ba mhó an seans go n-úsáidfeadh freagróirí i mBaile Átha Cliath iompar inbhuanaithe (74%) ach ba lú an seans go gceannódh siad ó tháirgeoirí áitiúla/go dtacóidh siad leo (72%).**

**Aguisín 2**





Fíor 19: Gníomhaíochas freagróirí maidir le gníomhú ar son na haeráide

### Topaicí gníomhaithe ar son na haeráide ar chóir don údarás áitiúil a chur in iúl níos minice

Bhain an chéad cheist eile le topaicí um ghníomhú ar son na haeráide ar cheart d'údaráis áitiúla níos mó cumarsáid a dhéanamh maidir leo. As na seacht n-ábhar a cuireadh i láthair, bhí idir 76% agus 57% de na freagróirí ag iarraidh níos mó cumarsáide thar na hábhair go léir. Bhí an tsuim ba mhó ag freagróirí i gcumarsáid maidir le hullmhú d'adhaimsir (76%) agus Bonneagar agus seirbhísí (70%). Roghnaigh 57% de na freagróirí deiseanna gnó um ghníomhú ar son na haeráide, arbh é sin an toradh ab ísle. Thug ocht faoin gcéad de na freagróirí freagra neodrach agus níor theastaigh tuilleadh cumarsáide ag 3% maidir le haon cheann de na tionscnaimh a bhí liostaithe.

- **Léirigh céatadán ní b'airde de mhná (79%) ná fir (72%) suim i gcumarsáid ar ullmhú d'adhaimsir.**
- **Thaifead an aoisghrúpa 18-24 bliain d'aois na céatadáin ab airde do chúig cinn as na seacht dtopaicí um ghníomhú ar son na haeráide a bhí liostaithe.**
- **Bhí suim 69% acu siúd 18-24 bliain d'aois i níos mó cumarsáide maidir le deiseanna gnó um ghníomhú ar son na haeráide. Tá sé sin i gcomparáid le freagra 52% i measc iad siúd atá 65+ bliain d'aois, difríocht 17%.**
- **Léirigh iad siúd os cionn 55 bliain d'aois an spéis ba mhó in ullmhú d'adhaimsir (82%).**
- **Ar bhonn réigiúnach, bhí an tsuim ba mhó ag freagróirí i gCúige Mumhan i níos mó cumarsáide ar ghníomhú ar son na haeráide na n-údarás áitiúil agus bhí an tsuim ba lú acu siúd a bhfuil cónraí orthu i gCúige Chonnacht/Uladh agus i mBaile Átha Cliath.**

**Aguisín 2**




Fíor 20: Topaicí gníomhaithe ar son na haeráide ar chóir don údarás áitiúil a chur in iúl níos minice


### Bealaí oiriúnacha cumarsáid a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide

Rinneadh iniúchadh ar bhealaí cuí cumarsáide sa chéad cheist eile. Cuireadh liosta de chúig bhealach cumarsáide i láthair na bhfreagróirí. Roghnaigh ní ba mhó ná trí cheathrú de na freagróirí (78%) Nuachtán/raidió mar bhealach cuí chun cumarsáid a dhéanamh faoi ghníomhú ar son na haeráide, agus na meáin shóisialta go gar ina dhiaidh sin (75%). Áiríodh leis na bealaí eile Cruinnithe poiblí (69%), Nuachtlitir nó foláirimh Téacs (65%) agus clinicí tiomanta Rannpháirtíochta (48%). Thug céatadán beag de fhreagróirí freagra neodrach ar na bealaí cumarsáide go léir (6%) agus ní raibh 3% i bhfabhar aon bhealach a bhí liostaithe.

Bhí na torthaí sin cosúil leis na cinn a bhain leis na bealaí ginearálta rannpháirtíochta a ndearnadh iniúchadh orthu níos luaithe sa tuarascáil seachas an líon ard daoine a shainaithin cruinnithe poiblí mar bhealach cuí chun faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir le gníomhú ar son na haeráide. Rinneadh tuilleadh iniúchta ar an gcinneadh sin sna grúpaí fócais.

- **Tugadh fíorbheag difríochtaí faoi deara idir na hinscní. Roghnaigh 5% ní ba mhó de na mná ná fir na meáin shóisialta.**
- **Bhí tosaíocht ní b'airde ann do nuachtáin/raidió (83%) agus nuachtlitir nó foláirimh téacs (72%) i measc an chohóirt aoise 65+.**
- **Ba sna meáin shóisialta ba mhó a bhí suim ag an gcohórt is óige (18-24) ag 81% i gcomparáid le 61% díobh siúd 65+ bliain d'aois. Léirigh na freagróirí idir 25-34 bliain d'aois an neodracht ba mhó.**
- **Thaifead freagróirí i gCúige Mumhan na céatadáin ab airde maidir le gach ceann de na cúig bhealach lena n-áirítear 73% do chruinnithe poiblí i gcomparáid le 65% i mBaile Átha Cliath.**

**Aguisín 2**



Fíor 21: Bealaí oiriúnacha cumarsáid a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide

## Téama Speisialta na nGrúpaí Fócais Gníomhú ar son na hAeráide

Rinneadh an t-aon téama dhéag a sainaithníodh don suirbhé a scagadh tuilleadh i gcúig théama lena n-iniúchadh trí na grúpaí fócais. Ba iad sin:

- **Téama 1:** Saincheisteanna creimthe cósta/abhann.
- **Téama 2:** Pleanáil le haghaidh adhaimsire.
- **Téama 3:** Bithéagsúlacht.
- **Téama 4:** Astaíochtaí a laghdú.
- **Téama 5:** Bainistiú dramhaíola.

### Torthaí fócasghrúpaí:

Leagan na fócasghrúpaí amach chun na leibhéil feasachta maidir le gníomhaíocht agus freagracht na n-údarás áitiúil faoi gach ceann de na téamaí a scrúdú. I ndiaidh na comhráite scóipe tosaigh a thabhairt chun críche, cuireadh liosta de na príomhréimsí oibre faoi gach ceannteideal ar fáil do rannpháirtithe. Éascaíodh leis sin athbhreithniú níos doimhne agus níos nuaí ar an méid a bhí na húdaráis áitiúla ag déanamh go maith leis nó a bhféadfadh siad feabhas a chur air. Nuair a scrúdaíodh gach ceann de na cúig théama, cuireadh ceist ar na rannpháirtithe faoin gcineál faisnéise ba cheart d'údaráis áitiúla a chur ar fáil faoi ghníomhú ar son na haeráide agus conas is fearr cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus páirt a thabhairt dóibh ann.

### Saincheisteanna creimthe cósta/abhann

Bhí feasacht éigin ag formhór na rannpháirtithe sa ghrúpa fócais ar cad a bhí á dhéanamh ag na húdaráis áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna creimthe cósta agus abhann. Luadh go leor samplaí dearfacha nuair a d'ainmnigh rannpháirtithe scéimeanna nó tionscadail a raibh siad ar an eolas fúthu, agus liostaigh siad gníomhaíochtaí a rinneadh go háitiúil chun tuilte a chosc.

Ar an iomlán, bhraith rannpháirtithe go raibh sé tábhachtach go méadódh údaráis áitiúla an méid oibre a dhéantar sa réimse sin, toisc go raibh adhaimsir ag tarlú níos minice. Agus an obair á soláthar, bhí daoine ag lorg níos mó réitigh nuálaíochta agus dhúlrabhunaithe, dearcadh níos fadtéarmaí le glacadh maidir le réitigh a fhorbairt, agus smaointeoireacht níos comhtháite.

Bhí dhá shaincheist shonracha ann a phléigh na rannpháirtithe go mion. Bhain an chéad cheann le húsáid a bhaint as armúr carraige agus réitigh innealtóireachta léithe eile. Cé gur tuigeadh go raibh siad riachtanach i gcásanna áirithe chun cosaint a thabhairt ar chreimeadh cósta agus tuilte, bhí go leor daoine ag iarraidh go mbreithneoidh

**Seirbhísí údaráis áitiúil: saincheisteanna creimthe cósta agus abhann**

1. Bóithre (cothabháil)
2. Bainistíocht ar an gcósta
3. Seirbhísí maolaithe tuilte
4. Dearadh agus pleanáil bóithre
5. Seirbhísí comhshaoil
6. Airgeadas
7. Clár CFRAM Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)
8. Deontais/imeachtaí/tionscnaimh

a n-údaráis áitiúla iad a chomhlánú le réitigh níos dhúlrabhunaithe, amhail plandú muiríní a úsáid. Bhain an dara topaic leis le tuilte abhann. Bhí dearcadh ann gur minic a cuireadh réitigh oirbheartaíochta i bhfeidhm in ionad réitigh níos straitéisí agus níos comhtháite. D'admhaigh na rannpháirtithe castacht na n-oibreacha faoisimh tuilte agus an dóigh ar féidir le bearta i limistéar amháin dul i gcion ar limistéar eile agus mhol siad cumarsáid mhéadaithe idir údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí chun aghaidh a thabhairt air sin chomh maith le measúnuithe cuimsitheacha ar thionchar ghníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil ar an timpeallacht i gcoitinne. Mhol siad comhroinnt faisnéise mhéadaithe ar fud gníomhaireachtaí freisin.

### Teagmhais adhaimsir

Bhí feasacht leathan ar fud na ngrúpaí fócais go léir go raibh ról lárnach ag údaráis áitiúla maidir le freagairt do theagmhas adhaimsire. Fuarthas go leor aiseolas dearfach faoin bhfreagairt d'oighear, sneachta, tuilte, tinte portaigh, taoidí lána , agus crainn tite. Fuarthas aiseolas dearfach faoi fhreagairtí tapa, éifeachtúla agus éifeachtacha na n-údarás áitiúil, trí ghrean a chur ar na bóithre, salann, málaí gainimh a sholáthar, crainn tite a bhaint, draenacha a ghlanadh, etc.

Mhothaigh rannpháirtithe go mbeadh sé tairbheach dá mbeadh na húdaráis áitiúla níos réamhghníomhaí agus dá méadódh siad a bpleanáil agus a n-ullmhúchán do theagmhais adhaimsire (mar shampla, draenacha a choinneáil glan, crainn chontúirteacha a bhaint agus tuilleadh spásanna glasa chun draenáil a mhéadú agus foscadh a sholáthar ó fhíortheas nó ó ghaotha). Bhí an gá le cur chuige níos comhtháite maidir le tuilte a chosc ina phríomhfhócas sa phlé, mar gur chuir rannpháirtithe béim ar an ngá le gníomhaíochtaí ar thuilemhánna a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Luadh cur chuige comhpháirtíochta le grúpaí pobail áitiúla agus feirmeoirí chun cuid le guaiseacha agus réitigh a aithint.

Leagadh béim ar a thábhachtaí atá líonraí dea-fhorbartha, rannpháirtíocht an phobail agus slabhraí cumarsáide lena chinntiú go gcuirfí daoine leochaileacha ar an eolas faoi cad ba cheart a dhéanamh roimh adhaimsire, lena linn nó ina diaidh, go háirithe daoine scothaosta a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe a d'fhéadfadh a bheith leo féin.

**Seirbhísí údaráis áitiúil: Teagmhais adhaimsire**

1. Oibríochtaí freagartha éigeandála agus glantacháin a phleanáil agus a ullmhú
2. Feachtas le bheith réidh don gheimhreadh
3. Foireann na adhaimsire
4. Foireann na freagartha éigeandála
5. Seirbhísí dóiteáin
6. Oifigí ceantar bardasach
7. Rannáin cothabhála bóithre
8. Rannáin chomhshaoil
9. Foireann Chorparáideach & acmhainní daonna
10. Airgeadas
11. Cosaint shibhialta
12. Deontais/imeachtaí/tionscnaimh

## Bithéagsúlacht

Bhí na rannpháirtithe an-dearfach agus an-ghafa leis an téama bithéagsúlachta. Bhí formhór na rannpháirtithe ar an eolas faoin obair a bhí á déanamh ag údaráis áitiúla maidir le gnáthóga a chur chun cinn agus a fheabhsú, athdhúlrú, cur crann agus fálta sceach chomh maith le limistéir ghlasa agus páirceanna a chothabháil. Bhí siad ar an eolas freisin faoi go leor de na tionscnaimh phobail amhail 'No Mow May' agus imeachtaí bithéagsúlachta. Tugadh tacaíocht agus aitheantas láidir do thábhacht na bithéagsúlachta, agus spreag na rannpháirtithe údaráis áitiúla lena gcuid oibre sa réimse sin a mhéadú. Sainaithníodh dhá réimse le haghaidh feabhais.

Bhain an chéad cheann le cumarsáid fheabhsaithe sna húdaráis áitiúla go léir ionas go mbeadh gach ball foirne agus conraitheoir ar an eolas go hiomlán faoi na príomhriachtanais nó na príomhnuálaíochtaí atá á gcur chun cinn nó atá á bhforfheidhmiú ag údaráis áitiúla. Mar shampla, ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoi phrótacail, faoi thoirmeasc nó faoi shrianta ar ghníomhaíochtaí amhail gearradh féir nó fálta, speicis ionracha a bhainistiú, nó réitigh dhúlrabunaithe a úsáid (seachas réitigh innealtóireachta léithe).

Bhain an dara pointe a rinneadh le rannpháirtíocht mhéadaithe le páirtithe leasmhara pobail, go háirithe an pobal feirmeoireachta. Bhí amanna ann nuair ba ghá d'fheirmeoirí fios a bheith acu cé leis a rachadh siad i dteagmháil sna húdaráis áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail guaiseacha sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail an gá le ciumhaiseanna féir nó fálta arbh éigean do choisithe dul amach ar an mbóthar mar gheall orthu a ghearradh, le linn an choisc ar ghearradh fálta.

**Seirbhísí údaráis áitiúil: bithéagsúlacht**

1. Gnáthóga a chur chun cinn agus a fheabhsú, athdhúlrú, crainn dhúchasacha a chur, fálta sceach
2. Oifigigh oidhreacht agus bhithéagsúlachta
3. Seirbhísí agus pleanáil úsáide talún
4. Páirceanna agus tírdhreacha
5. Forbairt pobail
6. Cultúr agus cruthaitheacht
7. Tacaíochtaí deontas, imeachtaí, nó tionscnaimh

## Astaíochtaí a laghdú

Bhí ardleibhéal feasachta ann faoin ról atá ag cur crann agus fálta sceach a chothabháil chun astaíochtaí a a laghdú, agus bhí go leor daoine feasach ar thionscadail cur crann ar leith a bhí ar siúl. Mar sin féin, ní raibh mórán feasachta ann ar an obair eile a bhí á déanamh ag údaráis áitiúla chun astaíochtaí a laghdú.

I gceantair thuaithe, braitheadh go raibh glasbhealaí ag cur leis an turasóireacht ach go raibh tionchar níos lú acu ar éascú taistil ghníomhaigh do chomaitéirí sna ceantair sin. Chuir daoine in iúl gur mian leo pleanáil níos fearr agus smaointeoireacht níos comhtháite maidir le bonneagar taistil ghníomhaigh, bonneagar feithiclí leictreacha agus iompar poiblí. Theastaigh uathu freisin go mbeadh luas an chur i bhfeidhm níos gasta, agus go dtabharfaí aghaidh ar mhoilleanna ach d'admhaigh siad go raibh go leor conspóide ann agus bealaí á roghnú, etc. Bhí fonn ar fheirmeoirí rannpháirtíocht fhiúntach a bheith acu leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir maidir le forbairt glasbhealaí. Go ginearálta, bhraith roinnt rannpháirtithe

**Seirbhísí údaráis áitiúil: astaíochtaí a laghdú**

1. Cur crann
2. Bonneagar feithiclí leictreacha
3. Flíteanna feithiclí leictreacha
4. Taisteal gníomhach (gormbhealaí/ glasbhealaí, lánaí rothaíochta)
5. Tithíocht shóisialta a iarfheistiú
6. Deontais/imeachtaí/tionscnaimh

go raibh deis ann go bhféadfaí an bonn a bhaint den obair mhaith atá á déanamh ag an údarás áitiúil chun astaíochtaí a laghdú de bharr fhorbairt na n-ionad sonraí.

### Bainistiú dramhaíola

Bhí daoine an-dearfach faoi ról an údaráis áitiúil maidir le bainistiú dramhaíola agus athchúrsáil, le neart feasachta ann maidir le tionscadail nuálacha go háitiúil. Ar an iomlán, bhí daoine ag iarraidh go gcuirfí níos mó seirbhísí ar fáil faoin téama sin.

Cé gur aithníodh gur cheart daoine a spreagadh lena gcuid dramhaíola a thabhairt abhaile, cheap na rannpháirtithe go mbeadh sé tairbheach níos mó roghanna athchúrsála a chur ar fáil do dhaoine ag úsáid araidí poiblí. Mhol siad freisin go ndéanfaí siad seirbhísí sonracha a fhorbairt, amhail roghanna múirínithe do na Bailte Slachtmhara, i bhfianaise an dúshláin a bhaineann le líon mór dramhaíola den chineál sin a thabhairt abhaile. Léiríodh an dearcadh go raibh táillí athchúrsála ina ndíspreagadh do dhaoine áirithe úsáid a bhaint as na hionaid fóntas cathartha, agus go raibh fadhbanna ag roinnt cohóirt le táillí araidí.

Theastaigh tuilleadh eolais ó na rannpháirtithe faoi conas earraí toirtiúla a dhiúscairt agus bheartaigh siad pardúin agus bailiúcháin spriocdhírithe nó pointí fágála le haghaidh earraí amhail tochtanna, péint, agus dramhaíl ghuaiseach áirithe. Spreag rannpháirtithe scothaosta tionscnaimh freisin chun traglam nó 'carnadh' a dhíspreagadh. Cé go raibh go leor de na seirbhísí sin ann cheana féin, bhí an tuiscint ann gur ghá iad a chur chun cinn níos mó, agus i gcásanna áirithe, iad a chaighdeánú sna húdaráis áitiúla go léir. Bhí imní ar roinnt rannpháirtithe freisin faoi thruailleáin a bheith ag dul isteach in uiscebhealaí.

Bhí tionchar díreach ag dumpáil mhídhleathach ar fheirmeoirí, go háirithe earraí toirtiúla amhail tochtanna, boinn, agus gluaisteáin dhóite agus ba mhian leo cumarsáid mhaith agus comhpháirtíochtaí le húdaráis áitiúla a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar an gceist.

**Seirbhísí údaráis áitiúil: bainistiú dramhaíola**

1. Geilleagar ciorclach a chur chun cinn – laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil
2. Cosaint an chomhshaoil
3. Páirceanna agus tírdhreacha
4. An ríocht phoiblí & athghiniúint
5. Tionscnaimh phobail
6. Deontais/imeachtaí/tionscnaimh

**Eolas faoi ghníomhú aeráide**

Agus an cineál eolais a bhí daoine ag iarraidh ar a n-údaráis áitiúla á chur san áireamh, léiríodh suim mhór in eolas faoi scéalta dearfacha aeráide le hiarracht a dhéanamh tacaíocht níos mó a fháil ón bpobal agus daoine a mhealladh isteach ionas go mbeadh siad níos rannpháirtí. Leagadh béim ar chomhroinnt eolais faoi thionscnaimh ghlasa/aeráide go háitiúil. Theastaigh eolas ó rannpháirtithe freisin faoi dhea-chleachtais a d'fhéadfaí a roinnt ar fud na n-údarás áitiúil, a léirigh éagsúlacht agus nuálaíocht na réiteach.

Bhí fonn ann Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) a fhorbairt agus a chur in iúl go náisiúnta agus go háitiúil toisc go raibh suim ag rannpháirtithe a fháil amach cé chomh maith agus atá ag éirí lena gcontae ó thaobh leibhéil náisiúnta feidhmíochta de.

**Bealaí cumarsáide don ghníomhú ar son na haeráide**

I dtaca leis na bealaí cumarsáide roghnaithe, roghnaíodh cumarsáid ilbhealaí, i gcás ina n-úsáidtear meascán de bhealaí traidisiúnta agus meán digiteach. B'fhearr le daoine scothaosta bealaí níos traidisiúnta agus chuir siad béim láidir ar dheiseanna a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht aghaidh ar aghaidh.

Mhol roinnt daoine imeachtaí de chineál 'expo' nó siompóisiam chun obair na n-údarás áitiúil agus eagraíochtaí pobail agus deonacha a thaispeáint. Chuirfí daoine ar an eolas leis sin faoi ghníomhaíochtaí atá á nglacadh, chomh maith le cúnamh a fháil chun ceannach isteach ón bpobal agus treoir a thabhairt dóibh maidir le conas a bheith páirteach i dtionscnaimh. Ina theannta sin, bhí tuiscint shoiléir ann go gcaithfidh údaráis áitiúla gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn ar bhealaí níos soiléire ar a suíomh gréasáin, ar na meáin chlóite agus ar na cainéil shóisialta agus le tosaíocht mhór do nuashonruithe rialta trí nuachtlitreacha/feasacháin ina ndéantar tagairtí follasacha do ghníomhú ar son na haeráide. D'iarr na rannpháirtithe go dtabharfaí isteach feachtais phoiblíochta níos mó lena gcuirfí tionscnaimh agus gníomhaíochtaí éagsúla údaráis áitiúil chun cinn. Leis na feachtais sin ba chóir go dtreiseofaí eolas agus comhoibriú i measc grúpaí éagsúla sa tsochaí agus go ginearálta go gcuirfeadh siad daoine ag smaoineamh le chéile agus go dtabharfaí orthu páirt ghníomhach a ghlacadh iontu.

Ar an iomlán, tharraing rannpháirtithe an ghrúpa fócais aird ar an ngá atá le tuilleadh comhairliúcháin agus comhpháirtíochta ó údaráis áitiúla maidir le saincheist thábhachtach an ghníomhaithe ar son na haeráide. D'aithin siad freisin nach raibh sna húdaráis áitiúla ach páirtí leasmhara amháin i saincheist an ghníomhaithe ar son na haeráide agus nach féidir le húdaráis áitiúla é a dhéanamh leo féin. Ina fhianaise sin, leag siad béim ar an ngá atá le tuilleadh rannpháirtíochta idir údaráis áitiúla agus ranna rialtais eile.

.



# Conclúidí

Nochtadh leis an tuarascáil seo torthaí comhsheasmhacha maidir le leibhéil feasachta ar sheirbhísí údaráis áitiúil agus leibhéil rannpháirtíochta seirbhíse i gcomparáid le blianta roimhe sin. Léiríodh leis an anailís a rinneadh de réir inscne, aoise agus réigiúin roinnt miondifríochtaí atá ann. Mar shampla, bhí leibhéil ísle feasachta daoine óga go raibh údaráis áitiúla ag soláthar na seirbhísí a d'úsáid siad ach gurbh iad na daoine ba mhinice a bhí ag úsáid go leor de na seirbhísí. Tugadh chun suntais sa tuarascáil freisin go raibh níos mó eolais ag daoine scothaosta faoi sheirbhísí údaráis áitiúil agus gurbh fhearr leo teagmháil a dhéanamh go pearsanta agus go raibh siad ag brath ar na meáin thraidisiúnta chun eolas a fháil faoina bpobal áitiúil agus na seirbhísí a chuireann na húdaráis áitiúla ar fáil. I gcodarsnacht leis sin, b'fhearr le daoine óga na meáin shóisialta, ach ní úsáid a bhaint as an suíomh gréasáin, agus eolas á chuardach acu.

Ní raibh mórán difríochtaí idir na hinscní seachas rannpháirtíocht le hionaid phobail, óige agus fóillíochta. Ar bhonn réigiúnach, tugadh faoi deara go raibh an rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath trí theagmháil phearsanta den chuid ba mhó seachas ar líne nó ar an ríomhphost.

Tugadh chun suntais i dtuarascáil na bliana seo an gá le córais a fhorbairt chun sonraí sástachta custaiméirí a bhailiú ag an bpointe rannpháirtíochta. Cé gur féidir leis an suirbhé bliantúil léargas éigin a thabhairt ar cé chomh sásta a bhí daoine faoi sheirbhísí, ba mhinic a raibh líon na n-úsáideoirí seirbhísí a d'fhreagair ró-íseal le go mbreathnófaí orthu mar shampla ionadaíoch. Chomh maith leis sin, ba mhinic a raibh ainm na seirbhíse a úsáideadh sa suirbhé sách ginearálta. Le haghaidh mar shampla, níorbh fhéidir a rá cé acu den 80 ceann nó mar sin de sheirbhísí a bhain le tithíocht a d'úsáid freagróir nuair a roghnaigh siad tithíocht mar an tseirbhís sa suirbhé. Tá tús curtha le hobair ar sheirbhísí a shainaithint trínar féidir suirbhéanna leabaithe a úsáid chun aiseolas a fháil ag an bpointe teagmhála.

Léiríodh leis an tseintimint a scrúdaíodh leis na freagróirí nach mór do na húdaráis áitiúla oibriú go fóill chun cumarsáid a fheabhsú. Tugadh feabhsuithe thar na trí bliana a athbhreithníodh faoi deara, áfach. Ba dhearfach na torthaí maidir le héascaíocht teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla agus leibhéil nuálaíochta agus feabhsuithe i soláthar seirbhísí ar líne.

Arís eile, léiríodh leis na torthaí go raibh an dearcadh ba dhearfaí acu siúd a raibh braistint chómhuintearas acu lena gceantar áitiúil maidir le húdaráis áitiúla, agus ag na daoine a d'úsáid seirbhísí údaráis áitiúil (i gcomparáid le daoine nár bhain úsáid as seirbhísí údaráis áitiúil).

Rinne iniúchadh gearr sa suirbhé ar na bacainní ar úsáid seirbhísí digiteacha agus gurb é an phríomhchúis leis sin easpa feasachta go raibh seirbhísí ar líne ar fáil, fadhb ar féidir leis na húdaráis áitiúla dul i ngleic léi.

Rinneadh iniúchadh níos mionsonraithe ar ghníomhú ar son na haeráide ag baint úsáid as an suirbhé agus as grúpaí fócais.

Léiríodh leis na torthaí an tsuim mhór a bhí ag daoine in aghaidh a thabhairt ar ghníomhú ar son na haeráide agus sa phríomhról a theastaigh uathu go nglacfadh údaráis áitiúla maidir le páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile agus pobail áitiúla agus daoine aonair a spreagadh.

Bhí freagróirí an tsuirbhé an-dearfach agus tacúil maidir leis obair fhairsing atá á déanamh ag údaráis áitiúla go dtí seo. Bhain an fheasacht b'airde le freagairtí ar adhaimsire, bithéagsúlacht, bainistíocht tuilte agus creimthe cósta, an geilleagar ciorclach, taisteal gníomhach agus tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh. Bhí a bpáirt ag freagróirí freisin chun iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus thuairiscigh an chuid ba mhó acu athruithe a rinne siad ar a saol pearsanta chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide, amhail úsáid fuinnimh sa teach a íoslaghdú, siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil nó iompar inbhuanaithe a úsáid.

Ar an iomlán, ba mhian le rannpháirtithe an ghrúpa fócais go mbeadh údaráis áitiúla i gceannas go háitiúil maidir le príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun fadhbanna a réiteach i gcomhpháirt trí chur chuige fadtéarmach a ghlacadh maidir le maolú agus oiriúnú. Ar deireadh, d'iarr na rannpháirtithe go léireofaí agus go rianófaí leis na PTFanna an obair atá á déanamh. D'fhoilsigh GBRÁ an chéad tuarascáil PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil i mí na Nollag 2023 ina dtugtar aghaidh ar an iarratas sin.

# Cás-staidéir

Sa roinn seo, cuirtear ceithre chás-staidéar i láthair chun cuid de na tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide atá i bhfeidhm ar fud na hearnála a léiriú. Ainmníodh cás-staidéar amháin ó gach ceann de na ceithre Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA):

1. **Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh -** Aip WIRE um Thionchar Aimsire a Chlárú
2. **Bord Farraige an Atlantaigh Theas -** Forbairt Treorach d'Údaráis Áitiúla maidir le hOiriúnú Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla don Aeráid (GLACARLR)
3. **Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath -** Línte na Farraige - Lines of the Sea
4. **An tOirthear agus an Lár Tíre -** Clár Oiliúna Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil

Is iad na cuspóirí leis na cás-staidéir ceachtanna faoi sholáthar tionscnamh éagsúil, dea-chleachtas a roinnt, agus acmhainn luachmhar a chruthú lena mbeifear ábalta bonn eolais a chur faoi fhorbairt amach anseo an tsoláthair seirbhíse do chustaiméirí sa ghníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála rialtais áitiúil.

Tá an fhís a leagadh amach i Seirbhísí Poiblí Níos Fearr 2030 'ionchuimsitheach, ar ardchaighdeán agus sásaíonn soláthar Seirbhíse Poiblí comhtháite na riachtanais agus feabhsaíonn sé saol mhuintir na hÉireann' (Seirbhís Phoiblí Níos Fearr, 2023). Tugtar chun suntais sna cás-staidéir an dóigh a bhfuil na ORGAnna ag obair le húdaráis áitiúla chun beartais aeráide agus athrú iompraíochta laistigh dá n-eagraíochtaí féin a bhaint amach agus saoránaigh agus fiontair á gcumhachtú chun glacadh leis an ngá le gníomhaíocht ar son na haeráide.

# Cás-staidéar a hAon

## Aip um Tionchar Aimsire a Chlárú WIRE

### ORGA Bhord Farraige an Atlantaigh Thuaidh

| **CARO** | ORGA Bhord Farraige an Atlantaigh Thuaidh |
|---|---|
| **Teideal** | Aip um Thionchar Aimsire a Chlárú –WIRE |
| **Cur síos gearr ar an tionscnamh** | Tá tionchar ag teagmhais agus treochtaí a bhaineann leis an athrú aeráide ar gach earnáil sa tsochaí. Áirítear leis na tionchair sin damáiste agus cur isteach maidir le seirbhís do bhonneagar ríthábhachtach, caipiteal cultúrtha agus nádúrtha, cáilíocht uisce, tuilte, acmhainní uisce agus seirbhísí pobail.<br><br>Agus straitéisí oiriúnaithe na n-údarás áitiúil á bhforbairt in 2019, tugadh chun suntais sna measúnuithe bonnlíne an easpa sonraí stairiúla atá ar fáil maidir le tionchair teagmhas/treochtaí aeráide.<br><br>Soláthraíonn an aip WIRE uirlis shimplí d'údaráis áitiúla (agus do ghníomhaireachtaí stáit eile) chun na hiarmhairtí iarbhír agus cuid de na costais ghaolmhara a bhaineann leis an athrú aeráide ina gceantair a thaifeadadh agus a chomhordú. Leis an tacar sonraí GIS-bhunaithe, mar aon leis an deais agus na scagairí a forbraíodh in éineacht leis an aip, soláthrófar dáileadh spásúil rioscaí agus leochaileachta, agus cuideoidh siad le déine agus minicíocht na dteagmhas atá ag méadú a shainaithint lena gcuirfear bonn eolais leo sin faoin bpleanáil um oiriúnú don aeráid. Forbrófar an tacar sonraí le himeacht ama ach tá béim á cur cheana féin leis na sonraí a taifeadadh ar réimsí inar tharla tuilte arís agus arís eile lena dtabharfar tús áite do na réimsí sin le haghaidh gníomhaíochtaí agus a thacóidh le réitigh fhianaise-bhunaithe agus chostéifeachtacha.<br><br>Tá Climate Ireland, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus gníomhaireachtaí stáit eile ag féachaint le rochtain a fháil ar an aip agus ar na tacair sonraí a dhéanfaidh sé chun tacú le pleanáil trasearnála um oiriúnú don aeráid. |
| **Cuspóirí** | Ba iad na cuspóirí ná a bheith so-úsáidte, ríomhaire boise bunaithe mar aon le painéal tacaíochta léarscáil-bhunaithe chun anailís a dhéanamh ar shonraí.<br><br>Ní raibh modheolaíocht chomhsheasmhach ar bith ann chun tionchair teagmhas aimsire agus aeráide laistigh d'earnáil na n-údarás áitiúil a ghabháil. Bhí an tuairisciú roimhe seo treallach agus níorbh ann dó go ginearálta ach amháin má bhí maoiniú ar fáil chun déileáil le teagmhas ar leith. Bhí costais ní b'ísle chun déileáil le teagmhais aeráide agus aimsire á n-iompari mbuiséid eile agus ní raibh siad á sainaithint ná á gcomhordú chun bonn eolais a chur faoi phleanáil amach anseo.<br><br>D'fhéachamar ar chleachtais eile de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) agus ar roghanna bailithe sonraí agus thángamar ar an eolas faoi uirlisí éagsúla ArcGIS lenar féidir sonraí beachta allamuigh a ghabháil agus a thabhairt ar ais le foirmeacha léarscáilithe. |

| | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | Agus muid ag comhoibriú le baill foirne ar gach leibhéal laistigh den earnáil, d'fhorbraíomar aip lena húsáid ar fhón póca lena ngabhann sraith foirmeacha, roghchláir anuas agus feidhmeanna le gur féidir méid mór sonraí a bhailiú go héasca.<br><br>Soláthraítear leis an amharcóir léarscáile gaolmhar agus an deais sonraí chun féachaint ar na sonraí bailithe agus anailís a dhéanamh orthu léiriú spásúil d'úsáideoirí údaráis áitiúil ar na guaiseacha aeráide atá ag dul i bhfeidhm ar a bpobail cheana féin agus ar mhinicíocht, ar dhéine agus ar roinnt costas a bhaineann leis na tionchair sin.<br><br>Is córas simplí so-úsáidte é an aip WIRE a nascann le córais eile agus a ghineann méid suntasach ábhair tuairiscithe go huathoibríoch chun tacú le pleanáil oiriúnaithe údaráis áitiúil. |
| **Conas a forbraíodh an tionscnamh** | I straitéisí oiriúnaithe uile na n-údarás áitiúil, sainaithníodh an gá le sonraí ar thionchair teagmhas aimsire a bhailiú agus a eagrú go háitiúil. Cuireadh an moladh chun córas a fhorbairt chun freastal ar an riachtanas sin in iúl go luath do na húdaráis áitiúla go léir trí líonra na hOifige Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA). Tríd an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú agus trí oibriú le Climate Ireland, chuireamar in iúl freisin do ranna/gníomhaireachtaí rialtais a bhfuil baint acu le hoiriúnú don aeráid go raibh an córas atá á fhorbairt agus soláthraíodh ionchur dúinn ar conas a d'fhéadfaí an córas a leagan amach chun freastal ar a gcuid riachtanas freisin.<br><br>Lena chinntiú gur dearadh an córas chun cur i bhfeidhm céimneach náisiúnta a éascú, d'oibríomar le formhór na n-údarás áitiúil trí cheardlanna agus cruinnithe, agus go díreach nó go hindíreach trí líonra ORGA. Bhí buntáiste breise ag baint leis sin go raibh na húdaráis áitiúla araon infheistithe sa tionscadal agus go raibh siad ar an eolas faoin dul chun cinn.<br><br>Bhí ionchur ag na húsáideoirí údaráis áitiúil san fhorbairt trí cheardlanna agus imeachtaí éagsúla lenar tugadh deis dúinn tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas agus cén t-eolas praiticiúil a cheart a bhailiú le linn teagmhas. Rinne foireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo alfa-thástáil ar an aip, agus rolladh tástáil Béite amach chuig roinnt úsáideoirí i ngach ceann de na haon údarás áitiúil is tríocha agus ionchorpraíodh aiseolas sa chóras deiridh.<br><br>Feidhmchlár atá bunaithe ar theicneolaíocht is ea an uirlis, uirlis atá simplí le húsáid agus lena gcuirtear tacar sonraí d'eolas luachmhar ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le freagairt éigeandála a fhorbairt, le pleanáil oiriúnaithe chomh maith le tacú le pleanálaithe cinntí eolasacha a dhéanamh ar fhorbairt amach anseo.<br><br>Déanfar an tacar sonraí ón gcóras WIRE a ionchorprú freisin in uirlis trasearnála nua 'Riosca agus Leochaileacht an Athraithe Aeráide' atá á forbairt againn faoi láthair le Climate Ireland chun cuidiú leis na réamh-mheastacháin sin a chalabrú agus chun tionchair atá ag tarlú cheana féin a shainaithint.<br><br>Forbraíodh sraith físeáin ghairid teagaisc freisin agus bhí siad ar fáil leis na huirlisí ar leathanach nua WIRE Hub. |

## **Cás-Staidéar a hAon** (Ar lean)

| | |
|---|---|
| **Conas a forbraíodh an tionscnamh** | Sholáthraíomar nuashonruithe rialta ar an dul chun cinn do pháirtithe leasmhara trí chruinnithe agus chuireamar an córas chun cinn i bhfoilseacháin earnála, amhail Athbhreithniú na Comhairle. |
| **Conas a forbraíodh an tionscnamh** | Bhí an tionscnamh ar cheann d'ocht dtionscadal a bhfuarthas cúnamh deontais ina leith faoi chéad Chiste Nuálaíochta na hEarnála Poiblí, a seoladh in 2019 - cuireadh €25,000 ar fáil do ORGA chun an aip agus an córas a fhorbairt.<br><br>D'fhorbair ORGA dearadh coincheap, comhéadan úsáideora agus grafaic go hinmheánach, le tacaíocht ó Climate Ireland agus le hionchur ó údaráis áitiúla trí shraith ceardlann, ar cuireadh tús leo i mí Feabhra 2020.<br><br>Fostaíodh an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) chun na moltaí sin a fhorbairt ar na hardáin ArcGIS Online agus Survey123. |
| **Aithin an limistéar/na limistéir seirbhíse a raibh tionchar ag an dúshlán orthu** | • Bóithre agus iompar<br>• Tithíocht<br>• Seirbhísí éigeándála<br>• Comhshaol |
| **Torthaí** | Tá an córas sách nua, agus forbróidh an tacar sonraí le himeacht ama agus cuirfear eolas níos luachmhaire ar fáil leis lena sainaithneofar réimsí atá i mbaol ar leith mar gheall ar theagmhais aeráide.<br><br>Tabharfar tús áite do na réimsí sainaitheanta sin chun measúnú riosca agus leochaileachta níos mionsonraithe agus pleanáil oiriúnaithe a dhéanamh orthu. Tacóidh taifid mhionsonraithe ar dhéine na dteagmhas sin agus cé chomh minic agus a bhí tionchar acu ar réimse ar leith le cinnteoireacht agus infheistíocht fianaise-bunaithe. Sampla de sin atá le feiceáil cheana féin ón tacar sonraí teoranta is ea bóthar i dtuaisceart Mhaigh Eo ina dtarlaíonn tuilte cósta rialta go starógach, go háirithe le linn teagmhais bhorrtha. Taifeadadh dhá theagmhas dá leithéid cheana féin sa bhunachar sonraí in 2020, mar aon le grianghraif agus eolas faoi dhúnadh sealadach bóithre a cuireadh i bhfeidhm le linn na tuile. Cuideoidh an cineál sin eolais le húdar a thabhairt do thionscadal maolaithe tuilte agus tacú leis amach anseo. |

# **Cás-Staidéar a hAon** (Ar lean)

### Príomhcheachtanna agus/nó príomhbhacainní don údarás áitiúil

**Príomhcheachtanna**

Tá an tacar sonraí sách nua (tosaíodh iad i mí Feabhra 2020), agus méadóidh na tairbhí de réir mar a bhaileofar eolas a bhailítear ó theagmhais aimsire. Ní bhainfear cuid de na tairbhí sin amach ach go ceann roinnt blianta nuair a fhorbrófar tionscadail um oiriúnú agus réitigh iomchuí a mbeifear ábalta iad a mheasúnú i gcoinne tacar sonraí láidir lena n-áireofar scála na nguaiseacha agus an costas gaolmhar maidir le deisiú agus glanadh.


Soláthrófar tairbhí sa ghearrthéarma freisin. Seachas go soláthraítear leis an gcóras cur chuige comhsheasmhach maidir le bailiú sonraí um thionchar aimsire ar fud earnáil na n-údarás áitiúil, áirítear ar na tairbhí freisin:

- Laghdú ar an méid ama a chaitear ag bainistiú agus ag anailísiú sonraí agus tionchair/rioscaí aimsire.
- Feabhas ar cháilíocht agus ar chomhsheasmhacht an eolais.
- Na fíorchostais a bhaineann le tionchair teagmhas aimsire a iompraítear sa chaiteachas ginearálta a ghabháil ar bhealach níos fearr. Éascófar leis sin freisin anailís costais is tairbhe níos láidre ar thionscadail um oiriúnú amach anseo.


**Príomhbhacainní**

- Braitheann gabháil teagmhas ar chomhoibriú na foirne

### Eolas Breise




Sampla de roghchláir anuas chun sonraí a bhailiú ar an talamh




Deais chórais lena soláthraítear uirlisí chun na sonraí a ghabhadh a scagadh agus a anailísiú

# Cás-staidéar a Dó

## Forbairt Treorach d'Údaráis Áitiúla maidir le hOiriúnú Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla don Aeráid (GLACARLR)

ORGA Bhord Farraige an Atlantaigh Theas

| CARO | ORGA Bhord Farraige an Atlantaigh Theas |
|---|---|
| **Teideal** | Forbairt Treorach d'Údaráis Áitiúla maidir le hOiriúnú Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla don Aeráid (GLACARLR) |
| **Cur síos gearr ar an tionscnamh** | Tá dul i ngleic leis an athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó ar domhan. Tá sé geallta ag Éirinn na bearta riachtanacha a dhéanamh lena cuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus méadú a dhéanamh ar ár n-athléimneacht i leith tionchair reatha agus réamh-mheasta an athraithe aeráide amach anseo. Ceanglaítear leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2015 agus 2021 ar an tír an cuspóir náisiúnta aeráide a bhaint amach, is é sin aistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, atá ar mhórán bithéagsúlachta agus atá neodrach ó thaobh carbón de faoi dheireadh 2050. Sainaithnítear go bhfuil ról tábhachtach ceannaireachta ag an earnáil rialtais áitiúil mar phríomhghníomhaí ar son na haeráide ar an leibhéal áitiúil agus pobail.<br><br>In 2019, tugadh sainordú do na 31 údarás áitiúil tríd an gCreat Náisiúnta um Oiriúnú straitéisí um oiriúnú don aeráid a ullmhú. Riachtanas suntasach a sainaithníodh leis na straitéisí ba ea sócmhainní bóithre a fhorbairt ar bhealach a sheasfaidh an aimsir maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide e.g., tuilte agus éifeachtaí teochta. D'oibrigh Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA) leis an Roinn Iompair agus le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCBB) chun tionscadal a stiúradh lena dtabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna an athraithe aeráide amach anseo agus chun eolas, treoir agus na huirlisí a theastaíonn ó chleachtóirí stiúrthóireachta bóithre na n-údarás áitiúil a fhorbairt chun dul i ngleic leis na dúshláin a chuirtear i láthair leis na saincheisteanna sin. |
| **Cuspóirí** | Is iad seo a leanas cuspóirí an tionscadail:<br>1. Foireann bóithre a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le pleanáil chuí don athrú aeráide agus cur chun feidhme nósanna imeachta um oiriúnú don aeráid.<br>2. Réimse straitéisí agus cur chuige deartha, cothabhála agus athshlánaithe a fhorbairt chun an gréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla a oiriúnú do theagmhais aeráide agus chun an baol go ndéanfaí damáiste don fheidhm agus nó go gcaillfí í a laghdú. |

| Conas a forbraíodh an tionscnamh | In 2015, bunaíodh leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide & um Fhorbairt Ísealcharbóin an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe, agus dá réir sin, tugadh sainordú do na 31 údarás áitiúil chun straitéis oiriúnaithe aeráide a ullmhú. Sainaithníodh sna straitéisí saincheisteanna a bhain leis an aeráid don líonra bóithre réigiúnacha agus áitiúla, a bhfuil tuairimí na n-údarás áitiúil gur gá sócmhainní bóithre a chosaint don todhchaí mar bhonn faoi. Mhol ORGA Bhord Farraige an Atlantaigh Theas tionscnamh nua chun tionscadal um oiriúnú don aeráid a fhorbairt lena dtabharfaí an t-eolas agus na huirlisí do phearsanra na stiúrthóireachta bóithre chun oiriúnú do shaincheisteanna a bhaineann leis an aeráid ar an ngréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla, arna bhainistiú ag údaráis áitiúla. Thacaigh an Roinn Iompair agus an CBCC le moladh ar cuireadh tús leis an tionscadal mar thoradh air. Is iad seo a leanas na príomhthéamaí a sholáthair an bonn don tionscadal:<br>1. Breithnithe aeráide a chomhtháthú i ndearadh, tógáil agus cothabháil sócmhainní bóithre.<br>2. Cruthaigh fardal agus láithreacha bóithre leochaileacha a mhapáil.<br>3. Measúnuithe leochaileachta agus riosca an bhonneagair bóithre.<br>4. Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus tús áite a thabhairt d'idirghabhálacha oiriúnuithe.<br><br>Tá cuspóirí an tionscadail bunaithe ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil le haghaidh tionchair an athraithe aeráide, cruthú agus cur i bhfeidhm nósanna imeachta um athrú aeráide agus straitéisí agus eolas ábhartha a fhorbairt chun cuidiú leo iad a chur i bhfeidhm. Tá sé beartaithe na cuspóirí a chur chun feidhme trí eolas agus treoirdhoiciméid a sholáthar, rud a mbeidh forbairt nósanna imeachta oibriúcháin ag na húdaráis áitiúla mar thoradh air, agus trí fheabhas a chur ar an gcóras bainistíochta sócmhainní atá ann faoi láthair arna bhainistiú ag an Oifig um Bainistíocht Bóithre (RMO).<br><br>Meitheal Tionscadail (PWG) ar a bhfuil pearsanra ORGA agus ionadaithe ó chúig údarás áitiúil, an Roinn Iompair, an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí (CATCEN), Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MUT) agus RMO. Soláthraíonn an Mheitheal Tionscadail treoir, stiúir agus aiseolas le linn an tionscadail. Soláthraíonn Grúpa Stiúrtha Réigiúnach ORGA, an Roinn Iompair, agus an CCMA maoirseacht ar an tionscadal.<br><br>Áirítear ar acmhainní tionscadail bainisteoir tionscadail agus éascaitheoir tionscadail agus nuair is gá, comhairleoir innealtóireachta. Tá siad sin maoinithe ag an Roinn Iompair. Tá an tionscadal faoi bhealach. Níor theastaigh trialacha/treoirthionscadail go dtí seo ach is dócha go ndéanfar iad le haghaidh thodhchaí an tionscadail amach anseo. Seoltar aschuir garsprice gach tionscadail le haghaidh comhairliúcháin chuig páirtithe leasmhara na hearnála iompair, a athbhreithneoidh an Mheitheal Tionscadail, an Roinn Iompair agus CCMA roimh aon phróiseas foirmiúla saincheisteanna. |
|---|---|

## Cás-Staidéar a Dó (Ar lean)

| | |
|---|---|
| **Amlíne** | Tá an tionscnamh faoi bhealach. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2020 le tuarascáil scóipe (Céim 1) lena leagadh síos na tascanna don chéim sheachadta ar cuireadh tús leis in 2021. Ba é an chéad aschur ón tionscadal in 2020 leis na Oibreacha um Oiriúnú don Aeráid, tuarascáil na Modheolaíochta Tosaíochta, a chuidíonn le Roinn Iompair deontais leithdháilte aeráide bóithre a leithdháileadh ar údaráis áitiúla. Is é an t-aschur is déanaí ón tionscadal an tuarascáil ar an Straitéis um Oiriúnú Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla don Aeráid, a d'fhoilsigh an tAire Iompair i mí Aibreáin 2023. Tá sé sin ag an gcéim cur chun feidhme anois agus tá comhoibriú ar siúl leis an Roinn Iompair faoi láthair chun gníomhaíochtaí na straitéise a sholáthar. Ní tionscnamh ar théarma seasta é an tionscadal. Tá obair ar siúl freisin ar thopaicí suntasacha ábhartha eile a bhaineann le soláthar poiblí glas agus bainistíocht carbóin in earnáil bóithre na n-údarás áitiúil. Is topaicí iad sin atá sainaitheanta ag údaráis áitiúla mar thopaicí a dteastaíonn eolas agus treoir ina leith. Soláthraíonn Rannóg Bóithre na Roinne Iompair rialú airgeadais an tionscadail. |
| **Aithin an limistéar/ na limistéir seirbhíse a raibh tionchar ag an dúshlán orthu** | • Cothabháil Bóithre<br>• Ceadúnais agus Ceadanna Bóithre.<br>• Líonraí Bóithre.<br>• Sábháilteacht ar Bhóithre.<br>• Scéimeanna Bóthair.<br>• Aimsir Throm. |
| **Torthaí** | Tá an tionscnamh faoi bhealach. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2020 le tuarascáil scóipe (Céim 1) lena leagadh síos na tascanna don chéim seachadta ar cuireadh tús leis in 2021.<br><br>1. Ba é an chéad aschur ón tionscadal in 2020 leis na Oibreacha um Oiriúnú don Aeráid, tuarascáil na Modheolaíochta Tosaíochta, a chuidíonn le Roinn Iompair deontais leithdháilte aeráide bóithre a leithdháileadh ar údaráis áitiúla. Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht ná sonraí réamhchinnte maidir le láithreacha a bhfuil tionchar ag an aeráid orthu agus idirghabhálacha oibreacha beartaithe a bhailiú ó gach údarás áitiúil. Úsáideann an Roinn Iompair iad sin chun tús áite a thabhairt do chistí d'údaráis áitiúla tríd an gClár um Oiriúnú don Aeráid agus Athléimneacht, atá i bhfeidhm ó bhí 2020 ann.<br><br>2. Is é an t-aschur is déanaí ón tionscadal an tuarascáil ar an Straitéis um Oiriúnú Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla don Aeráid, a d'fhoilsigh an tAire Iompair i mí Aibreáin 2023. Tá sé sin ag an gcéim cur chun feidhme anois agus tá comhoibriú ar siúl leis an Roinn Iompair faoi láthair chun na gníomhaíochtaí straitéiseacha a sheachadadh.<br><br>Is é an tionchar dearfach ar pháirtithe leasmhara (mír1 thuas) tosaíocht a dhíríonn ar leithdháiltí maoinithe ar idirghabhálacha a bhaineann leis an aeráid ar na bóithre réigiúnacha agus áitiúla. Tá na húdaráis áitiúla ar eolas cheana féin faoin mbailiú sonraí a theastaíonn anseo mar gheall ar a ról bainistíochta oibriúcháin. |
| **Príomhcheachtanna agus/nó príomhbhacainní don údarás áitiúil** | Tá an tionscnamh faoi bhealach, agus tá impleachtaí iomlána an chur chun feidhme fós le tuiscint. D'fhéadfadh acmhainní breise a bheith de dhíth faoi choinne tionscnaimh nua maidir le cur chun feidhme, bíodh sin sa ghearrthéarma e.g., breisoiliúint nó, san fhadtéarma i dtéarmaí acmhainní tiomnaithe. Is éard bhí i gceist le struchtúr thuarascáil na Straitéise um Oiriúnú Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla don Aeráid ná feabhas a chur ar na córais atá ann cheana e.g., Córas Bainistíochta Cosán MapRoad seachas córais nua a chruthú agus freisin treoir thagartha a sholáthar le haghaidh acmhainní atá ann cheana; agus mar sin, an t-éileamh ar acmhainní breise a íoslaghdú. |
| **Eolas Breise** | gov.ie - An Straitéis um Oiriúnú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla don Aeráid (www.gov.ie) |

# Cás-staidéar a Trí

## Línte na Farraige - Lines of the Sea

ORGA Chathair Bhaile Átha Cliath

| CARO | ORGA Chathair Bhaile Átha Cliath |
|---|---|
| **Title** | Línte na Farraige - Lines of the Sea |
| **Cur síos gearr ar an tionscnamh** | Cuimsítear leis an tionscadal sraith suiteálacha solais amhairc griranchumhachtaithe, atá suiteáilte ar láithreáin chósta na hÉireann i mBaile Átha Cliath, i Loch Garman agus i nGaillimh. Bhí ábhair eolais agus acmhainní, amhail cláir faisnéise, suíomh gréasáin, straitéis cumarsáide, agus ceardlanna ag gabháil leis na suiteálacha solais.<br><br>Léiríonn línte solais na Dé-óide Astaithe Solais (LED) airdí borrtha stoirme amach anseo, bunaithe ar thuartha ar ardú leibhéal na farraige ó Thuarascáil AR6 ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus sonraí stairiúla maidir le borradh stoirme.<br><br>Is iad na suíomhanna a roghnaíodh do na suiteálacha An Póirse Caoch (Gaillimh), Cuan Loch Garman (Loch Garman) agus Túr Martello i bPáirc na Carraige Duibhe (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin). Rinneadh suiteáil trialach freisin ag Teach Solais Bhaile Brigín (Fine Gall). Ba iad foireann an tionscadail agus na healaíontóirí a roghnaigh na suíomhanna sin toisc go bhfuil siad suite cois cósta, go bhfuil líon mór custaiméirí iontu, agus gur limistéir áilleachta nádúrtha agus/nó a bhfuil tábhacht stairiúil leo a ndeachaigh teagmhais adhaimsire i gcion orthu le cuimhne na ndaoine. Tá na foirgnimh agus na struchtúir a roghnaíodh liostaithe mar shéadchomharthaí náisiúnta agus mar struchtúir atá faoi chosaint. |
| **Cuspóirí** | Ba é ba chuspóir do Línte na Farraige an pobal a nascadh go físiúil agus go hinbhraite leis na rioscaí a bhaineann le hardú ar leibhéal na farraige amach anseo agus ó bhorradh stoirme.<br><br>Ag croílár na suiteálacha sin tá an mhian freagairt mhothúchánach ón bpobal a mhúscailt, tuiscint níos leithne a spreagadh ar thionchair an athraithe aeráide agus ar an ngá atá le gníomhaíocht chomhchoiteann chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.<br><br>Léiríonn na suíomhanna le chéile go bhfuil ráta agus méid an ardaithe ar leibhéal na farraige amach anseo, fós le déanamh amach agus go bhféadfaidh ár n-iompar sochaíoch le chéile dul i bhfeidhm air as seo amach. |
| **Conas a forbraíodh an tionscnamh** | Dhear na healaíontóirí Timo Aho agus Pekka Niittyvirta atá lonnaithe i Heilsincí coincheap na suiteálacha. Lorgaíonn siad bealaí fiúntacha chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméin thráthúla agus ar dhúshláin shochaíocha i spásanna poiblí. Léiríodh lena gcomhoibriú roimhe seo in 2018, Línte (57° 59 ´ N, 7° 16 ´W) todhchaí tubaisteach ardú leibhéal na farraige, le trí líne shioncronaithe solais, ag Músaem agus Ionad Ealaíne Taigh Chearsabhagh, Albain. Áirítear lena gcomhoibriú le déanaí: WAM Turku City Art Museum, Finland; Google Arts and Culture, Untitled Art / FB art, Miami. |

## **Cás-Staidéar a Trí** (Ar lean)

| **Conas a forbraíodh an tionscnamh** | Tógann Línte na Farraige ar na hiaroibreacha sin agus cuireann sé gné nua leis, trí shuíomhanna iomadúla faoi thiomáint fuinnimh in-athnuaite timpeall chósta tíre amháin a áireamh, agus béim á cur ar chumhacht a thabhairt don phobal páirt a ghlacadh sa ghníomhú ar son na haeráide trí shuíomhanna gréasáin, píosaí scannánaíochta teilifíse agus raidió, píosa scannánaíochta dróin de gach suiteáil, na meáin shóisialta, ceardlanna scoile agus imeachtaí seolta.<br><br>Cuimsítear sna suiteálacha línte cothrománacha de shoilse LED ina dtaispeántar ardú leibhéal na farraige amach anseo agus ardú ar bhorradh stoirme. Suiteáiltear saothair ealaíne ag foirgnimh/struchtúir cois cósta, agus braitheann an socrú feistithe ar an gcineál struchtúir agus ar aon ainmniúcháin atá ann i.e. séadchomhartha náisiúnta, stádas struchtúr faoi chosaint. In dhá cheann de na trí shuíomh comhaontaithe (Túr Martello Páirc na Carraige Duibhe, Baile Átha Cliath, agus An Póirse Caoch, Gaillimh), forbraíodh dearaí mionsonraithe agus cuireadh faoi bhráid Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta iad lena bhfaomhadh toisc go raibh na foirgnimh liostaithe mar shéadchomharthaí náisiúnta agus gur struchtúir faoi chosaint iad freisin. Fuarthas cead sula ndeachthas ar aghaidh le hoibreacha ar na láithreáin.<br><br>D'oibrigh foireann chomhoibríoch leis na healaíontóirí chun Línte na Farraige a sholáthar. Ar an bhfoireann bhí eolaithe agus taighdeoirí ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC). Áiríodh ar fhoireann an tionscadail i gcoitinne freisin baill foirne ó Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (ORGA), Foras na Mara, Teagmhais Algartaim agus Dhúchasacha. Is iad na húdaráis áitiúla atá páirteach sa tionscadal Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Loch Garman, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Fhine Gall. Ba é ORGA Bhaile Átha Cliath a bhainistigh an tionscadal agus rinne sé cathaoirleacht ar chruinnithe míosúla roimh shuiteáil an tionscadail.<br><br>Mar chuid den mhonatóireacht agus den mheasúnú ar mhaoiniú foriomlán um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Éire Ildánach, roghnaíodh cúig thionscadal deiridh déag a maoiníodh chun tuilleadh taighde agus measúnaithe a dhéanamh orthu. Áiríodh leis sin an tionscadal Línte na Farraige. Rinne taighdeoirí ó Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Fhuinneamh, Aeráid agus Muirí (MaREI) suirbhéanna pearsanta agus ar líne le baill den phobal. Críochnaíodh suirbhéanna le linn imeachtaí seolta na suiteálacha agus ar líne trí nasc a leanúint ar chláir faisnéise agus cártaí poist an tionscadail. I measc roinnt torthaí ábhartha tá:<br><br>• De réir thorthaí taighde MaREI, d'éirigh leis an tionscadal rannpháirtíocht a chruthú i measc na rannpháirtithe, agus 62% agus 14% acu ag aontú nó ag aontú go láidir, faoi seach, gur bhraith an tionscadal go raibh siad níos rannpháirtí sa ghníomhú ar son na haeráide.<br>• Astu siúd a chuir réasúnaíocht ar fáil, braitheadh gur chuidigh an tionscadal leo tionchair an athraithe aeráide amach anseo a shamhlú ar bhealach nach bhféadfadh sonraí nó tuarascálacha a dhéanamh.<br>• Astu siúd a chuir réasúnaíocht ar fáil, braitheadh gur chuidigh an tionscadal leo tionchair an athraithe aeráide amach anseo a shamhlú ar bhealach nach bhféadfadh sonraí nó tuarascálacha a dhéanamh.<br>• D'aontaigh caoga a hocht faoin gcéad de na rannpháirtithe gur cheap siad go raibh níos mó eolais acu faoin athrú aeráide i ndiaidh dóibh páirt a ghlacadh in imeacht seolta Línte na Farraige. |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **Amlíne** | Cuireadh iarratas an tionscadail isteach chuig an gCiste Cruthaitheach um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí na Bealtaine 2021. Reáchtáladh imeachtaí seolta ag na trí shuíomh i nGaillimh (Meán Fómhair 2022); Loch Garman, Deireadh Fómhair 22); agus Baile Átha Cliath (Feabhra 2023). Tá suiteálacha Bhaile Átha Cliath agus na Gaillimhe fós in-situ. |
| **Sainaithin an limistéar/ na limistéir seirbhíse a raibh tionchar ag an dúshlán orthu** | • Na hEalaíona agus Cultúr<br>• Comhshaol |
| **Torthaí** | Maidir le monatóireacht agus meastóireacht chomh maith leis an tionchar ar an bpobal, rinne taighdeoirí ó Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Fhuinneamh, Aeráid agus Muirí (MaREI) suirbhéanna pearsanta agus ar líne le baill den phobal maidir le tionscadal Línte na Farraige. Críochnaíodh suirbhéanna le linn imeachtaí seolta na suiteálacha agus ar líne trí nasc a leanúint ar chláir faisnéise agus cártaí poist an tionscadail. I measc roinnt torthaí ábhartha tá:<br>• De réir thorthaí taighde MaREI, d'éirigh leis an tionscadal rannpháirtíocht a chruthú i measc na rannpháirtithe, agus 62% agus 14% acu ag aontú nó ag aontú go láidir, faoi seach, gur bhraith an tionscadal go raibh siad níos rannpháirtí sa ghníomhú ar son na haeráide.<br>• Astu siúd a chuir réasúnaíocht ar fáil, braitheadh gur chuidigh an tionscadal leo tionchair an athraithe aeráide amach anseo a shamhlú ar bhealach nach bhféadfadh sonraí nó tuarascálacha a dhéanamh.<br>• D'aontaigh caoga a hocht faoin gcéad de na rannpháirtithe gur cheap siad go raibh níos mó eolais acu faoin athrú aeráide i ndiaidh dóibh páirt a ghlacadh in imeacht seolta Línte na Farraige.<br><br>Príomhthoradh amháin ón tionscadal is ea gur léiríodh leis go bhféadfadh údaráis áitiúla fuinneamh in-athnuaite a úsáid le haghaidh imeachtaí eagraithe. |
| **Príomhcheachtanna agus/nó príomhbhacainní don údarás áitiúil** | **Príomhcheachtanna**<br>• Bhí sé réadúil tionscadal náisiúnta a thabhairt chun críche le struchtúir ORGA atá ann cheana chun príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint.<br>• Bhíothas ábalta fuinneamh in-athnuaite a úsáid chun na soilse a chumhachtú.<br>• Bhíothas ábalta oibriú le hollscoileanna agus le heagraíochtaí eile ar thionscadail mhóra.<br><br>**Príomhbhacainní**<br>• In dhá cheann de na trí shuíomh a comhaontaíodh (i.e., Túr Martello Páirc na Carraige Duibhe, Baile Átha Cliath, agus An Póirse Caoch, Gaillimh), forbraíodh dearaí mionsonraithe agus cuireadh faoi bhráid Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta iad lena bhfaomhadh toisc go bhí raibh na foirgnimh liostaithe mar shéadchomharthaí náisiúnta agus is struchtúir faoi chosanta iad freisin. Fuarthas cead sula ndeachthas ar aghaidh le hoibreacha ar na láithreáin.<br><br>Toisc nach raibh na suiteálacha solais ag gach láithreán soilsithe ach idir an clapsholas agus breacadh an lae, trí huaire an chloig ar an dá thaobh den taoide lán, ba ghá córas nua saincheaptha a fhorbairt chun leibhéil uisce a bhrath, cumarsáid a dhéanamh le freastalaithe taoide Fhoras na Mara agus, ag baint úsáid as na hionchuir sin, na stiallacha solais LED (air/as) a rialú. |
| **Eolas breise** | Suíomh gréasáin an tionscadail: www.lintenafarragie.com<br>Físeáin an tionscadail: https://vimeo.com/802710465/32870c43c3?share=copy |

# Cás-staidéar a Ceathair

## Clár Oiliúna Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil

### ORGA Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre

| CARO | ORGA Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre |
|---|---|
| **Teideal** | Clár Oiliúna Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil |
| **Cur síos gearr ar an tionscnamh** | Tá dul i ngleic leis an athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó ar domhan. Tá sé geallta ag Éirinn na bearta riachtanacha a dhéanamh lena cuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus méadú a dhéanamh ar ár n-athléimneacht i leith tionchair reatha agus réamh-mheasta an athraithe aeráide amach anseo. Ceanglaítear leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 ar an tír an cuspóir náisiúnta aeráide a bhaint amach, is é sin aistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, atá ar mhórán bithéagsúlachta agus atá neodrach ó thaobh carbón de faoi dheireadh 2050. Chun gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a bhaint amach, sainaithnítear go bhfuil ról tábhachtach ceannaireachta ag an earnáil rialtais áitiúil, go háirithe mar phríomhghníomhaí ar son na haeráide ar an leibhéal áitiúil agus pobail.<br><br>Is buaicphointe iarrachtaí ó réimse rannpháirtithe é Clár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil (LACATP), arna bhainistiú ag na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGAnna) i gcomhar leis an nGrúpa Oiliúna Náisiúnta um Sheirbhísí Údaráis Áitiúil (GONSÚA) agus tá sé tacaithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáid (RCAC). Féachtar leis le cumas 29,000 ball foirne údaráis áitiúil agus 949 comhalta tofa a fhorbairt tuilleadh chun tionscnaimh uaillmhianacha um ghníomhú ar son na haeráide a sholáthar, lena n-áirítear spriocanna údaráis áitiúil maidir le hastaíochtaí laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh agus athléimneacht aeráide chomh maith le tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide i gcoitinne a chumasú, a éascú agus a chomhordú ar an leibhéal áitiúil agus pobail.<br><br>Tá an clár oiliúna uathúil ar fud bhardais na hEorpa ó thaobh líon na rannpháirtithe a dhírítear orthu chun an earnáil rialtais áitiúil ina hiomláine a athshuíomh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide ar fud a réimse iomláin seirbhísí agus feidhmeanna. |
| **Cuspóirí** | Agus é ag díriú ar 29,000 ball foirne agus 949 comhalta tofa, áirítear le cuspóirí an LACATP:<br>• Feasacht a mhúscailt maidir le ról na n-údarás áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide a threorú ar an leibhéal áitiúil agus pobail.<br>• Cumas na bhfoirne um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt chun bearta áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide a sholáthar i bhfeidhmeanna uile na n-údarás áitiúil.<br>• Leas a bhaint as ról ceannaireachta chomhaltaí tofa na n-údarás áitiúil agus na mball foirne sinsearach maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide.<br>• Cumhacht a thabhairt d'fhoireann na n-údarás áitiúil chun athrú iompraíochta a chur chun cinn agus gníomhú dearfach ar son na haeráide a spreagadh ar fud na bpobal áitiúil.<br>• Foireann na n-údarás áitiúil a spreagadh chun bearta praiticiúla um ghníomhú ar son na haeráide lasmuigh a chur chun feidhme.<br>• Beartas aeráide a aistriú agus gníomhú ar son na haeráide a leabú i bhfeidhmeanna údaráis áitiúil ar leith. |

| | |
|---|---|
| **Cuspóirí** | Baineadh na cuspóirí sin amach go dtí seo trí 422 lá d'imeachtaí oiliúna a sholáthar thar réimse cúrsaí oiliúna faoi na sé cholún oiliúna den Chlár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide dar teideal: Tacú le Ceannaireacht; Feasacht a Mhúscailt; Cumas a Fhorbairt; Athrú a Chumhachtú; Gníomh a Sheachadadh; agus Beartas um Chur i bhFeidhm. Díríonn gach colún oiliúna ar ghrúpaí sonracha laistigh den údarás áitiúil.<br><br>Mar shampla, faoin gcolún Tacú le Ceannaireacht a Chur Chun Cinn, díríodh ar ghrúpáil cheannaireachta gach údaráis áitiúil lena n-áirítear an lucht ardbhainistíochta agus comhaltaí tofa, agus ghlac breis agus 1,300 duine páirt ann. Faoin gcolún Feasacht a Mhúscailt, díríodh ar bhaill foirne uile údaráis áitiúil (ó ghráid 3 go 7) agus rinne thart ar 14,000 ball foirne an cúrsa sin go dtí seo. |
| **Conas a forbraíodh an tionscnamh** | Forbraíodh Clár Oiliúna um Ghníomhú Aeráide na nÚdarás Áitiúil mar fhreagra ar ghníomhaíocht 150 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019, inar iarradh 'tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt cheannaireacht agus inniúlachtaí údaráis áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide.' Mar chuid dá gclár oibre ag an am sin, d'ullmhaigh an ORGAnna Straitéis Oiliúna lenar sainaithníodh na riachtanais oiliúna a d'fhéadfadh a bheith ag an earnáil rialtais áitiúil i dtreo acmhainn a fhorbairt chun gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach, chomh maith leis na príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha a theastaíonn chun na riachtanais oiliúna sin sholáthar.<br>Chuir an Straitéis Oiliúna le forbairt Plean Oiliúna a bhí dírithe ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Straitéis Oiliúna a bhaint amach. Leagadh amach leis an bPlean Oiliúna riachtanais oiliúna ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha na hearnála rialtais áitiúil chun na hoibleagáidí atá ar an earnáil a chomhlíonadh maidir lena bearta um ghníomhú ar son na haeráide féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme, chomh maith le hacmhainn a fhorbairt laistigh den earnáil chun gníomhú ar son na haeráide a threorú, a chomhordú agus a éascú ar an leibhéal áitiúil agus pobail. D'fhaomh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC) agus Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) an Plean Oiliúna in 2019, Forbraíodh Clár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil 2020-2023 chun Plean Oiliúna um Ghníomhú Aeráide na nÚdarás Áitiúil a sholáthar ar bhonn oibríochtúil trí shraith de cholúin oiliúna a cuireadhar bun chun díriú ar ghrúpaí sonracha agus chun freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha na hearnála. Is iad seo na sé cholún oiliúna:<br>• Tacú le Ceannaireacht<br>• Feasacht a Mhúscailt<br>• Acmhainn a Fhorbairt<br>• Athrú a Chumhachtú<br>• Gníomh a Sholáthar<br>• Beartas um Chur i bhFeidhm<br><br>Agus an réimse cúrsaí oiliúna faoi na colúin oiliúna á fhorbairt, d'oibrigh na ORGAnna le comhpháirtithe saineolacha ar bhealach an-chomhoibritheach chun aschuir fhiúntacha a fhorbairt agus a sholáthar ar mhaithe le foireann an údaráis áitiúil agus na gcomhaltaí tofa. Rinneadh é seo ar bhealach comhordaithe inar oibrigh na ORGAnna le páirtithe leasmhara (Mar shampla, an earnáil oideachais tríú leibhéal, saineolaithe ábhair, agus soláthraithe oiliúna eile) ar bhonn aonair agus, in go leor cásanna, le chéile, chun oiliúint a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar. Sampla de sin is ea an clár Acmhainn a Fhorbairt inar oibrigh páirtithe leasmhara ar leith le chéile ó chéim an deartha go dtí soláthar cláir uathúil do bhaill Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide na n-údarás áitiúil idir 2021-2023. |

## **Cás-Staidéar a Ceathair** (Ar lean)

| | |
|---|---|
| **Conas a forbraíodh an tionscnamh** | Ó cuireadh tús leis in 2020, tá cúrsaí oiliúna saincheaptha forbartha agus curtha ar fáil ag an LACATP do bhaill foirne na n-údarás áitiúil chun cur lena gcumas spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Mar thoradh air sin, rinneadh cúrsaí ar an athrú aeráide a phríomhshruthú i bpleananna agus i mbeartais uile an údaráis áitiúil lena n-áirítear, Pleananna Forbartha Contae, Pleananna Limistéir Áitiúil, Pleananna Soláthair Seirbhíse, etc. Tá an earnáil rialtais áitiúil ag aistriú chun iarrachtaí áitiúla a threorú agus a spreagadh mar chuid de spriocanna náisiúnta a bhaint amach, ag cuidiú agus ag tacú le gach earnáil a gcuid spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide féin a bhaint amach agus Criosanna Dícharbónaithe (CDanna) a ghníomhachtú i ngach limistéar údaráis áitiúil. Tríd an acmhainn a fhorbrófar laistigh d'earnáil na n-údarás áitiúil tríd an gClár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide, bainfidh gach saoránach leas anois as cinnteoireacht níos eolasaí maidir le gníomhú ar son na haeráide, beartais níos fearr lena mbreithnítear an t-athrú aeráide go hiomlán, chomh maith le gníomhú feabhsaithe aeráide trí fhorbairt na pleananna gníomhaíochta um aeráid lena mbainfear amach spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide agus lena n-éascófar an gníomhú áitiúil ar son na haeráide freisin.<br><br>Bhí an LACATP maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC). Gheall an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maoiniú dar luach €2,175,000 i gcomhair an chláir thar an tréimhse ceithre bliana 2020-2023. Ba í Comhairle Contae Chill Dara, mar an príomhúdarás d'Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide an Oirthir agus an Láir Tíre (ARGO) a bhainistigh soláthar an chláir oiliúna, i gcomhar le Comhairle Contae Thiobraid Árann, mar phríomhúdarás Ghrúpa Oiliúna Náisiúnta Sheirbhísí an Údaráis Áitiúil (GONSÚA). |
| **Amlíne** | Agus an Straitéis Oiliúna agus an Plean Oiliúna forbartha agus faofa in 2019, cuireadh tús leis an LACATP in 2020 agus táthar ag súil go gcríochnófar an chéad chéim (riachtanais ghearrthéarmacha) ag deireadh 2023. Ó cuireadh tús leis an gclár, tá na ORGAnna ag obair go leanúnach le comhpháirtithe saineolacha chun gach cúrsa a fhorbairt, a thástáil agus a chur ar bhonn píolótach, ag ag beachtú gnéithe go hatriallach nuair is gá. Rinneadh gach cúrsa a rolladh amach ansin ar bhonn céimnithe chuig an spriocfhoireann údaráis áitiúil i gcoitinne agus chuig na comhaltaí tofa. Le tacaíocht do sholáthar an chláir agus agus bainistiú an chláir a rinne GONSÚA. Soláthraíodh thart ar 23,000 áit thar an tsraith rcolún oiliúna go dtí seo agus leanadh le hoiliúint bhreise a sholáthar go dtí deireadh 2023. |
| **Sainaithin an limistéar/na limistéir seirbhíse a raibh tionchar ag an dúshlán orthu** | D'oibrigh aidhmeanna an chláir oiliúna chun acmhainn a fhorbairt agus gnéithe um ghníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú thar raon iomlán seirbhísí agus feidhmeanna na n-údarás áitiúil agus, maidir leis sin, chlúdaigh sé réimse topaicí suntasacha éagsúla é lena n-áirítear:<br>**Aoisbhách –** lena gcuirtear gníomhú aeráide chun cinn trí thionscnaimh aoisbháúla.<br>**Caighdeán an Aeir –** ina dtugtar ar chaighdeán an aeir mar chomhthairbhe as gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a dhéanamh agus as torthaí sláinte agus folláine a bhaint amach.<br>**Rialú Foirgneamh –** gá le héifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe ar fud na timpeallachta tógtha; forfheidhmiú rátála fuinnimh; forfheidhmiú rialachán foirgníochta; Forfheidhmiú rialachán táirgí foirgníochta.<br>**Tacaíocht Gnó & Fiontraíochta –** lena sainaithnítear na deiseanna eacnamaíocha is féidir a bhaint amach agus gníomhú ar son na haeráide á dhéanamh agus réitigh ghlasaithe do ghnólachtaí agus d'fhiontair a ionchorprú chun iomaíochas a choinneáil ar bun. |

| Sainaithin an limistéar/ na limistéir seirbhíse a raibh tionchar ag an dúshlán orthu | **Cosaint Shibhialta –** cúnamh pobail cosanta sibhialta; freagairt éigeandála cosanta sibhialta ar theagmhais adhaimsire.<br>**Forbairt Pobail –** tacú le gníomhú ar son na haeráide ar an leibhéil pobail agus athrú iompraíochta a chur chun cinn agus aistriú cothrom agus cóir chuig aeráidneodracht a bhaint amach.<br>**Maoiniú Pobail –** tacú le baill foirne pobail agus le hoifigigh phobail um ghníomhú ar son na haeráide pobail maidir le tionscnaimh a chur chun cinn, athrú iompraíochta agus maoiniú pobail a chur chun feidhme chun torthaí aeráide a uasmhéadú.<br>**Bainistíocht Forbartha –** gníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú mar chroíphrionsabal na hinbhuanaitheachta mar chuid de phleanáil úsáide talún agus forbartha agus cur chun feidhme i gcomhthéacs athléimneacht i leith an athraithe aeráide a fhorbairt. Mar shampla, bainistíocht tuilte; teas uirbeach a chomhrac agus dul i ngleic le foinse astaíochtaí trí iompar comhtháite agus bainistíocht úsáide talún; dlúthfhás agus aistriú córa iompair a chur chun cinn.<br>**Feasacht Chomhshaoil –** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach trí ghníomhú ar son na haeráide; aeráid trí lionsa tionscnamh um fheasacht chomhshaoil; cumarsáide faoin aeráid a dhéanamh.<br>Cosaint an Chomhshaoil – cosaint na timpeallachta nádúrtha agus réitigh dhúlrabhunaithe ar an athrú aeráide a chur chun cinn; tionscnaimh feasachta bithéagsúlachta; faisnéis agus comhairle ar bhithéagsúlacht; tionscnaimh pailneoirí.<br>**Sláinte agus Folláine –** tionscnaimh sláinte agus folláine chun díriú ar thorthaí sláinte níos fearr ó ghníomhaíochtaí aeráide a sholáthar ar an leibhéal pobail agus an leibhéal aonair.<br>**Oidhreacht –** cosaint agus athléimneacht na hoidhreachta tógtha; scéim infheistíochta don oidhreacht thógtha; deontas oidhreachta contae; tionscnaimh athnuachana oidhreachta; tacaíocht ó choiste comhairleach na séadchomharthaí stairiúla; tionscnaimh sheachtain náisiúnta na gcrann.<br>**Cothabháil Tithíochta –** iarfheistiú tithe chun spriocanna a bhaint amach agus comhthairbhí a bhaint as billí fuinnimh laghdaithe, torthaí feabhsaithe maidir le caighdeán an aeir agus an tsláinte; deisiúcháin agus cothabháil tithíochta; uasghráduithe teirmeacha tithíochta.<br>**Pleananna Údaráis Áitiúil –** breithnithe aeráide a phríomhshruthú isteach i bpleananna lena n-áirítear plean gníomhaíochta bithéagsúlachta; straitéis um oiriúnú don aeráid; pleananna forbartha; plean gníomhaíochta um athrú aeráide; plean corparáideach; plean oidhreachta; pleananna ceantair áitiúil; straitéis forbartha áitiúla; straitéis iompair; straitéis bainistíochta crann; straitéis fuinnimh gaoithe.<br>**Bainistíocht Móréigeandálaí –** eolas agus comhairle ar mhórtheagmhais éigeandála; bainistíocht móréigeandála mar fhreagra ar theagmhais adhaimsire.<br>**Cothabháil Bóithre –** tionchair an athraithe aeráide ar bhóithre agus tacaíocht chun breithnithe aeráide a chomhtháthú i gcaighdeáin deartha; cothabháil droichead; bainistiú draenacha agus silteán; iarfheistiú agus cothabháil an tsoilsithe poiblí ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh; cothabháil dromchlaí bóthair; cothabháil gheimhridh bóithre.<br>**Gréasáin Bhóithre –** spleáchas ar charranna a laghdú; aistriú córa iompair agus soláthar bonneagair taistil ghníomhaigh a chur chun cinn.<br>**Adhaimsir –** comhordú freagartha; cothabháil cosanta tuilte; scéimeanna faoisimh tuilte; freagairt éigeandála ar adhaimsir. |
|---|---|

# **Cás-staidéar a Ceathair** (Ar lean)

| | |
|---|---|
| **Sainaithin an limistéar/na limistéir seirbhíse a raibh tionchar ag an dúshlán orthu** | **Trácht agus Páirceáil –** áiseanna páirceála agus taistil; cruthú áite chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn agus chun spleáchas ar iompar i gcarranna a laghdú; iompar poiblí a chur chun cinn.<br>**Bainistiú Dramhaíola –** Rialacháin maidir le saoráidí dramhaíola a Fhorfheidhmiú, an geilleagar ciorclach a chur chun cinn.<br>**Cáilíocht an Uisce –** monatóireacht ar cháilíocht uisce abhann agus locha; monatóireacht ar shreabhadh abhann; cothabháil greillí sruthán. |
| **Torthaí** | Trí Chlár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil (LACATP) a sholáthar thar an tréimhse ceithre bliana 2020-2023, rinneadh cúrsaí iomadúla faoi na sé cholún oiliúna a fhorbairt, a chur ar bhonn píolóta, a bheachtú agus a sholáthar ar fud na tíre do bhall foirne na n-údarás áitiúil agus do na comhaltaí tofa. Ar an iomlán agus go dtí seo, cuireadh oiliúint ar fáil thar 422 lá oiliúna do bhaill foirne i róil agus gráid éagsúla ar fud na hearnála agus bhí thart ar 23,000 áit glactha ag rannpháirtithe thar raon na gcúrsaí.<br>I ndiaidh dóibh cúrsa oiliúna amháin nó níos mó a dhéanamh, thug foireann na n-údarás áitiúil agus na comhaltaí tofa an t-eolas sin ar ais leo chuig a róil reatha agus dá róil amach anseo agus thosaigh siad ag ionchorprú / ag príomhshruthú breithnithe an athraithe aeráide agus tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide ina gcláir oibre chomh maith le gach plean agus beartas údaráis áitiúil, lena n-áirítear pleananna forbartha contae, pleananna ceantair áitiúil, agus pleananna soláthair seirbhíse.<br>Mar gheall ar chomh maith is a d'éirigh leis an gclár go dtí seo, d'iarr ranna eile rialtais eolas agus comhairle ó na ORGAnna agus GONSÚA maidir lena gcláir oiliúna féin um ghníomhú ar son na haeráide a rolladh amach sna ranna rialtais ar fad agus san earnáil phoiblí i gcoitinne. |
| **Eochairthorthaí agus/nó bacainní don údarás áitiúil** | **Príomhcheachtanna**<br>Thar na ceithre bliana, chuir an LACATP oiliúint ar líne, oiliúint hibrideach agus oiliúint phearsanta ar fáil. Bhí sé sin ar cheann de na chéad chláir oiliúna údaráis áitiúil a cuireadh ar fáil mar seo.<br>Bhí an cur chuige a glacadh solúbtha agus nuálach de réir mar a cuireadh ceachtanna san áireamh. Mar thoradh ar an modheolaíocht, rinneadh na freagraí oiliúna a chur ar aghaidh agus a leasú chun athruithe ar an timpeallacht pholaitiúil agus ar bheartais atá ag teacht chun a chur san áireamh.<br>Ina theannta sin, lena sholáthar, tugadh aghaidh ar na dúshláin a bhí ann mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus na srianta sláinte poiblí a bhain leis agus agus chuathas i ngleic leo. Bhí an clár oiliúna ilghnéitheach dá réir sin agus léirigh sé solúbthacht gan cur isteach ar cháilíocht ná ar thaithí oiliúna na spriocghrúpaí oiliúna. |
| **Eochairthorthaí agus/nó bacainní don údarás áitiúil** | Leis an oiliúint a cuireadh ar fáil go dtí seo, baineadh amach a cuid cuspóirí maidir le feasacht a mhúscailt agus chun acmhainn fhoireann na n-údarás áitiúil a fhorbairt agus glacadh go maith leis na cúrsaí oiliúna. Mar sin féin, is gá bheith dírithe agus ábhartha i gcónaí ach fós solúbtha lena chinntiú go mbeidh an oiliúint amach anseo ag teacht le riachtanais, uaillmhianta, agus soláthar éifeachtach na hearnála ar ghníomhú ar son na haeráide chun ionchais áitiúla agus náisiúnta a chomhlíonadh. |
| **Eolas breise** | Clár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil – Eolas ar Chúrsaí Oiliúna Oiliúint & Imeachtaí - ORGA<br>Clár Oiliúna um Gníomhú ar son na haeráide na nÚdarás Áitiúil – Tuilleadh Oiliúint um um Ghníomhú Aeráid na nÚdaráis Áitiúil \| LASNTG |

# Leabharliosta

Boyle, R., (2020) Sásamh Custaiméirí a Thomhas sa Rialtas Áitiúil, Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin (IPA)

Rialtas na hÉireann (2023) Seirbhísí Poiblí níos Fearr, Baile Átha Cliath: DPER NDP Soláthar agus Leasú

Robson, C. (2002). Real World Research: A Resource for Social Scientists and Practitioner-Researchers. United Kingdom: Wiley.



# Aguisín

## Aguisín 1
## Seirbhísí Digiteacha: Aois, Inscne agus Réigiún

Tábla 25: Éascaíocht rochtana ar sheirbhísí digiteacha údaráis áitiúil de réir iomlán, inscne, aoise agus réigiúin

| | | Inscne | | Aoise | | | | | | Reigiún | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Éascaíocht Úsáide | Gach Ceann | Fear | Bean | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | BÁC | ACEL | Mum. | Conn/ Ul |
| N= | 2,066 | 1,010 | 1,052 | 227 | 352 | 435 | 371 | 289 | 392 | 597 | 554 | 552 | 363 |
| Glanlíon Éasca | 47% | 47% | 46% | 49% | 45% | 54% | 49% | 47% | 38% | 48% | 44% | 49% | 46% |
| Glanlíon Deacair | 7% | 8% | 6% | 7% | 9% | 8% | 6% | 7% | 7% | 8% | 6% | 7% | 8% |
| Glanlíon na nDaoine a bhí Neodrach | 46% | 44% | 48% | 44% | 47% | 39% | 45% | 46% | 55% | 44% | 50% | 44% | 47% |

| **_Eochair Eolais_** | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

Tábla 26: Bacainní rochtana de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin

| | | Inscne | | Aoise | | | | | | Reigiún | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bacainní Rochtana | Gach Ceann | Fear | Bean | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | BÁC | ACEL | Mum. | Conn/ Ul |
| N= | 2,066 | 1,010 | 1,052 | 227 | 352 | 435 | 371 | 289 | 392 | 597 | 554 | 552 | 363 |
| Easpa faisnéise maidir le Seirbhísí Ar Líne | 48% | 45% | 50% | 59% | 53% | 44% | 43% | 47% | 45% | 46% | 51% | 46% | 46% |
| Míchompordach maidir le Teicneolaíocht a Úsáid | 41% | 36% | 46% | 38% | 36% | 35% | 44% | 48% | 45% | 42% | 41% | 38% | 42% |
| Deacair an tSeirbhís a Úsáid/ do Bhealach a Dhéanamh Tríthi | 34% | 34% | 33% | 30% | 37% | 34% | 32% | 38% | 30% | 38% | 31% | 32% | 33% |
| Ní Maith Liom Mo Shonraí A Thabhairt Ar Líne | 32% | 28% | 35% | 29% | 27% | 33% | 33% | 34% | 33% | 33% | 31% | 30% | 33% |
| Easpa Rochtana ar an Idirlíon | 29% | 24% | 33% | 20% | 24% | 26% | 32% | 38% | 31% | 25% | 30% | 29% | 32% |
| Easpa Rochtana ar Ghléas | 27% | 22% | 31% | 20% | 21% | 25% | 28% | 34% | 30% | 26% | 27% | 27% | 27% |
| Easpa Tacaíochtaí Inrochtaineachta | 22% | 22% | 23% | 27% | 27% | 24% | 19% | 23% | 16% | 24% | 18% | 26% | 21% |
| Eile | 2% | 2% | 2% | 0% | 2% | 1% | 4% | 3% | 3% | 2% | 2% | 2% | 2% |
| Gan aon Cheann Acu Sin | 17% | 17% | 17% | 13% | 20% | 17% | 18% | 16% | 18% | 17% | 16% | 19% | 16% |

| **_Eochair Eolais_** | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

Tábla 27: Tacaíochtaí an údaráis áitiúil de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin

| | | Inscne | | Aoise | | | | | | Reigiún | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Údarás Áitiúil Tacaíochtaí | Gach Ceann | Fear | Bean | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | BÁC | ACEL | Mum. | Conn/ Ul |
| N= | 2,066 | 1,010 | 1,052 | 227 | 352 | 435 | 371 | 289 | 392 | 597 | 554 | 552 | 363 |
| Tacaíocht le hÚsáid Ar Líne inOifigí ÚÁ | 50% | 44% | 55% | 40% | 43% | 44% | 52% | 60% | 58% | 52% | 49% | 50% | 46% |
| Fógraíocht Níos Fearr ar Sheirbhísí Ar Líne | 49% | 49% | 48% | 49% | 46% | 46% | 47% | 52% | 53% | 47% | 49% | 49% | 47% |
| Tacaíocht Fón | 47% | 43% | 50% | 35% | 35% | 40% | 52% | 61% | 56% | 47% | 43% | 50% | 46% |
| Níos Mór Roghanna Wi-Fi Poiblí | 46% | 44% | 48% | 49% | 47% | 47% | 43% | 49% | 43% | 45% | 44% | 50% | 45% |
| Oiliúint i Scileanna Digiteacha Saor in Aisce | 41% | 36% | 47% | 33% | 41% | 41% | 37% | 45% | 47% | 41% | 44% | 39% | 42% |
| Comhrá Ar Líne | 41% | 37% | 45% | 41% | 45% | 46% | 41% | 38% | 32% | 43% | 38% | 41% | 43% |
| Rochtain Phoiblí ar Ríomhairí | 40% | 37% | 43% | 40% | 36% | 36% | 40% | 42% | 47% | 39% | 37% | 42% | 44% |
| Eile | 2% | 2% | 1% | 0% | 2% | 2% | 2% | 0% | 2% | 2% | 2% | 2% | 1% |
| Gan aon Cheann Acu Sin | 7% | 7% | 6% | 7% | 11% | 8% | 3% | 5% | 5% | 5% | 8% | 7% | 7% |

| ***Eochair Eolais*** | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

# Aguisín 2
## Gníomhú ar son na hAeráide: Aois, Inscne agus Réigiún

Tábla 28: Feasacht maidir le soláthar/ freagracht maidir le gníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin

| | | Inscne | | Aoise | | | | | | Reigiún | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí** | **Gach Ceann** | **Fear** | **Bean** | **18-24** | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **65+** | **BÁC** | **ACEL** | **Mum.** | **Conn/ UL** |
| **N=** | **2,066** | **1,010** | **1,052** | **227** | **352** | **435** | **371** | **289** | **392** | **597** | **554** | **552** | **363** |
| Bainistíocht Éigeandálaí/ Adhaimsire | 53% | 51% | 55% | 37% | 40% | 51% | 59% | 63% | 64% | 47% | 55% | 60% | 50% |
| Bainistíocht Tuilte/Creimthe Cósta | 48% | 52% | 45% | 41% | 41% | 45% | 51% | 54% | 57% | 45% | 43% | 60% | 46% |
| An Geilleagar Ciorclach | 48% | 48% | 47% | 39% | 39% | 45% | 50% | 55% | 56% | 49% | 45% | 50% | 46% |
| Feabhas ar an mBithéagsúlacht | 48% | 47% | 48% | 44% | 46% | 46% | 41% | 54% | 54% | 46% | 50% | 49% | 44% |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh Pobail | 47% | 46% | 48% | 36% | 39% | 48% | 49% | 51% | 54% | 46% | 46% | 49% | 46% |
| Cothaigh. Iompar / Taisteal Gníomhach | 46% | 46% | 47% | 46% | 44% | 44% | 47% | 50% | 46% | 46% | 40% | 55% | 42% |
| Tacaíocht Deontas CA | 37% | 35% | 38% | 35% | 33% | 36% | 36% | 36% | 42% | 30% | 39% | 40% | 38% |
| Feasacht ar Athrú Aeráide | 33% | 33% | 33% | 35% | 33% | 34% | 28% | 33% | 36% | 31% | 34% | 35% | 32% |
| Teicneolaíocht Fuinnimh In-athnuaite a Mhéadú | 33% | 33% | 33% | 36% | 31% | 34% | 34% | 31% | 31% | 29% | 33% | 37% | 31% |
| Tacaíocht d'Fhiontair Ghlasa | 29% | 29% | 29% | 29% | 24% | 30% | 32% | 30% | 29% | 27% | 31% | 30% | 27% |
| Réitigh Nádúrtha CA a Chur Chun Cinn | 29% | 30% | 27% | 30% | 31% | 30% | 27% | 24% | 29% | 29% | 26% | 31% | 28% |
| Gan aon Cheann Acu Sin | 13% | 13% | 12% | 13% | 18% | 13% | 11% | 11% | 10% | 12% | 14% | 11% | 16% |

| ***Eochair Eolais*** | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

Tábla 29: Tionscnaimh ar chóir don údarás a bheith níos baintí iontu de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin

| | | Inscne | | Aoise | | | | | | Reigiún | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Seirbhísí** | **Gach Ceann** | **Fear** | **Bean** | **18-24** | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **65+** | **BÁC** | **ACEL** | **Mum.** | **Conn/ Ul** |
| **N=** | **2,066** | **1,010** | **1,052** | **227** | **352** | **435** | **371** | **289** | **392** | **597** | **554** | **552** | **363** |
| Feabhas ar an mBithéagsúlacht | 52% | 50% | 53% | 42% | 49% | 47% | 50% | 61% | 59% | 49% | 51% | 55% | 52% |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh Pobail | 51% | 51% | 51% | 51% | 47% | 48% | 52% | 52% | 55% | 49% | 51% | 51% | 53% |
| Cothaigh. Iompar / Taisteal Gníomhach | 49% | 49% | 49% | 47% | 48% | 48% | 52% | 51% | 47% | 47% | 49% | 49% | 53% |
| Teicneolaíocht Fuinnimh In-athnuaite a Mhéadú | 48% | 47% | 50% | 56% | 48% | 42% | 49% | 51% | 50% | 44% | 53% | 49% | 48% |
| An Geilleagar Ciorclach | 48% | 49% | 47% | 40% | 41% | 44% | 51% | 53% | 55% | 47% | 47% | 50% | 46% |
| Bainistíocht Éigeandálaí/ Adhaimsire | 48% | 47% | 48% | 37% | 41% | 42% | 51% | 53% | 59% | 43% | 46% | 53% | 49% |
| Feasacht ar Athrú Aeráide | 45% | 41% | 48% | 46% | 47% | 43% | 39% | 48% | 45% | 43% | 43% | 49% | 44% |
| Tacaíocht Deontas CA | 43% | 40% | 46% | 31% | 38% | 41% | 46% | 51% | 49% | 38% | 44% | 45% | 46% |
| Tacaíocht d'Fhiontair Ghlasa | 42% | 39% | 46% | 37% | 42% | 39% | 43% | 46% | 46% | 42% | 43% | 43% | 39% |
| Bainistíocht Tuilte/Creimthe Cósta | 42% | 41% | 42% | 30% | 33% | 37% | 44% | 49% | 54% | 39% | 37% | 48% | 44% |
| Réitigh Nádúrtha CA a Chur Chun Cinn | 38% | 37% | 39% | 36% | 41% | 39% | 38% | 39% | 37% | 34% | 40% | 39% | 41% |
| Gan aon Cheann Acu Sin | 9% | 9% | 8% | 8% | 12% | 9% | 8% | 8% | 6% | 11% | 9% | 6% | 8% |

| ***Eochair Eolais*** | An pointe is airde | An pointe is ísle |
|---|---|---|

Tábla 30: Gníomhaíochas freagróirí maidir le gníomhú ar son na haeráide de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin

| | | Inscne | | Aoise | | | | | | Reigiún | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aeráid Gníomhaíochtaí | Gach Ceann | Fear | Bean | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | BÁC | ACEL | Mum. | Conn/ Ul |
| N= | 2,066 | 1,010 | 1,052 | 227 | 352 | 435 | 371 | 289 | 392 | 597 | 554 | 552 | 363 |
| Úsáid Fuinnimh Tí a Íoslaghdú | 90% | 88% | 93% | 87% | 87% | 88% | 91% | 95% | 94% | 88% | 90% | 92% | 91% |
| Ceannaigh ó Tháirgeoirí Áitiúla/ Tacaigh leTáirgeoirí Áitiúla | 81% | 79% | 82% | 73% | 78% | 76% | 85% | 84% | 88% | 72% | 84% | 86% | 82% |
| Taisteal Inbhuanaithe | 61% | 63% | 59% | 78% | 67% | 56% | 54% | 56% | 63% | 74% | 58% | 58% | 49% |
| Iarfheistiú Tí | 30% | 33% | 27% | 21% | 25% | 29% | 31% | 27% | 40% | 27% | 33% | 29% | 30% |
| Rianú Do Chuid Astaíochtaí Féin | 22% | 23% | 20% | 22% | 28% | 23% | 21% | 16% | 19% | 22% | 23% | 21% | 20% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Tábla 31: Topaicí gníomhaithe ar son na haeráide ar chóir don údarás áitiúil a chur in iúl níos minice de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin

| | | Inscne | | Aoise | | | | | | Reigiún | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhú ar son na hAeráide Topaicí | Gach Ceann | Fear | Bean | 18-24 | 25-34 | 35-44 | 45-54 | 55-64 | 65+ | BÁC | RoL | Mum. | Conn/ Ul |
| N= | 2,066 | 1,010 | 1,052 | 227 | 352 | 435 | 371 | 289 | 392 | 597 | 554 | 552 | 363 |
| Ullmhú d'Adhaimsir | 76% | 72% | 79% | 69% | 65% | 75% | 79% | 82% | 82% | 72% | 75% | 80% | 75% |
| Bonneagar Agus Seirbhísí CA | 70% | 71% | 68% | 75% | 66% | 70% | 70% | 72% | 69% | 69% | 70% | 71% | 70% |
| Tairbhí CA | 68% | 66% | 70% | 77% | 66% | 65% | 66% | 68% | 70% | 68% | 69% | 69% | 65% |
| Tacaíochtaí Pobail CA | 66% | 64% | 69% | 72% | 67% | 67% | 64% | 67% | 64% | 66% | 66% | 71% | 61% |
| Spriocanna Astaíochta ÚA a Bhaint Amach | 64% | 63% | 64% | 61% | 62% | 63% | 64% | 67% | 65% | 61% | 66% | 66% | 61% |
| Suíomhanna Gréasáin Astaíochtaí Aeir/ a Rianú | 62% | 62% | 62% | 66% | 61% | 64% | 63% | 57% | 62% | 61% | 64% | 63% | 61% |
| Deiseanna Gnó CA | 57% | 57% | 58% | 69% | 59% | 56% | 57% | 54% | 52% | 55% | 56% | 63% | 54% |
| Glanlíon Neodrach maidir le Gach Ceann (Lena n-áirítear N=159) | 8% | 7% | 8% | 6% | 11% | 9% | 6% | 6% | 7% | 7% | 8% | 7% | 10% |
| Diúltú do Gach Ceann (Lena n-áirítear N=55) | 3% | 4% | 2% | 2% | 4% | 3% | 4% | 2% | 1% | 3% | 2% | 3% | 3% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

Tábla 32: Bealaí oiriúnacha cumarsáid a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide de réir iomláin, inscne, aoise agus réigiúin

| | | Inscne | | Aoise | | | | | | Reigiún | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cumarsáid Bealaí** | **Gach Ceann** | **Fear** | **Bean** | **18-24** | **25-34** | **35-44** | **45-54** | **55-64** | **65+** | **BÁC** | **ACEL** | **Mum.** | **Conn/ Ul** |
| **N=** | **2,066** | **1,010** | **1,052** | **227** | **352** | **435** | **371** | **289** | **392** | **597** | **554** | **552** | **363** |
| Nuachtán/ Raidió | 78% | 77% | 79% | 75% | 76% | 76% | 78% | 78% | 83% | 75% | 78% | 83% | 75% |
| Na Meáin Shóisialta | 75% | 72% | 78% | 81% | 80% | 77% | 78% | 74% | 61% | 71% | 75% | 79% | 74% |
| Cruinniú Poiblí | 69% | 68% | 70% | 73% | 66% | 69% | 67% | 71% | 70% | 65% | 68% | 73% | 69% |
| Nuachtlitir Foláirimh Téacs | 65% | 65% | 66% | 64% | 60% | 61% | 65% | 71% | 72% | 63% | 66% | 68% | 65% |
| Clinicí Tiomnaithe Rannpháirtíoch-ta | 48% | 49% | 47% | 46% | 50% | 49% | 48% | 48% | 45% | 46% | 48% | 51% | 46% |
| Glanlíon Neodrach maidir le Gach Ceann (Lena n-áirítear N=132) | 6% | 6% | 7% | 6% | 10% | 7% | 6% | 5% | 5% | 5% | 6% | 6% | 9% |
| Diúltú do Gach Ceann Lena n-áirítear N=67) | 3% | 5% | 2% | 5% | 4% | 3% | 4% | 2% | 2% | 4% | 3% | 1% | 4% |

***Eochair Eolais*** An pointe is airde | An pointe is ísle

# Nótaí

LGMA
Local Government
Management Agency

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

CCMA
Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association